# Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2016-2022

## Aguisín 1

## Próifíl an Chonta

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Clár Ábhar


## Caibidil 1 Dún na nGall, Áit Uathúil & Nasctha

1.0 Ag tabhairt sainmhíniú maidir le Dún na nGall – an Geatabhealach, na hOileáin, an Ghaeltacht

1.1 Ceantar Feidhme Dhún na nGall/Comhthéacs Trasteorann

1.2 Seirbhísí a Rochtain i gComhthéacs Dhún na nGall
- 1.2.1 Patrúin Lonnaíochta
- 1.2.2 Ag Nascadh Dhún na nGall go Fisiciúil & go Digiteach

1.3 An Líonra Iompair Straitéiseach
- 1.3.1 Bonneagar Iompair
- 1.3.2 Modhanna Iompair

1.4 Anailís Riachtanais Ceantair: Naisc Inbhuanaithe Digiteach agus Fisiciúil

## Caibidil 2 Ár mBailte a Athchumhachtú

2.0 Treochtaí Spásúlachta

2.1 Beogacht Uirbeach
- 2.1.1 Treochtaí Daonra
- 2.1.2 Folúntas agus Tréigean
- 2.1.3 Spriocanna Daonra

2.2 Muintir na mBailte
- 2.2.1 Déimeagrafaíocht
- 2.2.2 Gníomhaíocht Fostaíochta agus Eacnamaíochta
- 2.2.3 Scileanna Oideachais agus Oiliúna

2.3 Anailís Riachtanais Ceantair: Ag cur Treallús faoi Théarnamh Eacnamaíochta ar fud na mBailte

## Caibidil 3 Seirbhísí atá Uilechuimsitheach ó thaobh Cúrsaí Sóisialta a Sheachadadh

3.0 Ag Scrúdú na Díothachta i nDún na nGall

3.1 Pobail a bhfuil sé Deacair Teagmháil a Dhéanamh Leo
- 3.1.1 Daoine atá ina gcónaí faoin tuath
- 3.1.2 Pobail Ghaeltachta

3.1.3 Pobail Cois Cósta & Oileán

3.2 Grúpaí Tuaithe atá Leochaileach
3.2.1 Daoine Óga
3.2.2 Daoine Scothaosta

3.3 Seirbhísí do Phobail Inbhuanaithe
3.3.1 Ionaid Pobail
3.3.2 Oideachas & Foghlaim

3.4 Tithe Inbhuanaithe
3.4.1 Aois na Tithíochta
3.4.2 Úinéireacht na Tithíochta
3.4.3 Comhdhéanamh Líonta Tí
3.4.4 Seirbhísí Tithíochta atá Riachtanach

3.5 Cruthú Fostaíochta Inbhuanaithe
3.5.1 Deiseanna Fostaíochta
3.5.2 Treochtaí Fostaíochta

3.6 Forbairt Scileanna agus Acmhainní Daonna
3.6.1 Bonneagar Oideachais
3.6.2 Leibhéil Ghnóthachtála Oideachais

3.7 Anailís Riachtanais Ceantair: Ag Cur le hUilechuimsitheacht Shóisialta & le hInbhuanaitheacht i bPobail Tuaithe

## Caibidil 4 Ár dTimpeallacht Tuaithe a Chosaint agus Leas a Bhaint Aisti

4.0 Bithsféar atá Fiáin agus Éagsúil

4.1 Sócmhainní Timpeallachta
4.1.1 Láithreáin Natura
4.1.2 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Anaclann Fiadhúlra Eile
4.1.3 Geolaíocht & Tírdhreach

4.2 Ár nAcmhainn Uisce
4.2.1 Cáilíocht Dobharlaigh
4.2.2 Soláthar Uisce Óil
4.2.3 Cáilíocht Uisce Óil
4.2.4 Úsáid Uisce & Uisce Gan Tásc
4.2.5 Líonra Dramhuisce

4.3 Acmhainní Fuinnimh In-athnuaite
Gaoth, Tonn, Bithmhais & Bith-Bharraí, Breosla Iontaise

4.4 Anailís Riachtanais Ceantair: Ár nOidhreacht Nádúrtha agus ár nAcmhainní Uisce a Chosaint agus Leas a bhaint astu

## Caibidil 5 Earnálacha Príomhúla Dhún na nGall

5.0 Geilleagar Bia Áitiúil atá Fuinniúil a Fhorbairt

5.1 Léargas ar an Talmhaíocht i nDún na nGall
- 5.1.1 Treochtaí Talmhaíochta
- 5.1.2 Táirgí & Margaí Talmhaíochta

5.2 Foraoiseacht
- 5.2.1 Úinéireacht Foraoiseachta
- 5.2.2 Comhdhéanamh Speiceas
- 5.2.3 Plandáil Foraoiseachta
- 5.2.4 Grúpaí Úinéireachta Foraoiseachta

5.3 An Earnáil Bia Mara
- 5.3.1 Calafoirt Iascaireachta
- 5.3.2 Feirmeoireacht Éisc
- 5.3.3 Próiseáil Iasc Mara
- 5.3.4 Margaíocht
- 5.3.5 Pobail Iascaireachta Dhún na nGall
- 5.3.6 Taighde, Forbairt & Oiliúint in Earnáil na Mara

5.4 Anailís Riachtanais Ceantair: Earnálacha Príomhúla Dhún na nGall a Fhorbairt

5.5 Gníomhaíocht Eacnamaíochta

## Caibidil 6 Ár nAcmhainn Chultúir a Chur ar Fáil

6.0 Cion Uathúil Cultúrtha agus Oidhreachta

6.1 Bonneagar Cultúrtha

6.2 Na hAmharc-ealaíona

6.3 Na Taibh-ealaíona

6.4 Ealaíona Traidisiúnta

6.5 An Diaspóra

6.6 Féilte

6.7 Scannáin

6.8 Teanga
- 6.8.1 Comhdhéanamh Aoise na gCainteoirí Gaeilge

6.8.2 Labhairt na Gaeilge i nDún na nGall
6.8.3 Bailte Seirbhíse Gaeltachta
6.8.4 Teangacha Nua

6.9 An Earnáil Chruthaitheach

6.10 Ábhar Oidhreachta

6.11 Oidhreacht Thógtha atá Saibhir
6.11.1 Ailtireacht
6.11.2 Seandálaíochta agus Seandálaíocht faoi Uisce

6.12 Anailís Riachtanais Ceantair: Caomhnú trí Rochtain & Cur Chun Cinn

## Caibidil 7 Leas a Bhaint as ár mBuntáiste maidir le Turasóireacht Tuaithe

7.0 Uimhreacha Turasóireachta atá ag Ardú

7.1 Ár Sócmhainní Turasóireachta Tuaithe
7.1.1 Gníomhaíocht agus Eachtraíocht Turasóireachta
7.1.2 Turasóireacht Bia
7.1.3 Turasóireachta Chultúrtha

7.2 Bonneagar & Cóiríocht Turasóireachta
7.2.1 Bonneagar Riachtanach Turasóireachta
7.2.2 Cóiríocht

7.3 Anailís Riachtanais Ceantair: Ag cur lenár mBonn Turasóireachta Atá Láidir

# Caibidil 1: Dún na nGall, Áit Uathúil & Nasctha

## 1.0 Sainmhíniú maidir le Dún na nGall

Tá sé tábhachtach, le léirthuiscint a fháil ar shocheacnamaíoch Dhún na nGall mar atá sé i láthair na huaire, tuiscint a fháil ar an mbealach ar tháinig sé chun cinn agus níl pointe tosaigh níos fearr ná tuiscint a fháil ar thíreolaíocht an chontae. Tá Contae Dhún na nGall suite i gCeantar na Teorann agus tá sé cuimsithe ag an Aigéan Atlantach[1] san iardheisceart, san iarthar agus sa taobh ó thuaidh agus ar an taobh thoir tá contaetha Dhoire, Thír Eoghain, Fhear Manach agus Liatroma. Tá 93% dá theorainn talún iomlán á roinnt ag Dún na nGall le Tuaisceart Éireann agus tá an chuid eile 7% (nó stráice de 9km) á roinnt aige le Contae Liatroma ar an bpointe is faide ó dheas. Is é Contae Dhún na nGall an ceathrú contae is mó sa tír le mais talún de 4,861 km cearnach nó is ionann a achar agus 6.9% d'achar iomlán an Stáit. Tá an tírdhreach éagsúil agus drámatúil, agus cuimsíonn sléibhte, gleannta agus machairí méithe agus lochanna nádúrtha mara, bánna agus leithinsí ann, mar aon le cuid mhór oileán, cuid acu a bhfuil cónaí orthu agus cuid nach bhfuil, a cheantar cósta atá bearnaithe go domhain.

Tá Dún na nGall ar an gcontae is faide ó thuaidh in Éirinn. In ainneoin feabhsuithe agus infheistíocht in iompar agus i gcumarsáid le blianta anuas, tá cuid mhór dá aitheantas uathúil cultúrtha saibhir coinnithe sa choirnéal seo den tír. Tá an bealach ina labhraímid, an bealach ina ndéanaimid ceiliúradh ar a gcuid traidisiún, agus an bealach inar mhair pobail sa chuid is iargúlta agus is deacra san Eoraip, agus iad curtha i dtoll a chéile, mar ghnéithe den saol i nDún na nGall atá chomh bainteach le saol an lae inniu agus a bhí siad na céadta de bhlianta ó shin. Tá múnlú déanta ag an mbealach inar chosnaíomar ár dtír san am a caitheadh, an bealach ina raibh tionchar ag imircigh nua orainn, ar nós, na Plandálaithe, na Ceiltigh, teacht na Críostaíochta agus an bealach inar ndeachaigh lucht ionsaithe ar nós na Lochlannaigh, agus na Normannaigh i bhfeidhm ar ár dtír agus ar ár modh maireachtála, an bealach inar baineadh úsáid as ár n-uiscí cósta mar bhealaí loingseoireachta, an bealach ina rinneamar feirmeoireacht, iascaireacht agus taisteal, agus tá oidhreacht uathúil fágtha againn le cur le pobal atá inbhuanaithe, go sóisialta, go heacnamaíoch agus ó thaobh an chomhshaoil.

**An Geatabhealach**


Ainmníodh Leitir Ceanainn agus Doire mar chomhGheatabhealach sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta sa bhliain 2002. Tá Leitir Ceanainn ar an ionad uirbeach is mó i nDún na nGall le daonra de 19,588 a bhfuil ardú 28% tagtha air ó 2002-2011. Is é an 22ú baile is mó sa tír é (as 197 baile, CSO 2011) agus meastar go dtiocfaidh fás go dtí 23,000 faoi 2016 agus 25,700 faoi 2022 ar an daonra. Tá ardú ó 105,894 go 113,099 duine ón tréimhse 2001/2002 go 2008/2011 tagtha ar dhaonra chomhGheatabhealach Leitir Ceanainn-Doire [2]. Tá réigiún an Gheatabhealaigh follasach mar réigiún atá níos mó go geografach ná lonnaíochtaí Leitir

[1] A thugann an t-imeallbhord mórthíre is mó sa tír dó @ 1,134km

[2] Áiríonn sé seo Ceantar Uirbeach níos leithne Dhoire, lena n-áirítear an Chúil Mhór, Srath Feabhail agus *Newbuildings*

Ceanainn agus Dhoire le tionchar agus deiseanna soiléir ó thaobh comhoibriú eacnamaíoch feadh na teorann, lena n-airítear deiseanna a thagann ó idirnascacht A5 /N14/ N15 ag Leifear agus an Srath Bán.

**Fíor 1: Dún na nGall mar Áit Nasctha**




### Ceantar na Teorann

Tá gné trasteorann suntasach ag Dún na nGall, le 84% dá theorainn buailte ar Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Báin agus Comhairle Ceantar Fhear Manach agus na hÓmaí agus 16% dá theorainn buailte ar Chontae Liatroma. Tá forbairt déanta ag ceantar na teorann mar réigiún uathúil laistigh den Iarthuaisceart agus tá an iliomad dúshláin agus deiseanna uathúla follasach ann do chomhoibriú eacnamaíoch agus d'fhorbairt pobail agus cuirfidh idirnascacht feabhsaithe ag Leifear-an Srath Bán mar thoradh ar nasc A5/N14/N15 leis sin chun acmhainn shuntasach a chur ar fáil le tuilleadh forbartha go heacnamaíoch, go sóisialta agus go cultúrtha a dhéanamh ar an láthair geatabhealaigh seo. Tá tréithe ar leith ag ceantar uathúil na teorann maidir le trádáil, luaineacht airgeadra, stair atá roinnte, cultúr agus oidhreacht, chomh maith le hoidhreacht roinnte agus tionchar na dtrioblóidí. Tá sé sainiúil freisin i dtéarmaí a ról ó thaobh cnámh droma a chur ar fáil don bhonneagar straitéiseach bóithre chun an Chontae. Tá comhpháirtíochtaí suntasacha bunaithe, ar nós Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt, trí chomhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla sa réigiún, mar aitheantas ar fhuinniúlacht trasteorann agus ar mhaithe le cur chuige comhordaithe a chur chun cinn maidir le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta ar bhonn trasteorann.

### Na hOileáin

Tá 13 oileán i nDún na nGall a bhfuil cónaí orthu agus bhí daonra de 796 duine ar na hoileáin sin sa bhliain 2011. Is ionann oileáin Dhún na nGall agus foinse ollmhór nádúrtha le leibhéil

shaibhre bithéagsúlachta a chuireann acmhainn mhór ar fáil don éiceathurasóireacht agus do chineálacha eile forbartha nideoige.

Bhí ról a bhí thar a bheith tábhachtach ag na gnéithe sainiúla go léir atá thuas i dtionchar a bheith acu ar thírdhreach eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil Dhún na nGall sa lá atá inniu ann. Is í seo an chéad chéim thábhachtach i bpróifíliú a dhéanamh ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí atá i ndán don chontae agus i bhforbairt na Straitéise Forbartha Áitiúil a aithníonn an comhthéacs stairiúil agus geografach seo.

**An Ghaeltacht**


Is teanga bheo í an Ghaeilge i nDún na nGall agus breithníonn 69% den daonra iomlán iad féin mar chainteoirí Gaeilge. Tá daonra de 24,744 i nGaeltacht Dhún na nGall agus is ionann é agus 24.5% de dhaonra iomlán na Gaeltachta sa tír[3]; Chomh maith leis sin, cuimsíonn Gaeltacht Dhún na nGall achar geografach de 1,502km². Is ionann é sin agus 26% d'achar talún iomlán na Gaeltachta.

[3] Daonáireamh 2011

## 1.1 Ceantar Feidhme Dhún na nGall/Comhthéacs Trasteorann

Is ceantar uathúil é ceantar na teorann mar a dtagraítear dó sa chuid thuas. Bíonn rochtain ag muintir na teorann, ar gach aon taobh den teorainn, ar sheirbhísí agus ar shaoráidí ar fud an dá dhlínse agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hidirbheartaíocht maidir le haon bhacainní a thagann chun cinn mar thoradh go díreach ar na teorainneacha riaracháin seo. Tá an iliomad naisc ann cheana féin i dtéarmaí rochtain ar oideachas, sláinte, póilíneachta; seirbhísí dóiteáin, obair agus miondíol, srl. Tá forbairt déanta ag an gcaidrimh trasteorann seo ar líon naisc geografach láidre go háirithe ar nós sa Leifear-Srath Bán, Leitir Ceanainn-Ceann an Droichid, Magh – Doire agus Paiteagó – Tulaigh Uí Thiomáin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar suntasach freisin a bheith ag athrú i ndlínse amháin ar an dlínse eile. Ní mór naisc trasteorann den sórt sin a thabhairt san áireamh nuair atáthar ag déanamh forbartha ar aon straitéis le feabhas a chur ar fhorbairt pobail, le bochtaineacht a laghdú agus le dul i ngleic le heisiamh sóisialta.

**Fíor 2: Bonneagar Oideachais i Réigiún an Iarthuaiscirt**





Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council
SPACEial North West Project

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall**
**Bonneagar Oideachais i Réigiún an Iarthuaiscirt**

1:1,155,581
0 10 20 40 mi
0 15 30 60 km


**(Eochair Eolais** *Cúram Leanaí, Bunscoileanna, Iarbhunscoileanna, Tríú Leibhéal, Bailte Móra)*

**Fíor 3: Bonneagar Oideachais i Réigiún an Iarthuaiscirt**




(**Eochair Eolais:** *clóirí, Cógaslanna, Dochtúirí Teaghlaigh, Radharceolaithe, Ospidéil, Bailte Móra)*

**Fíor 4: Seirbhísí Éigeandála agus Seirbhísí Airgeadais i Réigiún an Iarthuaiscirt**





*(***Eochair Eolais** : Stáisiúin Dóiteáin, Comhair Chreidmheasa, Banc Tabhartha, Saoráidí Athchúrsála, Ionad Fóntais Phoiblí, Cur i bhFeidhm an Dlí, <gach luach eile>, Bailte Móra, Oifigí Poist, Buidéil agus Cannaí)

## 1.2 Seirbhísí a Rochtain i gComhthéacs Dhún na nGall

### 1.2.1 Patrúin Lonnaíochtaí

Tá Contae Dhún na nGall ar an gcúigiú contae is mó ina bhfuil daonra scaipthe tuaithe sa tír, le 33.8 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh i gcomparáid leis an meán sa Stát de 67 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh (Féach Tábla 1, Aguisín 1). Is struchtúr uirbeach lag atá sa chontae den chuid is mó le líon mór bailte beaga le díreach 9 lonnaíocht a thagann faoi chatagóir ceantar uirbeach le hos cionn 1,500 áititheoir.

**Fíor 5: Dlús Daonra de réir Ceantar Beag**





(Eochair Eolais r: Líon Daoine in aghaidh an Chiliméadair Chearnaigh, Dlús Daonra, Níos Lú ná 22, Faoin Meán, Os Cionn an Mheáin)

Léiríonn an léarscáil thuas an dlús daonra laistigh de Chontae Dhún na nGall, agus léiríonn ceantar atá scáthaithe ar dhath níos dorcha ceantair ina bhfuil daonra níos dlúithe. Léiríonn an patrún dlúis an roinnt i méid na lonnaíochta san oirthear/iarthar laistigh den Chontae, le formhór na mbailte móra agus na baile ar mheánmhéid suite sa taobh thoir thuaidh agus bailte níos lú sa taobh thiar theas. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn scrúdú ar an athrú sa daonra sa chontae thar an tréimhse 2006 -2011, gur tharla fás níos airde ná an meán feadh Bhealaigh an Oirthir agus timpeall ar Cheantar an Geatabhealaigh Nasctha.

Bhí daonra de 161,137 duine i nDún na nGall sa bhliain 2011, atá briste síos i 5 Cheantar Bardasach (CB-anna). Tá aon daonra beagnach scaipthe go cothrom idir CB Leitir Ceanainn (41,697 duine nó 25.9%) agus CB Inis Eoghain (41,127 duine nó 25.5%). Chomh maith leis

sin, tá sciar an daonra idir CB Dhún na nGall (26,863 duine 16.7%) agus CB Srath an Urláir (26,133 nó 16.2%) cosúil le chéile agus tá 15.7% den daonra ina gcónaí in CB na nGleanntach (25,317 duine). Tá na leibhéil is airde daonra faoi 30 bliain d'aois ag 44%, 43% agus 42% i Leitir Ceanainn, Inis Eoghain agus i Srath an Urláir agus tá na céatadáin is airde daonra sna Gleannta agus i nDún na nGall atá os cionn 65 bliain d'aois, ag 19% agus 15% faoi seach.

**Fíor 6: An Daonra Iomlán de réir Ceantar Bardasach sa bhliain 2011**




**1.2.2 Ag Nascadh Pobail go Fisiciúil agus go Digiteach**

Ag tógáil méid an Chontae san áireamh agus a struchtúr lag uirbeach agus a dhlús íseal daonra, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair rochtain a chur ar fáil ar sheirbhísí. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh straitéisí na dúshláin seo san áireamh agus seirbhísí atá éifeachtúil, inbhuanaithe agus inmharthana ar bhonn eacnamaíoch á bhforbairt. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach modhanna cruthaitheach agus nuálach a scrúdú le cothabháil a dhéanamh ar sheirbhísí tuaithe i nDún na nGall.


Is féidir daoine a nascadh le seirbhísí go fisiciúil nó go digiteach, a éilíonn bonneagar atá riachtanach a sheachadadh ar nós líonra bóithre, droichid, seirbhísí bus agus leathanbhanda ardluais srl atá ar ardchaighdeán.

Tá Contae Dhún na nGall ag brath go hiomlán ar chóras iompair atá bunaithe ar bhóithre a léiríonn margadh beag inmheánach agus patrúin lonnaíochta atá scaipthe. Tá an líonra bóithre mar artaire do gheilleagar an Réigiúin le 100% d'earraí agus de dhaoine á n-iompar ag bóithre agus ag iompar bóithre, tá costais rochtana, dá bhrí sin, i measc na gcostas rochtana is airde in Iarthar na hEorpa. Tá deiseanna ann chun cur le nascacht trí fheabhas a chur ar rochtain ar bhonneagar iompair agus cumarsáide.

Chomh maith leis sin, cuireann feidhmiúlacht na dteicneolaíochtaí digiteach deis ar fáil le gníomhú ina aghaidh sin, ar nós rochtain chuig siopadóireacht ar líne, seirbhísí poiblí ar líne, taighde, ríomhfhoghlaim, nascadh le cairde agus le teaghlaigh srl. Chun go mbeidh seirbhísí ar líne inrochtana do chách, tá fáil a bheith ar rochtain fisiciúil (nascacht leathanbhanda,

ríomhaire glúine, srl) mar bhreithniú príomha, agus tá 'fios gnó' an duine aonair a bheith inniúil lena rochtain chomh tábhachtach céanna. Léiríonn an léarscáil thíos úsáid ard leathanbhanda go ginearálta feadh ais oirthear an Chontae agus an Geatabhealaigh nasctha, go sonrach ceantar le dlús ard daonra faoi 15 bliain d'aois, agus tá úsáid níos ísle feadh ais iarthair an Chontae agus dlús níos airde daonra atá os cionn 65 bliain d'aois, go sonrach. Léiríonn na treochtaí seo teacht chun cinn an deighilt digití idir úsáid leathanbhanda i measc daoine atá níos óige agus daoine atá níos sine, ach tá sé seo léirithe i gcomhthéacs geografach freisin idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha laistigh den chontae.

**Fíor 7: Inrochtaineacht chuig Leathanbhanda**




**E(ochair Eolais**: Úsáid Leathanbhanda (Líon na Líonta Tí)
(An Úsáid is Mó), (Faoin Meán), (Os cionn an Mheáin), (An Meán is Laige))

## 1.3 An Líonra Iompair Straitéiseach

Braitheann fás eacnamaíochta na hÉireann ar ghnóthaí a bheith ábalta trádáil go rathúil i margaí domhanda atá ag fáil níos iomaíche. Tá fáil a bheith ar bhonneagar den scoth ar phraghas iomaíoch (m.sh. fuinneamh, teileachumarsáid; iompar – bóithre, iompar poiblí, aerfoirt, calafoirt; dramhaíl agus uisce) agus seirbhísí gaolmhara ríthábhachtach ó thaobh tacú le hiomaíochas. Tá fáil a bheith ar mhaoin thionsclaíoch agus tráchtála atá ar ardchaighdeán agus uasghrádú ar ár bpríomhionaid uirbeacha lena ndéanamh níos

tarraingtí le maireachtáil agus le hoibriú iontu ríthábhachtach freisin chun tacú le fás eacnamaíochta agus le cruthú poist.[4]

Tá infheistíocht shuntasach déanta i mbonneagar, go háirithe sa líonra bóithre le deich mbliana anuas. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) '*Building on Recovery - Infrastructure and Capital Investment Programme 2016-2022*', i mí Meán Fhómhair 2015, a leag amach clár infheistíochta na hÉireann a chuirfidh le bonneagar an Stáit, a thacóidh le téarnamh eacnamaíochta agus le poist, a thacóidh le pobail inbhuanaithe ar fud na hÉireann agus a chuirfidh foirgnimh nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm ar fáil ar mhaithe le seachadadh seirbhísí. Maidir leis an líonra iompair straitéiseach i Réigiún an Iarthuaiscirt, athdhearbhaíonn clár tacaíochta an Rialtais don tiomantas faoi Chomhaontú Chill Rímhinn, go bhfuil sé i gceist cómhaoiniú a dhéanamh ar thógáil bealach an A5. Aithníonn an Clár infheistíocht amach anseo i gcothabháil agus i láidriú an líonra bóithre atá sa chontae cheana féin freisin, lena n-áirítear bealaí an N56, an Clochán Liath go dtí na Gleannta agus an N56, Tamhnach an tSalainn go hInbhear. Tá sé tábhachtach go mbeadh ar chumas Dhún na nGall agus ar Réigiún an Iarthuaiscirt seachadadh a dhéanamh ar infheistíocht straitéiseach bonneagair atá riachtanach le hinbhuanaitheacht eacnamaíochta agus iomaíochas Gheatabhealach Dhoire-Leitir Ceanainn a chinntiú.

Tá líonra iompair atá ar ardchaighdeán ríthábhachtach le cothabháil a dhéanamh ar fhás ar fud gach réimse d'fhorbairt sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta. Aithníonn Straitéis Iompair Dhún na nGall an tábhacht bhunúsach a ghabhann le cosaint, dul chun cinn agus feabhas a chur ar an líonra ó thaobh infheistíocht a mhealladh, tionscal na turasóireachta a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus áiteanna agus pobail inbhuanaithe a chruthú.

### 1.3.1 Bonneagar Iompair

Tá líonra iompair straitéiseach Dhún na nGall comhdhéanta de Chalafoirt, Aerfoirt agus Líonra Bóithre Straitéiseach agus tá a ábaltacht seo ríthábhachtach ó thaobh ceangal le moil agus le gheatabhealaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

**Aer & Calafoirt**

Tá tábhacht straitéiseach ag gabháil le hAerfort Dhún na nGall agus le hAerfort Chathair Dhoire ó thaobh rochtain náisiúnta, idirnáisiúnta agus réigiúnach a chur ar fáil chuig agus ó Chontae Dhún na nGall. Ní mór go dtacóidh pleananna agus beartais leis an príomhbhonneagar seo, go gcuirfidh siad chun cinn é agus go n-éascóidh siad é.

**Líonra Bóithre**

Is líonra iompair atá bunaithe ar bhóithre den chuid is mó atá i nDún na nGall, agus cuireann an fháil/féidearthacht teoranta atá ar mhalairt modhanna, easnamh bonneagar iarnróid agus leibhéil arda úinéireacht cairr agus brath ar an gcarr sa Chontae, béim air sin.

[4] An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíocht, Ráiteas Beartas maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach in Éirinn, Iúl 2014

Mar atá bunaithe i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018, gluaiseann an Líonra Bóithre Straitéiseach ó agus éascaíonn Croístraitéis Dhún na nGall, mar go ndearnadh forbairt air:

- Le Geatabhealach Leitir Ceanainn-Dhoire agus naisc le Geatabhealaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta eile a chur chun cinn, lena n-áirítear, Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Sligeach, chomh maith le rochtain chuig agus trí chalafoirt agus aerfoirt straitéiseacha.
- Le tacaíocht a thabhairt don Líonra Bóithre Náisiúnta, trí chur chun cinn, forbairt agus cosaint beartais.
- Le naisc idirchontae straitéiseacha idir Geatabhealach Leitir Ceanainn-Doire agus idir lonnaíochtaí Sraith 2 agus Sraith 3 a bhunú agus a fheabhsú, chun gluaiseacht éifeachtúil daoine agus earraí a chur chun cinn agus a fheabhsú laistigh agus isteach chun an Chontae, le hinfheistíocht a spreagadh, chun cur leis an turasóireacht, tacú le talmhaíocht agus le fiontair dhúchasacha eile.

**Seirbhís Bus, Tacsaithe agus Hacnaithe**
Tá ról sóisialta atá ríthábhachtach ag seirbhísí bus agus ag seirbhísí tacsaithe i bpobail tuaithe, seirbhísí a nascann ceantair thuaithe le lonnaíochtaí agus le seirbhísí riachtanach ar nós scoileanna agus cúram sláinte. Tá cineálacha éagsúla iompar bus agus tacsaí ag freastal ar an gContae:

- Cuireann luasbhealach Bus Éireann cianseirbhísí ar fáil, a nascann Dún na nGall le Doire, Baile Átha Cliath, Sligeach agus Gaillimh.
- Soláthraíonn Bus Éireann/*Ulster Bus* agus oibreoirí iompair príobháideach bealaí agus seirbhísí comaitéara áitiúil ar fud an Chontae.
- Bhí seirbhísí bus scoile ag feidhmiú thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Seirbhísí príobháideacha cóiste agus mionbhus go Doire, Béal Feirste, Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Glaschú.
- D’fheidhmigh bealaí bus pobail faoin Tionscnamh um Iompar Tuaithe (RTI).
- Seirbhísí tacsaí príobháideach.
- Seirbhísí tacsaí atá maoinithe go poiblí, ar nós na dtacsaithe a fheidhmíonn faoi Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
- Tá hacnaithe tuaithe ina ngné ríthábhachtach den líonra iompair tuaithe. Cuireann siad seirbhísí iompair ar fáil ar fud pobail tuaithe, go háirithe do na daoine sin nach bhfuil carr acu agus dóibh siúd atá ag maireachtáil i gceantair iargúlta, áit a bhfuil seirbhísí teoranta nó nach bhfuil a leithéid ann.

Tá bearnaí sonrach in iompar tuaithe, áfach, go háirithe sa soláthar lasmuigh d’uaire oibre.

### 1.3.2 Modhanna Iompair
As an 57,721 líon tí príobháideach sa Chontae, tá carr amháin ag 45% (25,874), tá dhá charr ag 32 % (18,569), tá trí charr ag 5.4 % (3,132) agus tá ceithre charr nó níos mó ag 1.8% (1,035). Níl rochtain ag 15.8% nó 9,111 líon tí i gContae Dhún na nGall ar charr, de réir Dhaonáireamh 2011. I dtéarmaí gaolmhara, bhí Dún na nGall rangaithe san 11ú háit i

dtéarmaí na n-údarás áitiúil go léir nach raibh rochtain acu ar charr sa bhliain 2011, i gcomparáid leis an 10ú háit sa bhliain 2006. **(Féach Tábla 2; Aguisín 1).**
Léiríonn Daonáireamh 2011 ardú suntasach ón mbliain 2006 maidir leis na daoine sin a bhí ag taisteal i gcarr chun oibre, scoile nó coláiste i gContae Dhún na nGall. **(Féach Tábla 3(a, b, c &d); Aguisín 1)**

**Ag Taisteal Chun Oibre**
Tá laghdú tagtha ar na céatadáin de dhaoine a bhí ag taisteal chun oibre ar '*Bhus, Mionbhus nó Coiste'* ó 1.8% in 2006 go 1.2% i gContae Dhún na nGall in 2011. B'ionann an figiúr comparáideach don Stát sa bhliain 2011 agus 5.2%. Tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine atá ag taisteal chun na hoibre i nDún na nGall agus úsáid á bhaint as modhanna taistil atá neamhdhíobhálach don timpeallacht ar nós '*De Shiúl na gCos'* (6.7%) nó '*Ar Rothar'* (0.4%) ó 2006, tráth ar sheas na figiúirí ag 8.4% agus 0.4% faoi seach. Chomh maith leis sin, b'ionann na figiúirí comparáideacha don Stát in 2011 agus 9.6% *(De Shiúl na gCos)* agus 2.2% *(Ar Rothar*).

**Ag Taisteal chun na Scoile**
Thaisteal 59.9% de leanaí in aois idir 5 agus 12 bliain d'aois chun na scoile sa bhliain 2011 mar *'Phaisinéir i gCarr'* i gcomparáid le 51.7% in 2006. Bhí titim sa taisteal ar '*Bhus, Mionbhus nó ar Chóiste'* ag gabháil leis an ardú in úsáid cairr ó *32.3% in 2006 go 27.7% in 2011.* Bhí laghdú freisin sa taisteal chun na scoile de '*Shiúl na gCos nó ar Rothar*' ó 2.8% in 2006 go 10.3% in 2011. In 2011, bhí 39.4% de leanaí in aois idir 13 – 18 ag taisteal chun na scoile 'i gCarr', ardú suntasach ón mbliain 2006 tráth arbh ionann an figiúr comhfhreagrach agus 29.4%. Sa bhliain 2011, bhí 47.6% de dhaltaí in aois idir 13 – 18 bliain d'aois ag taisteal ar *'Bhus, Mionbhus nó ar Chóiste'* i gcomparáid le 54.4% in 2006.

**Ag Taisteal chuig Coláiste**
Bhí laghdú freisin ar dhaltaí in aois idir 13—18 bliain d'aois a bhí ag baint úsáid as modhanna taistil atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, le 11.5% ag taisteal *'de Shiúl na gCos nó ar Rothar'* in 2011 i gcomparáid le 14.2% in 2006. Bhí 50.4% de mhic léinn ar scoil nó ar choláiste in aois 19 bliain d'aois nó os a chionn ag taisteal i gcarr in 2011 i gcomparáid le 43% in 2006. Tháinig laghdú ó 27.7% in 2006 go 25.8 % in 2011 orthu siúd a bhí ag taisteal *'de Shiúl na gCos'* nó '*ar Rothar*' ó 27.7% in 2006 go 25.8 % in 2011. (**Féach Táblaí 3(a) – (c); Aguisín 1).**

Tá athrú suntasach ó mhodhanna taistil atá neamhdhíobhálach don timpeallacht ar nós ag taisteal ar bhus, ag rothaíocht agus ag siúl go taisteal bunaithe ar charr agus ní mór aghaidh a thabhairt ar seo ó thaobh dearcadh comhshaoil agus uilechuimsitheacht sóisialta de. Ní mór na cúiseanna atá leis an athrú seo a aithint chun an treocht seo a chur ar mhalairt slí.

## 1.4 Anailís Riachtanais Ceantair: Naisc Inbhuanaithe Digiteach agus Fisiciúil

Tá an comhthéacs eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil an lae inniu múnlaithe ag saintréithe uathúla fisiciúla agus ag stair ilghnéitheach Chontae Dhún na nGall. Ní mór cur le nascacht digiteach agus fisiciúil laistigh den Chontae le tabhairt faoi na dúshláin maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí nuair a thógtar comhthéacs geografach Dhún na nGall san

áireamh; mar shampla, a imeallacht, a mhéid, a thírdhreach nocht, struchtúr lonnaíochta atá lag, saol oileáin agus ceantar leathan Gaeltachta.
Beidh réitigh nuálacha agus spriocdhírithe riachtanach chun dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs Dhún na nGall, trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhéanann iarracht cur le cumas digiteach pobail tuaithe ó thaobh a bheith ábalta siopadóireacht, cumarsáid agus billí a íoc, srl., ar líne. Ba chóir go ndíreodh príomhghnéithe ar chur le scileanna agus le haistriú eolais laistigh den phobal, bunaithe ar scoileanna digiteacha atá ann cheana féin, ionaid Taobh Tíre i leabharlanna, moil dhigiteacha in ionaid phobail srl. Chomh maith leis sin tá sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar mholtaí cruthaitheach agus nuálacha a chuireann le láithreacht ar líne fiontair thuaithe, lena n-áirítear feidhmiúlacht le hidirbhearta ar líne a phróiseáil.

Tá sé riachtanach, lenár bpobail tuaithe a nascadh go fisiciúil, tacaíocht a thabhairt do agus éascú a dhéanamh ar mholtaí a chuireann réitigh iompair nuálacha ar fáil, i gceantair thuaithe, i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste agus i gceantair na teorann, ar nós scéimeanna páirceáil agus taisteal tuaithe agus scéimeanna roinnt cairr agus scéimeanna bus agus tacsaithe i gcomhairle le heagraíochtaí poiblí, príobháideach agus pobail. Chomh maith leis sin, tá sé riachtanach tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a théann i ngleic le soláthairtí taistil atá ann cheana, go háirithe le linn uaireanta seachbhuaice agus bealaí neamh-imharthana. Tá bailte ina bhfuil seirbhísí atá láidir a chuireann seirbhísí fadréimseacha ardleibhéil ar fáil mar phríomhghné a chuireann le mais chriticiúil tomhaltóirí a dhéanann seachadadh ar a seal féin ar sheirbhísí iompair atá ar ardchaighdeán agus atá le fáil níos minice chuig agus ó bhailte den sórt sin, ag cur le hinmharthanacht.

Déanann sráideanna agus spásanna a bhfuil rochtain mhaith orthu bailte atá níos tarraingtí dár mbailte, ó thaobh maireachtáil iontu, le hobair a dhéanamh iontu, le cuairt a thabhairt orthu agus le gnó a dhéanamh iontu. Trí bhealaí atá ar ardchaighdeán a chothabháil, a chruthú agus a chur chun cinn laistigh agus timpeall ar ár mbailte agus ar ár sráidbhailte, beidh sé chomh héasca agus chomh tarraingteach siúl nó rothaíocht a dhéanamh iontu agus a bheadh sé taisteal i gcarr. Dá bhrí sin, ba chóir go dtabharfadh tionscadail agus tionscnaimh, lena n-áirítear, feabhsuithe timpeallachta ar scála beag agus oibreacha ar spásanna poiblí, aird ar an mbealach ina bhféadadh tograí den sórt sin feabhas a chur ar an líonra gluaiseachta atá ann cheana féin, trína dhéanamh níos éasca le siúl agus rothaíocht iontu srl.
Tá sé riachtanach, nuair atáthar ag rochtain raon leathan seirbhísí i nDún na nGall ar bhonn ceantair feidhme an Chontae agus a theorainneacha geografach, scrúdú a dhéanamh ar straitéisí ar bhonn uile-oileánda ó thaobh forbairt a dhéanamh ar naisc fisiciúla agus digiteacha le linn a bheith ag obair laistigh de struchtúir agus de chomhpháirtíochtaí trasteorann.

# Caibidil 2: Ár mBailte a Athchumhachtú

## 2.0 Treochtaí Spásúlachta

Déantar cur síos ar Dhún na nGall go minic mar chontae tuaithe; ach taobh amuigh de Chorcaigh, áfach, tá an líon is mó bailte agus sráidbhailte[5] i nDún na nGall ná mar atá in aon chontae eile in Éirinn. Tá 61 lonnaíocht i nDún na nGall, a réimsíonn i méid ó díreach os cionn 100 áititheoir go dtí suas agus anuas le 20,000 duine agus tá na lonnaíochtaí seo ríthábhachtach ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar bheogacht agus ar fhás eacnamaíochta agus sóisialta sa Chontae. Cuireann siad raon leathan seirbhísí agus feidhmeanna fostaíochta ar fáil agus a chuireann treallús faoi agus a fhaigheann tacaíocht óna ceantair máguaird. Tá an acmhainn ag na bailte ról ríthábhachtach a bheith acu ó thaobh athghiniúint a dhéanamh ó thaobh na heacnamaíochta ar cheantair sa chontae nach bhfuil mórán ag tarlú iontu. Beidh buntáistí carnach forleathan ag athghiniúint fisiciúil den sórt ní amháin do cheantair áitiúla ach beidh fiúntas ann freisin do cheantar iomlána an Chontae.

Déantar scrúdú i **dTábla 1 (Aguisín 2)** ar dháileadh daonra agus ar fhás sa Chontae ar fud 6 lonnaíocht ar mhéid éagsúil[6]. I dtéarmaí ginearálta, tá nádúr déimeagrafach an Chontae sainmhínithe ag líon saintréithe sonracha:

- tá 54% den daonra ina gcónaí i gceantair amuigh faoin tuath
- tá 12% den daonra ina gcónaí i nGeatabhealach Leitir Ceanainn
- Tá 34% den daonra ina gcónaí i 60 lonnaíocht atá réasúnta beag de chineál scaipthe ó thaobh geografaíochta

## 2.1 Beogacht Uirbeach


### 2.1.1 Treochtaí Daonra

Tá 46% de dhaonra iomlán Dhún na nGall (nó 73,466 duine) ina gcónaí sna 61 lonnaíocht atá scaipthe ar fud a chontae agus tá 54% (nó 87,671 duine) ina gcónaí sna ceantair thuaithe. As na 61 baile tá 19 acu i mBardas Inis Eoghain,[i] 14 i mBardas na nGleanntach, 12 i mBardas Dhún na nGall; 8 i mBardas Leitir Ceanainn agus 8 i mBardas Shrath an Urláir.

Ar an iomlán braitheadh ardú dearfach ar an daonra thar 2002 – 2011 sna 19 baile atá lonnaithe i mBardas Inis Eoghain. As na 10 bpríomhbhaile is mó sa chontae a bhí ag fás, bhí 8 acu in Inis Eoghain – Cill Droma (117.6%) An Carraigín (112.7%) Mainéar Uí Chuinneagáin (100.9%) Bun na hAbhann (94.2%) Fathain (68.3%) Ceann an Droichid (66.8%) Magh (64.4%) agus an Baile Nua (60.9%).


[5] Daonáireamh, 2011
[6] Bunaithe ag na Treoirlínte Pleanála Réigiúnach do Réigiún na Teorann 2010-2022

**Fíor 1: Athrú Daonra de réir Baile, Ceantar Bardasach Inis Eoghain**





Tá an treocht do Cheantar Bardasach na nGleanntach beagán difriúil le fás dearfach sa daonra sa leath deireadh de na deich mbliana seo caite, ag déanamh suas don fhás diúltach sa tréimhse 2002-2006 leis an toradh nach bhfuil laghdú sa daonra le brath ach amháin in Ailt an Chorráin.

**Fíor 2: Athrú Daonra de réir Baile, Ceantar Bardasach na nGleanntach**




Thar an tréimhse 2002 -2012, tháinig laghdú ar mhéid an daonra i 6 cinn den 12 baile i mBardasach Dhún na nGall, áirítear orthu seo; Cill Charthaigh, na Cealla Beaga, Baile an tSratha, Béal Átha Seanaidh, Gleann Cholm Cille agus Paiteagó.

**Fíor 3: Athrú Daonra de réir Baile, Ceantar Bardasach Dhún na nGall**





Bhí an dá bhaile is mó sa chontae ina raibh fás i mBardas Leitir Ceanainn; Cill Mhic Réanáin (59.3%) agus an Cheathrú Chaol (53.4%). Ar an iomlán, tháinig fás ar na bailte go léir sa bhardasach seo thar 2002–2011. Rinne an fás dearfach sa tréimhse 2006-11 suas don fhás diúltach i Ráth Maoláin in 2002-2006 (-8.8%).

**Fíor 4: Athrú Daonra de réir Baile, Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn**



Tá na treochtaí fáis sa daonra i Srath an Urláir thar a bheith láidir mar gur tháinig fás ar gach aon bhaile as na 8 mbaile i mBardas Shrath an Urláir thar an tréimhse 2002–2011.

**Fíor 5: Athrú Daonra de réir Baile, Ceantar Bardasach Shrath an Urláir**




### 2.1.2 Folúntas agus Tréigean

Baineann comhleasa poiblí lena chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as talamh agus as foirgnimh, go háirithe i gceantair uirbeacha. Molann treoirlínte straitéiseacha pleanála barrfheabhas a chur ar lár bailte mar phríomhthiománaithe eacnamaíochta na gceantar máguaird agus na réigiúin ina n-iomláine[7]. Ag teacht leis sin, aithníonn Pleananna Forbartha Baile agus Creataí Lonnaíochta comhdhlúthú, athbheochan agus forbairt sheicheamhach inbhuanaithe bailte amach ó chroí an bhaile mar phríomhchuspóirí forbartha do bhailte ar fud an Chontae. Tá sé mar aidhm leis an gcur chuige beartais seo cásanna folúntais, tréigean agus talamh ar bheagán úsáide inár mbailte a laghdú mar go bhféadfadh siad seo dochar a dhéanamh do bhailte.

Leis an leas is fearr is féidir a bhaint as athghiniúint, tá sé tábhachtach díriú ar na codanna láir de na ceantair is mó atá buailte. Is féidir na ceantair uirbeacha nach bhfuil mórán ag tarlú iontu a aithint trí úsáid a bhaint as táscairí ar nós folúntais, tréigean agus dlús daonra. Aithníonn Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 na ceantair i lár na mbailte do gach lonnaíocht ag Sraith 1, 2 & 3 san ordlathas lonnaíochta. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an bplean cur le hinbhuanaitheacht trí athfhorbairt agus trí athghiniúint laistigh de na ceantair croíláir seo.

Déanann **Tábla 2 (Aguisín 2)** scrúdú ar an líon foirgnimh atá folamh agus tréigthe agus ar na rátaí folúntais-tréigean i lár ár gcuid bailte[8]. Ar an iomlán tá cásanna tréigean agus folúntas

[7] Forbairt Inbhuanaithe Cónaitheach i gCeantair Uirbeach, 2009, leathanach 42 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2012
[8] Lena n-áirítear bailte i sraitheanna 1-3 amháin

forleathan i lár na mbailte, le díreach 4 as na 26 lonnaíocht faoi fholúntas/tréigean 8%. Tá an ráta is airde i mBaile na nGallóglach ag 30%, agus tá an líon is airde maoin atá tréigthe, 122 i mBealach Féich – Srath an Urláir, agus ina dhiaidh sin tá Leitir Ceanainn ag 101.


Ar fhachtóir eile atá ábalta beogacht uirbeach a chinneadh tá dlús daonra. Tomhaistear é sin de réir líon na ndaoine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh. Is ionann an meán sa stát agus 1,137 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh[9] agus tá leibhéal i bhfad níos ísle ag lonnaíochtaí i nDún na nGall, le comhdhlús daonra de 638 duine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh. Tá leibhéil dlúis daonra á dtiomáint ag líon fachtóirí, lena n-áirítear, tailte uirbeach nach bhfuil forbartha agus nach bhfuil mórán úsáide á mbaint astu srl. Aithníonn Plean Forbartha Leitir Ceanainn 66% (613 heicteár) de thailte den sórt sin laistigh de limistéar a phlean.

Aithníonn **Tábla 3 (Aguisín 2)**, dlús na gcatagóirí difriúla maidir leis an méid daonra i gContae Dhún na nGall i gcomparáid leis an Stát, léiríonn sé go bhfuil na bailte a thagann faoi chatagóir banda daonra 10,000-20,000 beagnach 50% níos ísle ná an meán sa Stát agus mar sin de. Mar sin freastalaíonn, tionscadail, tionscnaimh agus tograí a threisíonn úsáid talamh uirbeach trí athúsáid a bhaint as talamh agus as foirgnimh atá folamh nó nach bhfuil mórán úsáid á bhaint astu, le hathghiniúint ceantair den sórt sin a spreagadh.

### 2.1.3 Spriocanna Daonra

Cuireann Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 creat ar fáil a dhíríonn ar cá mhéad agus cá háit sa Chontae a dtarlóidh an fhorbairt. Déanann an creat seo, eadhon an 'Croístraitéis' soláthar do:

- Fócas maidir le Geatabhealach nasctha do Leitir Ceanainn, áit a bhfuil cruthú mais chriticiúil agus ailíniú príomhbhonneagar ríthábhachtach ó thaobh borradh a chur faoi fhorbairt agus faoi rathúnas don réigiún (Sraith 1)
- fás substaintiúil atá bainistithe do Bhailte Straitéiseacha Tacaíochta atá níos mó leis na 9 n-ionad sin a láidriú le feidhmiú ar bhonn leanúnach mar thiománaithe eacnamaíochta agus mar ionaid seirbhíse do na ceantair máguaird (Lonnaíochtaí Sraith 2)
- forbairt spriocdhírithe le comhdhlúthú agus athnuachan a dhéanamh ar na bailte agus ar na sráidbhailte atá níos lú (Lonnaíochtaí i Sraith 3 & 4)
- forbairt cothromaithe le cothabháil a dhéanamh ar phobail tuaithe agus an comhshaol a chosaint (Sraith 5).





**Fíor 5: Spriocanna Daonra**


[9] Arna Ríomh agus úsáid á bhaint ag Teorainneacha Lonnaíochta Daonáireamh

Mheas Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall, bunaithe ar theilgin daonra, cumas bonneagair, rátaí folúntais tithíochta agus táscairí eile, go bhfuil gá le 4,578 teach nua i nDún na nGall thar an tréimhse 2012-2018. Léiríonn Fíor 6 thíos an sciar fáis tuartha seo de réir sraith lonnaíochta. Léiríonn Monatóir Tithíochta Dhún na nGall ardú de 754 áit chónaithe sa Chontae ó 2011-2012. Léiríonn Fíor 7 sciar an fháis seo (754) de réir sraithe. Taispeánann na cairteacha díláithriú suntasach maidir le tithíocht nua ón méid a bhí spriocdhírithe do shraitheanna 1 & 2 go dtí sraith 5, an tsraith is mó ina bhfuil fás tithíochta ag tarlú. Léiríonn na treochtaí seo baol ardaithe nach mbeidh mórán ag tarlú agus leibhéil laghdaithe gníomhaíochta i lár ár mbailte. Tá ionaid uirbeach lena mbaineann beogacht ríthábhachtach ó thaobh borradh a chur faoi fhás agus faoi théarnamh; dá bhrí sin, tá tabhairt isteach tionscadail agus tionscnaimh a chuidíonn le méid a chur ar bheogacht uirbeach agus i gcomhdhlúthú agus athnuachan a dhéanamh ar láithreacha lár na mbailte ag teacht le creat an Plean Contae reatha, ríthábhachtach do Dhún na nGall uirbeach agus tuaithe.

**Fíor 6: Sprioc maidir le Fás Tithíochta de réir Sraithe 2012-18**




**Fíor 7: An Sciar maidir le Fás Tithíochta do 2011-12**



## 2.2 Muintir na mBailte


Cuireann an chuid seo roinnt saintréithe socheacnamaíocha ar fáil maidir leis na daoine atá ina gcónaí sna bailte tuaithe difriúla i ngach aon Cheantar Bardasach i gContae Dhún na nGall.

### 2.2.1 Déimeagrafaíocht

**Aois**

Bhí an cóimheas aoise is cleithiúnais de 57.6% ar an meán i mbailte i nDún na nGall. Is tomhas atá anseo a thaispeánann líon na gcleithiúnaithe (in aois 0-14 agus os cionn 65) don daonra iomlán in aois oibre (15-64 bliain d'aois). Fuarthas cóimheas aoise is cleithiúnais a bhí os cionn an mheáin (nó >58%) in 9 mbaile as na 12 baile in MA Dhún na nGall; in 11 de na 14 baile in MA na nGleanntach; 12 de na 18 baile in Inis Eoghain; 4 as na 8 mbaile i Leitir Ceanainn agus 4 bhaile as na 8 mbaile i Srath an Urláir. Mionsonraí i d**Tábla 4 (Aguisín 2).**

**Fíor 8: Aoischohóirt na mBailte**




**Náisiúntacht**

Léiríonn **Tábla 5 (Aguisín 2)**; nárbh náisiúnaigh de chuid na hÉireann a bhí in 11.3% (nó 8,115 duine) den daonra i gContae Dhún na nGall[ii]. Rinneadh taifeadadh ar rátaí a bhí os cionn an mheáin (Níos mó na 11.5%) i 3 cinn (Bun Dobhráin, Dún na nGall, Tamhnach an tSalainn) de na 12 baile in MA Dhún na nGall; i 1 lonnaíocht amháin (Ard an Rátha) de na 14 lonnaíocht in MA na nGleanntach; i 1 bhaile (Bun Cranncha) de na 18 baile in Inis Eoghain; in 1 bhaile (Baile Leitir Ceanainn agus an Ceantar Máguaird) MA Leitir Ceanainn agus 1 baile (Bealach Féich-Srath an Urláir) in MA Shrath an Urláir. Féach **Tábla 5 (Aguisín 2)** le briseadh síos a fháil den daonra sna bailte de réir eitneachta.

**Teaghlaigh Aontuismitheora**


Léirigh daonáireamh na bliana 2011 gur teaghlaigh aontuismitheora atá i 4,762 nó 35% de na teaghlaigh go léir atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha i gContae Dhún na nGall. Fuarthas rátaí os cionn an mheáin (níos mó ná 35.5%) i 3 lonnaíocht (Bun Dobhráin, Béal Átha Seanaidh agus An Charraig) de na 12 lonnaíocht in MA Dhún na nGall; in 8 lonnaíocht (An Craoslach, Dún Fionnachaidh, An Fál Carrach, Anagaire, Ailt An Chorráin, Na Gleannta, Loch An Iúir, Gort An Choirce) de na 14 lonnaíocht sna Gleannta; in 4 lonnaíocht (Carn Domhnach, Cluain Maine, Mainéar Uí Chuinneagáin agus Ceann an Droichid) de na 18

lonnaíocht in Inis Eoghain; in 5 lonnaíocht (An Cheathrú Chaol, Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Ráth Mealtain and Carraig Airt) de na 8 lonnaíocht in MA Leitir Ceanainn agus i ngach aon cheann de na 8 lonnaíocht in MA Bealach Féich Srath an Urláir. Féach **Tábla 6 (Aguisín 2).**

**Daoine faoi Mhíchumais**

Bhí 15.4% den daonra nó 11, 286 duine faoi mhíchumas ina gcónaí i mBailte i gContae Dhún na nGall. Fuarthas rátaí os cionn an mheáin (m.sh. 16% nó níos airde) i 5 cinn (Bun Dobhráin, Baile an tSratha, Béal Átha Seanaidh, Dún Cionnaola agus na Cealla Beaga) de na 12 baile in MA Dhún na nGall; i 11 baile (An Bun Beag-Doirí Beaga, An Craoslach, Dún Fionnachaidh, An Fál Carrach, Mín Lárach, Anagaire, Ard an Rátha, Ailt An Chorráin, na Gleannta, Loch an Iúir) de na 14 baile in MA na nGleanntach; i 4 bhaile (Carn Domhnach, Cluain Maine, Bun an Phobail, Málainn) de 18 baile in MA Inis Eoghain; i 4 bhaile (Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Ráth Mealtain, Carraig Airt ) de na 8 mbaile in MA Leitir Ceanainn agus i 5 bhaile (Bealach Féich/Srath an Urláir, Caisleán na Finne, Conmhaigh, Ráth Bhoth agus Droim Caoin) in MA Shrath an Urláir. Féach **Tábla 7 (Aguisín 2).**

**Fíor 9: Daoine faoi Mhíchumas de réir Aoischohóirt**




Ar an meán bhí 36% de na daoine faoi mhíchumas a bhí ina gcónaí i mbailte tuaithe in aois 65 agus os a chionn agus bhí 15% faoi 15 bliain d'aois.

**Aicme Shóisialta**

Déantar scrúdú i d**Tábla 8 (Aguisín 2)**; ar phríomhghrúpaí socheacnamaíoch na ndaoine go léir atá ina gcónaí i líonta tí príobháideacha i ngach baile de réir bardasach agus léirítear:
I mBardas Dhún na nGall:

- bhí an tiúchan is airde dá ndaonra i 3 bhaile ag teacht faoi ghrúpa socheacnamaíoch 'neamhláimhe' agus bhí siad sin i mBun Dobhráin ag 24%, Béal Átha Seanaidh ag 24% agus Bhaile Dhún na nGall ag 23%.
- rinne 3 bhaile taifeadadh ar ghrúpaí 'neamhoilte' mar a bpríomhghrúpaí socheacnamaíoch – Béal Átha an tSratha ag 17%, Dún Cionnaola ag 16% agus Paiteagó ag 13%.
- Rinneadh taifeadadh i dTamhnach an tSalainn ar 17% nó daoine a tháinig faoi ghrúpaí 'neamhláimhe' agus 'neamhoilte' araon. Bhí an céatadán is airde den daonra sa Lathaigh a tháinig faoin gcatagóir 'fostóirí agus bainisteoirí' ag 19%.

- Tháinig 4 bhaile faoin gcatagóir 'leathoilte' An Charraig 15% , Gleann Cholm Cille 28%, Cill Charthaigh 23% agus na Cealla Beaga 25%.

I mBardas na nGleannta:

- Bhí an tiúchan is airde in 8 mbaile a tháinig faoin gcatagóir neamhláimhe – An Craoslach ag 19% , Dún Fionnachaidh ag 19%, An Fál Carrach ag 15%, Ailt An Chorráin ag 19%, An Clochán Liath ag 17%, Na Gleannta ag 21%, Rann Na Feirste ag 12% agus Gort An Choirce ag 15%.
- Bhí an tiúchan is airde dá ndaonra i 3 bhaile a tháinig faoi 'grúpa socheacnamaíoch leathoilte', orthu sin tá, An Bun Beag-Doirí Beaga ag 15%, Bun Na Leaca ag 17% agus ag Loch An Iúir ag 19% .
- Bhí an tiúchan is airde in 2 bhaile a tháinig faoi na catagóirí 'oibrithe láimhe & oibrithe leathoilte', orthu sin tá, Mín Lárach ag 16% agus Ard an Rátha ag 16%. Bhí 19% in Anagaire a tháinig faoin gcatagóir 'fostóirí agus bainisteoirí.

I mBardas Inis Eoghain:

- Bhí an tiúchan is airde dá ndaonra i 10 mbaile a tháinig faoin ngrúpa socheacnamaíoch 'neamhláimhe' agus orthu sin bhí, Bun Cranncha @ 16%, Bun na hAbhann @ 17%, Carn Domhnach @ 18%, An Carraigín @ 22%, Bun an Phobail @ 19%, An Baile Nua @ 17%, Mainéar Uí Chuinneagáin @ 19%, Cúl Droma @ 18%, Cúil Dabhcha @15% agus Rinn Uí Choigligh @ 22%
- Bhí an tiúchan is airde i 5 bhaile a tháinig faoin ngrúpa socheacnamaíoch 'fostóirí agus bainisteoirí' agus orthu sin bhí Baile Lifín @21%, Fathain @ 25%, An Caisleán Nua @ 25%, Magh @ 18% agus Ceann an Droichid @ 18%.
- Tháinig 2 bhaile faoin gcatagóir 'neamhoilte', agus orthu sin bhí, *Tievebane* @ 21% agus Málainn @15%. I gCluain Maine tháinig an tiúchan is airde faoi 'oibrithe feinchuntais' @ 12%.

I mBardas Leitir Ceanainn:

- As 6 baile de na 8 mbaile tháinig an tiúchan is airde dá gcuid daonraí (Leitir Ceanainn @ 21%, Cnoc na Muirleog @ 22%, Cill Mhic Réanáin @ 26%, Baile na nGallóglach @ 23%, Ráth Mealtain @ 19% agus Carraig Airt @195, faoi chatagóir Neamhláimhe.
- Rinne taifeadadh ar an tiúchan ab airde sa Cheathrú Chaol sa Chatagóir Íseal Ghairme @ 15% agus Ráth an Mhuilinn @ 17%.

I mBardas Shrath an Urláir:

- As gach aon bhaile de na 8 mbaile tháinig an tiúchan ab airde den daonra faoin 'gCatagóir Neamhláimhe' Bealach Féich – Srath an Urláir @ 24%, Caisleán na Finne @ 19%, Conmhaigh @21%, Leifear @ 24%, Ráth Bhoth @ 17%, Baile Suingean @18%, Cúil na gCuirridín @ 20% agus Droim Caoin @ 25%.

**Rannpháirtíocht Neamhghníomhaíochta**

**Tábla 9 (Aguisín 2)**; ní raibh 42% den daonra a bhí ina gcónaí i mbailte tuaithe i gContae Dhún na nGall rannpháirteach san fhórsa saothair, is ionann é sin agus 23,986 duine. Ba mar gheall ar dhaoine a bheith ar scor (37%), a bheith ina mic léinn (26%), cúraimí baile nó teaghlaigh a bheith orthu (23%) gan a bheith ar a gcumas oibre de bharr breoiteacht nó míchumas (14%) na cúiseanna nach raibh daoine rannpháirteach san fhórsa saothair.
Rinneadh taifeadadh ar rátaí rannpháirtíochta a bhí os cionn an mheáin (nó rátaí > 43%):

- I 9 mbaile de na 12 baile ina MA Dhún na nGall, eadhon, Bun Dobhráin, Baile an tSratha, Béal Átha Seanaidh, Dún Cionnaola, An Lathaigh, Paiteagó, An Charraigín, Gleann Cholm Cille and Cill Charthaigh.
- 11 baile as na 14 baile in MA na nGleanntach, eadhon An Bun Beag-Doirí Beaga, An Craoslach, Dún Fionnachaidh, An Fál Carrach, Mín Lárach, Anagaire, Ailt An Chorráin, An Clochán Liath, Na Gleannta, Loch An Iúir agus Rann na Feirste.
- 5 bhaile as na 18 baile in MA Inis Eoghain, orthu sin tá: Carn Domhnach, Cluain Maine, Fathain, An Caisleán Nua agus Bun an Phobail.
- 6 bhaile de na 8 mbaile i MA Leitir Ceanainn, lena n-áirítear An Cheathrú Chaol, Cnoc na Muirleog, Cill Mhic Réanáin, Ráth Mealtain, Ráth an Mhuilinn agus Carraig Airt.
- I 3 bhaile de na 8 mbaile in MA Shrath an Urláir, eadhon, Caisleán na Finne, Conmhaigh agus Ráth Bhoth.

**Daoine Dífhostaithe**

Bhí 9,402 duine a bhí ina gcónaí i mbailte tuaithe i gContae Dhún na nGall dífhostaithe, is ionann é seo agus 28.4 % d'fhórsa saothair [iii] iomlán na mbailte seo. Rinneadh taifeadadh ar rátaí a bhí os cionn an mheáin (m.sh.> 29%) i mBaile an tSratha, Béal Átha Seanaidh, an Lathaigh, an Charraig agus Gleann Cholm Cille nó 5 bhaile de na 12 baile in MA Dhún na nGall.

Rinneadh taifeadadh ar rátaí os cionn an mheáin freisin sa Chraoslach, An Fál Carrach, Mín Lárach, Anagaire agus Bun Na Leaca nó 5 bhaile de na 14 baile in MA na nGleanntach. Thaifead 8 mbaile de 18 baile in MA Inis Eoghain rátaí a bhí os cionn an mheáin agus áiríodh orthu sin, Bun Cranncha, Bun na hAbhann, Carn Domhnach, An Carraigín, Bun an Phobail Mainéar Uí Chuinneagáin, Cúil Dabhcha agus Rinn Uí Choigligh.

Thaifead 5 bhaile as na 8 mbaile in MA Leitir Ceanainn rátaí dífhostaíochta a bhí os cionn an mheáin agus orthu sin, áiríodh, An Cheathrú Chaol, Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Ráth Mealtain agus Carraig Airt. Thaifead na mbailte go léir de na 8 mbaile in MA Shrath an Urláir rátaí dífhostaíochta a bhí os cionn an mheáin.

### 2.2.2. Gníomhaíocht Fostaíochta agus Eacnamaíochta

**Fostaíocht**

Bhí 23,730 duine ag obair i mbailte tuaithe i gContae Dhún na nGall sa bhliain 2011, rud a chiallaigh ráta oibre de 71.6%. Rinneadh taifeadadh ar rátaí oibre a bhí faoin meán (nó <71%) i 5 bhaile de na 12 baile in MA Dhún na nGall, eadhon, Baile an tSratha, Béal Átha Seanaidh, an Lathaigh, an Charraig agus Gleann Cholm Cille. Rinneadh taifeadadh ar rátaí oibre a bhí faoin meán sa Chraoslach, An Fál Carrach, Mín Lárach, Anagaire agus Bun Na Leaca nó 5 bhaile de na 14 baile in MA na nGleanntach.

Rinneadh taifeadadh ar rátaí a bhí faoin meán in 8 mbaile (Bun Cranncha, Bun na hAbhann, Carn Domhnach, An Carraigín, Bun an Phobail, Mainéar Uí Chuinneagáin, Cúil Dabhcha agus Rinn Uí Choigligh) as na 8 mbaile tuaithe in MA Charn Domhnach. Thaifead 5 bhaile as na 8 mbaile in MA Leitir Ceanainn rátaí a bhí faoin meán agus orthu sin, áiríodh, An Cheathrú Chaol, Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Ráth Mealtain agus Carraig Airt. Thaifead gach baile de na 8 mbaile in MA Shrath an Urláir rátaí a bhí faoin meán. **(Féach Tábla 9 Aguisín 2).**


**Gníomhaíocht Eacnamaíochta**

In easnamh bunachar sonraí cuimsitheach gnó ag an leibhéal áitiúil i nDún na nGall beimid in ann féachaint ar líon na bhfoirgneamh tráchtála agus neamhchónaithe i mbailte Dhún na nGall. Tá 44% (6,597) de na foirgnimh neamhchónaithe sa Chontae laistigh de na 61

Ionnaíochta contae, agus tá an cion is mó (1,536) i Leitir Ceanainn. Leagan an tábla thíos amach an % den sciar is airde i measc na mbailte i nDún na nGall.


### 2.2.3 Scileanna Oideachais agus Oiliúna
**Gnóthachtáil Oideachais**

**Fíor 10: Gnóthachtáil Oideachais i mBailte i dToghcheantar Dhún na nGall**





(Eochair: Gan aon oideachas foirmiúil nó oideachas bunscoile, Iarbhunoideachas sóisearach, Iarbhunoideachas sinsearach, Teastas Oideachas Teicniúil/Ardteastas, Céim nó Níos Airde)

**Fíor 11: Gnóthachtáil Oideachais i mBailte i dToghcheantar na nGleanntach**





*(Eochair: Gan aon oideachas foirmiúil nó oideachas bunscoile, Iarbhunoideachas sóisearach, Iarbhunoideachas sinsearach, Teastas Oideachas Teicniúil/Ardteastas, Céim nó Níos Airde, Ní luaitear)*

**Fíor 12: Gnóthachtáil Oideachais i mBailte i dToghcheantar Inis Eoghain**





(Eochair: Gan aon oideachas foirmiúil nó oideachas bunscoile, Iarbhunoideachas sóisearach, Iarbhunoideachas sinsearach, Teastas Oideachas Teicniúil/Ardteastas, Céim nó Níos Airde, Ní luaitear)

**Fíor 13: Gnóthachtáil Oideachais i mBailte i dToghcheantar Leitir Ceanainn**




(Eochair: Gan aon oideachas foirmiúil nó oideachas bunscoile, Iarbhunoideachas sóisearach, Iarbhunoideachas sinsearach, Teastas Oideachas Teicniúil/Ardteastas, Céim nó Níos Airde, Ní luaitear)

**Fíor 14: Gnóthachtáil Oideachais i mBailte i dToghcheantar Shrath an Urláir**




(Eochair: Gan aon oideachas foirmiúil nó oideachas bunscoile, Iarbhunoideachas sóisearach, Iarbhunoideachas sinsearach, Teastas Oideachas Teicniúil/Ardteastas, Céim nó Níos Airde Ní luaitear)

## 2.3 Anailís Riachtanais Ceantair: Ag cur Treallús faoi Théarnamh Eacnamaíochta ar fud na mBailte

Tá idirspleáchas láidir idir bailte agus ceantair thuaithe. Cuireann lonnaíochtaí raon leathan seirbhísí sóisialta agus eacnamaíochta ar fáil dóibh siúd atá ina gcónaí ina gceantair máguaird, tráth a gcruthaíonn ceantair thuaithe éileamh ar an iliomad seirbhísí sna lonnaíochtaí trí amhábhar agus gníomhaíochtaí eacnamaíochta a tháirgeadh ar nós talmhaíocht, déantúsaíocht, turasóireacht agus caitheamh aimsire.

Tá lonnaíochtaí atá inbhuanaithe, beoga agus inmharthana go heacnamaíoch (lonnaíochtaí móra nó ar mheánmhéid) ríthábhachtach ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar phobail tuaithe, agus cuireann treallús faoina gcuid ionad lonnaíochta ar a seal féin.

Tá líon bailte ar fud Dhún na nGall deartha mar mhoil forbartha. Tá na hainmniúcháin seo leagtha amach le forbairt earnála atá níos sonraí a chur chun cinn agus a threorú i líon príomhbhailte mar atá leagtha amach sna táblaí cóngaracha.

Tá an acmhainn ag tionscnaimh athghiniúna uirbeach ar scála mór nó ar scála beag, bunaithe ar théamaí earnála den sórt seo, le roinnt bailte ar fud an Chontae a spreagadh chun feidhmiú mar thiománaithe i ndáil le forbairt inbhuanaithe agus ionad seirbhísí dá gceantar máguaird faoi seach.

Bun Dobhráin – Turasóireacht Mhara

Béal Átha Seanaidh – Turasóireacht Chultúrtha

Baile Dhún na nGall – Turasóireacht

Bealach Féich/Srath an Urláir – Spórt

Carn Domhnach/Bun Cranncha – Turasóireacht

Gaoth Dobhair – Forbairt Gnó

Na Cealla Beaga – Athnuaiteáin & Bia

Tá sé riachtanach go gcuirfidh tionscadail, beartais agus tionscnaimh nua an méid is fearr is féidir le hacmhainn ár mbailte ar mhaithe le leanúint le forbairt mar thiománaithe eacnamaíochta agus sóisialta ó thaobh tacú le forbairt inbhuanaithe dá gceantair máguaird trí;

- Forbairt sheicheamhach ón lár
- Athúsáid foirgnimh atá folamh agus tréigthe
- Forbairt spriocdhírithe láithreáin athfhorbraíochta agus talamh eile i lár na mbailte nach bhfuil mórán úsáid á bhaint as.

I scrúdú a dhéanamh ar an acmhainn atá ag bailte tuaithe chun feidhmiú mar fheithiclí ar mhaithe le hathbheochan eacnamaíochta, cuireann na cuspóirí pleanála uirbeach maidir le comhdhlúthú agus láidriú atá aitheanta do raon bailte i gCroístraitéis Dhún na nGall, ardán ar fáil do thionscnaimh athghiniúna agus athfhorbartha.

- Cuidiú le tograí atá ag pobail agus gnóthaí atá dírithe ar dhul i ngleic le meathlú tuaithe agus gan mórán a bheith ag tarlú trí athghiniúint agus athghrádú ag láithreacha uirbeacha lárnacha (foirgnimh & spásanna)

Feidhmíonn an méid atá luaite thuas le haghaidh a thabhairt ar threochtaí atá aitheanta maidir le tréigean, folúntais agus dlús daonra i láir bailte. Feidhmíonn tograí den sórt sin freisin le cur leis an gcaighdeán saoil tríd an timpeallacht maireachtála a fheabhsú agus lenár n-ionad seirbhísí áitiúla a fhás chun feidhmiú mar bhonn turasóireachta, moil mhiondíola, ionaid fhostaíochta, srl. Go ginearálta, tá an acmhainn ag deiseanna le hathúsáid a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana lenár bhfoirgneamh, sráid-dreacha agus bailte oidhreachta atá stairiúil agus lena mbaineann tábhacht ailtireachta a chaomhnú agus a chur chun cinn. Ar an mbealach seo dírítear ar théamaí tábhachtacha eile LEADAR a bhaineann le cur an méid is fearr is féidir le hacmhainní finideach ar nós talamh agus le cur le héifeachtúlachtaí timpeallachta trí uasghrádú foirgneamh.


# Caibidil 3 Seirbhísí atá Uilechuimsitheach ó thaobh Cúrsaí Sóisialta a Sheachadadh

## 3.0 Ag Scrúdú na Díothachta i nDún na nGall

Leanann díothacht agus eisiamh sóisialta le dúshláin a chruthú i gComhthéacs Dhún na nGall. Thug Scór Díothachta Coibhneasta *Haase Pratschke* scór de 6.25 do Dhún na nGall - rud a chiallaigh go raibh sé ar an dara ceantar údaráis áitiúil ba mhó díothachta sa Stát ag teacht i ndiaidh Cathair Luimnigh ag -6.66. Léiríonn anailís ar na táscairí a mbaintear úsáid astu i gcur Innéacs *Haase Pratschke* le chéile gurbh iad príomhthiománaithe an scóir ísil díothachta do Dhún na nGall ná gnóthachtáil íseal oideachais ag (26.1%) agus ráta ard dífhostaíochta i measc na bhfear ag (31.4%).

Réimsíonn an scór díothachta coibhneasta i gContae Dhún ón scór don cheantar is saibhre +11.09 (a taifeadadh i Loch Iascaigh chomh fada leis an scór don cheantar is mó atá faoi mhíbhuntáiste – 25.54 (a taifeadadh sa Dúchoradh). Go spásúil, tá rátaí faoi bhun an mheáin araon soiléir i gceantair thuaithe agus uirbeacha. As na 149 Toghcheantar i gContae Dhún na nGall, d'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar 103 acu mar '*a bheagán faoi bhun an mheáin'*, rangaíodh 36 mar '*thoghcheantair faoi mhíbhuntáiste*' agus 2 *mar 'thoghcheantar atá go mór faoi mhíbhuntáiste'*. Dá bhrí sin, bhí scór ag 141 Toghcheantar a tháinig faoi bhun an mheáin go náisiúnta +0.24. Rinneadh taifeadadh ar 'thoghcheantar a bhí beagáin os cionn an mheáin sna toghcheantair timpeall ar Leitir Ceanainn, Bun Dobhráin agus Loch Iascaigh.

**Fíor 1: Díothacht Choibhneasta**




(**Eochair Eolais**: Saibhir; Beagán Os Cionn an Mheáin; Beagán Faoin Meán; Faoi Mhíbhuntáiste; Thar a Bheith Faoi Mhíbhuntáiste)

## 3.1 Pobail a bhfuil sé Deacair Teagmháil a Dhéanamh Leo


### 3.1.1 Daoine atá ina gCónaí faoin Tuath

De réir an Chláir Forbartha Tuaithe 2014 – 2020, breithnítear ceantair thuaithe in Éirinn ar na ceantair sin atá lasmuigh de chathracha Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Dá bhrí sin, is féidir féachaint ar Chontae Dhún na nGall ina iomláine mar chuid den cheantar tuaithe.

Rangaíonn Daonáireamh 2011 ceantar tuaithe comhiomlán a bheith comhdhéanta de dhaonra de 1,500 áititheoir agus tá naoi gcinn de bhailte den sórt sin i gContae Dhún na nGall; Leitir Ceanainn, Bun Cranncha, Bealach Féich-Srath an Urláir, Baile Dhún na nGall, Carn Domhnach, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Leifear agus An Bun Beag-Doirí Beaga. Dá bhrí sin, tá 27.4%[iv] de dhaonra iomlán Chontae Dhún na nGall ina gcónaí i gceantair uirbeacha comhiomlán i gcomparáid le 62% sa Stát[v]. Cuireann sé seo tuilleadh béime ar nádúr tuaithe Chontae Dhún na nGall le 72.6 2% dá dhaonra (nó 116,890 duine) ina gcónaí i gceantair thuaithe comhiomlán i gcomparáid le 38% don Stát.

Cuireann an léarscáil seo a leanas (Fíor 2) treochtaí athraitheach daonra de réir Toghcheantar i gContae Dhún na nGall i láthair, tar tréimhse 2006 - 2011. Léiríonn an léarscáil seo go bhfuil an fás is láidre sa daonra lonnaithe sna Toghcheantair feadh na hAise Thoir Thuaidh i gcomhthráth le suíomh na gceantar uirbeach comhiomlán is mó ach an chuid is tapa sa Chontae atá ag fás. Rinne taifeadadh ar an fhás is laige sna Toghcheantair sa chuid Thiar Theas den Chontae. Chomh maith leis sin, bhí pócaí sonracha i: Leitir Ceanainn Uirbeach, Crosairí, Fánaid Thuaidh & Thiar, Grianfort agus Bun an Ghaoith agus timpeall ar Phaiteagó agus Béal Átha Seanaidh. Tháinig fás ar 123 Toghcheantar, tháinig meath ar 25, d'fhan ceann amháin (1) mar a chéile, an 4ú comhpháirt tuaithe is mó sa Stát.

**Fíor 2: Patrúin Daonra**




*(**Eochair Eolais**: Bailte le Daonra > 1500; Athrú Daonra; Diúltach (-22- 0%); Dearfach (0- 164%)*

#### 3.1.2 Pobail Ghaeltachta

Tá Gaeltacht Dhún na nGall suite den chuid is mó sa taobh thiar den Chontae feadh an chósta agus is í an dara Gaeltacht is mó sa tír í. Tá daonra de 23,783 i nGaeltacht Dhún na nGall (Daonáireamh 2011) agus is ionann é agus 24.5% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Comhdhéanann na trí pharóiste, Na Rosa, Gaoth Dobhair agus Cloch Cheann Fhaola príomhionad daonra Ghaeltacht Dhún na nGall agus le daonra de os cionn 16,000 breithnítear gurbh é seo an ceantar tuaithe is mó dlús daonra san Eoraip é. Cé gurbh í an teanga an tréith is uathúla sa cheantar seo, tá cothabháil á dhéanamh sa Ghaeltacht freisin ar oidhreacht shóisialta agus cultúrtha atá saibhir. Is minic le himeallacht Ghaeltacht Dhún na nGall agus úsáid na Gaeilge saincheist mhór a chruthú ó thaobh rochtain do dhaoine atá ina gcónaí sna ceantair Ghaeltachta ar earraí agus ar sheirbhísí.


#### 3.1.3 Pobail Cois Cósta & Oileán

Tá ceantar cósta de 1,134km i nDún na nGall (17% d'iomlán an Stáit) atá garbh agus ina bhfuil an iliomad oileán. Tá cónaí ar oileáin Árainn Mhór, ar Thoraigh, Inis Fraoigh, Oileán an Bhráighe agus ar Gabhla agus tá siad suite laistigh den Ghaeltacht. Síneann uiscí teorann na hÉireann chuig teorainn 12 muirmhíle (22km). Go stairiúil, bhí tionscal na hiascaireachta thar a bheith tábhachtach do Dhún na nGall. Bhí tionchar, áfach, ag athstruchtúrú agus ag srianta cuóta leis na déaga de bhlianta anuas ar an tionscal seo. Cruthaíonn suíomh geografach an chósta agus na n-oileán deacrachtaí maidir le rochtain, cumarsáid agus forbairt eacnamaíochta do na pobail seo. Bhí drochthionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar phobail iascaireachta i nDún na nGall agus teastaíonn malairt bealaí uathu le maireachtáil.

## 3.2 Grúpaí Tuaithe atá Leochaileach

#### 3.2.1 Daoine Óga
Sa bhliain 2006 bhí 33,426 duine faoi aois 15 bliain i gcomparáid le 36,949 in 2011. Is ionann é seo agus fás de 10.1% (3523) i gcomparáid le fás de 13.3% sa Stát. Mar sin tá 23% den daonra i gContae Dhún na nGall faoi 15 bliain d'aois agus tá sé seo níos airde ná an céatadán den sciar sa Stát atá ag 21.3%. Léiríonn Fíor 3; dáileadh aoise an daonra faoi 15 bliain d'aois a léiríonn tiúchan níos ísle sa taobh Thiar Theas den Chontae agus tiúchan níos airde feadh na hAise Thuaidh Thiar.

**Fíor 3: An Daonra Daoine Óga**




Bhí **45,704 duine idir 0-18 bliain** agus na blianta sin san áireamh agus is féidir iad seo a bhriseadh síos de réir líon saolré sainiúla:


- Léiríonn Daonáireamh 2011 – Leanaí Réamhscoile (0-4 bliain), ardú i líon na leanaí réamhscoile ó 11,168 in 2006 go 12,727 in 2011 nó ardú de 14% (1,599 leanbh). Tá sé seo níos airde ná an t-ardú de 9.4% ar an daonra i gContae Dhún na nGall ina iomláine ach tá sé níos ísle ná an t-ardú de 18% a tharla sa chuid eile den Stát. Tá líon impleachtaí aige seo do sheachadadh seirbhíse laistigh den chontae, i dtéarmaí soláthar cúram leanaí leordhóthanach, tacaíocht do leanaí le riachtanais speisialta, rochtain ar Dhochtúirí Teaghlaigh, seirbhísí ospidéil srl.
- Leanaí Bunscoile (5-12 bliain) – Bhí ardú ar líon na leanaí a bhí in aois bunscoile i gContae Dhún na nGall, tháinig ardú air seo ó 17,830 in 2006 go 19,463 in 2011, nó ardú de 9.2% (nó 1,663 leanbh). B'ionann líon na leanaí bunscoile sa Stát sa bhliain 2011 agus 504,267, ag ardú go 12% thar an tréimhse idir-dhaonáireamh agus ag ráta níos tapa ná an Stáit. Tá seirbhísí beagnach mar a chéile do leanaí bunscoile, tá ardú tagtha ar an tábhacht áfach, atá le hiompar chun scoile agus le cineálacha eile gníomhaíochtaí spóirt agus caitheamh aimsire.
- Leanaí Meánscoile (13 -18 bliain) - Bhí ardú de bheagán (0.2%) i líon na leanaí a bhí in aois meánscoile (13-18 bliain) i gContae Dhún na nGall ó 13,482 in 2006 go 13,514 in 2011. Sa bhliain 2011, b'ionann líon iomlán na leanaí sa Stát a bhí in aois meánscoile agus 344,931, ardú de 0.8%. Arís tá seirbhísí den chineál céanna atá thuas riachtanach chomh maith le hiompar chuig scoileanna agus coláistí araon agus socrúcháin oibre srl.

**3.2.2 Daoine Scothaosta**

Tá daoine i gContae Dhún na nGall ag maireachtáil níos faide agus tháinig ardú 17 % (nó 3,060 duine) go 21,471 ar an daonra a bhí os cionn 65 bliain sa bhliain 2011. As na 21,471 duine a tháinig faoin gcatagóir aoise seo bhí 9,241 duine acu os cionn aois 75 bliain, 168 duine os cionn aois 95 bliain agus bhí 25 duine os cionn 100 bliain d'aois. Ar an iomlán, tá 13.3% den daonra i nDún na nGall ag teacht faoin gcatagóir 65 bliain agus os a chionn. Cé go bhféadfadh ionchas saoil a bhfuil ardú tagtha air a bheith ina theistiméireacht d'fhás ar chúram sláinte go ginearálta agus do cháilíocht na timpeallachta nádúrtha agus fisiciúil, go háirithe i gContae Dhún, ó thaobh seachadadh seirbhíse, tá sé tábhachtach a chinntiú gur blianta folláine a bheidh sna blianta breise sin. Léirigh Daonáireamh na bliana 2011 go raibh 12.5% den daonra i gCeantar Údarás Réigiúnach na Teorann 65 bliain d'aois agus os a chionn. Léiríonn taighde a thug AIRO[vii] faoi le déanaí go mbeidh 21.5% den daonra i gCeantar Údarás Réigiúnach na Teorann os cionn 65 bliain faoi 2031, agus beidh dúshláin ollmhóra a bhaineann le déimeagrafaíocht agus seirbhísí ag gabháil leis sin.

Taispeánann Fíor 4 thíos go bhfuil tiúchan de dhaoine scothaosta atá os cionn an mheáin le fáil ar an taobh Thiar agus in Iarthuaisceart an Chontae, i gceantair Ghaeltachta go príomha agus i gceantair ina bhfuil leibhéil níos ísle fáis ó thaobh daonra.

**Fíor 4: Daonra Scothaosta**




**Cóimheas Aoise is Cleithiúnais**

Ag tógáil san áireamh na gcohórt daonra atá leagtha amach thuas, ní aon ionadh é go bhfuil an dara cóimheas aoise is cleithiúnais ag Dún na nGall ag 56.9% i gcomparáid leis an Stát, tráth arbh ionann an ráta agus 49.3%. Mar sin tá 1.75 duine atá in aois oibre in aghaidh gach duine amháin scothaosta nó daoine óga i gContae Dhún na nGall. Is i dtéarmaí ioncam

cánach atá níos ísle, cistí pinsin atá níos ísle agus caiteachais níos airde an Rialtais ar sheirbhís atá tionchar na rátaí arda aoise is cleithiúnas le feiceáil.

## 3.3 Seirbhís Phobail Inbhuanaithe

### 3.3.1 Ionaid Pobail

Tá an acmhainn ag ionad pobail chun dul i ngleic le go leor de na dúshláin atá i ndán do phobail tuaithe i nDún na nGall. Tá infheistíocht shuntasach déanta i dtógáil agus in uasghrádú ionaid pobail le blianta beaga anuas, agus tá líonra ardleibhéil de bhonneagar pobail ar fud an Chontae mar thoradh air sin. Tá an deis ann le hardú a chur ar ghníomhaíocht agus le leathnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht ionaid den sórt sin. Tá an acmhainn ag ionaid pobail feidhmiú mar mhoil teicneolaíochta pobail ó thaobh cuidiú le seirbhísí ar líne a sholáthar do dhaoine den phobal a bhfuil sé deacair teagmháil a dhéanamh leo agus a bhféadfadh sé nach bhfuil an teicneolaíocht nó na scileanna acu le rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin. Mar gheall ar an acmhainn atá ann roinnt ionaid pobail a chur in oiriúint don iliomad pointí seirbhíse a chuimsíonn fiú fiontair sóisialta nó cultúrtha, tá deiseanna iontach ann le hardú a chur ar líon na dturasóirí agus an iliomad gnóthaí a dhéanamh inmharthana sa phróiseas. Trí chur le hinmharthanacht eacnamaíoch agus le beogacht sóisialta láithreacha den sórt sin, beidh ar chumas pobail tuaithe cur an méid is fearr is féidir lena n-acmhainneacht. Tá deiseanna ann le laghdú a dhéanamh ar úsáid breoslaí iontaise agus le costais reáchtála foirgnimh pobail a laghdú ag an am céanna trí thionscnamh ar nós clár *Better Energy Community* an SEAI.

### 3.3.2 Oideachas agus Foghlaim

Tá láithreacht institiúidí tríú leibhéil sa Chontae mar phríomhláidreacht. Tá 3,300 mac léinn lánaimseartha in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus is de bhunú Dhún na nGall 70% acu sin. Tá mic léinn ó 15 tír idirnáisiúnta ag freastal ar an gcoláiste. Tá dhá champas ag an gcoláiste, ceann i Leitir Ceanainn agus ceann sna Cealla Beaga, a sholáthraíonn cláir Gnó, Innealtóireachta, Eolaíochta agus Turasóireachta.

Amhail is faide a choinníonn duine leis an oideachas amhail is airde an scil a bhaintear amach. Tá ardteastas, gnáthchéim, céim onóracha, iarchéim agus cáilíocht dochtúireachta ag 23,744 duine i gContae Dhún na nGall. Tá cáilíocht tríú leibhéil ag 22% ar an iomlán de na daoine a bhfuil a gcuid oideachais tugtha chun críche acu. Thug 9115 faoi na hEolaíochtaí Sóisialta, Gnó agus Dlí agus is é seo an príomhchúrsa i 42% de na Toghranna sa Chontae. Ina dhiaidh sin tháinig innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil le 8127 agus bhí sé seo mar ghné i 32% den na Toghranna go léir, agus bhí Sláinte agus Leas ar an bpríomhchúrsa de réir réimse staidéir agus is ionann é agus 13% de na Toghranna go léir, le 7390. Baintear cáilíochtaí Eolaíochtaí Sóisialta, Gnó agus Dlí amach tar éis dhá bhliain nó níos mó i gContae Dhún na nGall nó lasmuigh de, taispeánann dáileadh spásúla de 9115, comhghaol le bailte sraith a haon, sraith a dó agus an chuid is mó de bhailte shraith a trí. Thug 8127 faoin innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil mar phríomhchúrsa staidéir agus tá an tiúchan is mó atá os cionn meán de 57 agus níos mó i mbailte sraith a haon, i mbailte sraith a dó go

léir, sa chuid is mó de shraith trí agus i níos mó ná leath de shraith ceathair. Tá Sláinte agus Leas scaipthe anseo agus ansiúd ar fud an Chontae le claonadh de bheagán a bheith lonnaithe i dToghranna nó thart timpeall orthu ina bhfuil lonnaíochtaí Sraith a haon, do agus trí.

Tá an dara céatadán is airde daoine i nGeatabhealach Leitir Ceanainn, atá ina gcónaí sna Bailte Geatabhealaigh go léir, a d'fhág oideachas foirmiúil in aois 19 bliain agus os a chionn. Sa bhreis air sin, tá an ceathrú céatadán is ísle daoine i nGeatabhealach Leitir Ceanainn freisin, atá ina gcónaí i mBailte Geatabhealaigh, a d'fhág oideachas ag 18 bliain d'aois nó níos óige. Tá 18,445 duine in aois 15 bliain agus níos mó in oideachas lánaimseartha nó ag tabhairt faoi chúrsa oiliúna.

Tá líonra cuimsitheach cláir agus ionaid bunaithe ag BOO Dhún na nGall ar fud an Chontae agus chuir sé seo rochtain ar oideachas aosach ar fáil do chách. Bhí 11,826 foghlaimeoir cláraithe in 2013 , bhí 685 sa tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach; 667 ar Thionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas; 2,130 in Oideachas Bunúsach; 180 ar SDOG (Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais; 160 ar Ógtheagmháil; 5,613 in Oideachas Pobail; 1,226 in Ionad Oiliúna T.F.; 174 san Ionad Oiliúna T.F. Soghluaiste agus 991 ar Chláir Ranganna Oíche.

Tá acmhainní oideachais as cuimse i nDún na nGall, le 177 bunscoil agus scoileanna príobháideacha le líon iomlán de 19,073 cláraithe sa bhliain acadúil Meán Fhómhair 2013/2014. Tá 27 meánscoil ann le líon daltaí de 12,734 cláraithe don bhliain acadúil 2013/14.

**Leabharlanna**

Tá líonra de 13 leabharlann ar fud an chontae, 11 ionad Taobh Tíre, leabharlann soghluaiste Trasteorann (a chlúdaíonn oirthear an chontae agus tuaisceart Éireann) le thart ar 335,700 cuairteoir ar bhonn bliantúil agus deiseanna le tacaíocht a thabhairt d'fhiontair chruthaitheacha. Mar shampla, tá bailiúcháin leabhair sna leabharlanna chun tacú le daoine ar mian leo a ngnó féin a thosú, soláthraíonn siad rochtain ar nuachtáin áitiúla/náisiúnta, ar an Idirlíon, agus ar Ionad Faisnéise *Europe Direct*. Tá seomraí cruinnithe i roinnt leabharlanna móra is féidir a úsáid freisin. Cuireann leabharlanna deiseanna ar fáil d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do scileanna tógála agus reáchtálann siad sraith imeachtaí le litearthacht agus leaganacha cruthaitheach a chur chun cinn ar feadh na bliana.

## 3.4 Tithe Inbhuanaithe

Comment [S1]:


Is féidir feabhas a chur ar inbhuanaitheacht trí infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar atá ann cheana féin, cibé an bhfuil sé críochnaithe nó ar thithíocht nua nach bhfuil dóthanach atá ann, tithe atá níos sine nó tithe atá tréigthe. Trí infheistíocht den sórt sin, is féidir tithe a theasdíonadh amach anseo trí laghdú a dhéanamh ar an méid a mbítear ag brath ar fhuinneamh neamh-inathnuaite inár gcuid tithe. Déanann an chuid seo scrúdú ar ár seasamh reatha i dtéarmaí ár n-úsáid breosla faoi láthair, úsáid malairt iompair agus leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh inár gcuid foirgneamh srl.

### 3.4.1 Aois na Tithíochta

Rinneadh foráil an chéad lá riamh do Rialacháin Foirgníochta faoi Alt 86 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 agus liostaíodh ábhar a bhféadfaí rialacháin a fhorordú ina leith. Níor achtaíodh na rialacháin sin riamh, áfach, agus roimh 1992, ní raibh aon Chaighdeáin Foirgníochta Náisiúnta i bhfeidhm ar fud na tíre (cé go raibh fodhlíthe foirgníochta i bhfeidhm i gcodanna den tír). Thug an tAcht um Rialú Foirgníochta 1990 (ARF 1990) isteach na chéad Chaighdeáin Fhoirgníochta Náisiúnta in Éirinn. Tháinig na rialacháin i bhfeidhm an 1 Meitheamh 1992.

Ní raibh foirgnimh a tógadh roimh 1992 (lena n-áirítear foirgnimh i nDún na nGall) faoi réir ag rialacháin rialaithe foirgnimh. Tugann Léarscáil 5 thíos mionsonraí maidir leis an stoc tithíochta a tógadh roimh 1992. Measadh go leor de na foirgnimh seo a bheith faoi bhun an chaighdeáin foirgníochta i dtéarmaí struchtúir, dóiteán, ullmhú suíomh agus frithsheasmhacht in aghaidh taise, ábhair, ceardaíocht, torann, aerú, sláinteachas, draenáil agus diúscairt dramhaíola, fearais maidir le giniúint teasa, staighrí, rampaí agus ráillí cosanta, caomhnú breosla agus fuinneamh, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas (leagan an liosta seo amach na codanna éagsúla de na rialacháin reatha).

**Fíor 5: Stoc Tithíochta a Tógadh roimh 1992**



**3.4.2 Úinéireacht Tithíochta**

Bhí 57,964 líon tí príobháideach i gContae Dhún na nGall, tháinig ardú 15% air seo thar an tréimhse 2006-11. Bhí 57,721 ina líonta tí príobháideacha buan (ardú 15% 2006 – 2011) agus bhí 243 ina n-áiteanna cónaithe príobháideacha sealadach in 2011(laghdú -42% 2006-2011).

- Bhí 43% de na háiteanna cónaithe (24,268) úinéir-áitithe gan iasacht ná morgáiste i gcomparáid le 34% sa Stát.
- Bhí 32% de na háiteanna cónaithe (18,418) úinéir-áitithe le hiasacht nó morgáiste i gcomparáid le 35% sa Stát. Bhí 27% (nó 4,929 líon tí) de na líonta tí le hiasacht nó morgáiste i gContae Dhún na nGall faoi úinéireacht duine a bhí dífhostaithe nó faoi úinéireacht duine nach raibh san fhórsa saothair.
- Bhí 24% de na líonta tí (13,989) ar cíos, tháinig ardú 19% (nó 9,471 líon tí) ó 2006 air sin. Bhí formhór na líonta tí seo ar cíos (53%) ó thiarnaí talún príobháideach, agus 34% ar cíos ó Údarás Áitiúil, 3 % ó Chomhlacht Deonach agus bhí 10% á n-áitiú saor in aisce. B'ionann an céatadán líon tí a bhí ar cíos sa Stát agus 29%.

**3.4.3 Comhdhéanamh Teaghlaigh**

As na 57,964 líon tí príobháideach i nDún na nGall, bhí:

- 14,890 líon tí duine singil (26%), atá níos airde ná an céatadán comhfhreagrach don Stát ag 24%
- 29,486 líon tí fear céile agus bean chéile le/nó gan leanaí ná daoine eile (51%), atá níos mó ná céatadán an Stát ag 49%
- 3,247 líon tí comhchónaithe le/nó gan leanaí ná daoine eile (6%), atá níos lú ná céatadán an Stát ag 9%
- 6,947 líon tí aontuismitheora (12%), beagán níos airde ná céatadán an Stát.
- 515 líon tí aontuismitheora le/nó gan aon duine eile (1%)
- 572 líon tí ilaonad teaghlaigh le/nó gan aon duine eile (1%)
- 2,307 líon tí nach teaghlach iad, atá comhdhéanta de dhaoine atá gaolmhar nó daoine nach bhfuil gaolmhar (4%)
- Bhí 29% de na daoine go léir i gcatagóir aoise 65 bliain agus os a chionn (nó 5,763) ina gcónaí leo féin.

**3.4.4 Seirbhísí Tithíochta atá Riachtanach**

**Téamh Lárnach**

Baineann formhór na líonta tí i gContae Dhún na nGall (@) 69.7%) úsáid as ola mar phríomhfhoinse téimh lárnaigh. As na 34 ceantar údarás áitiúil, bhí Dún na nGall ar an ceathrú contae ab airde a bhí ó thaobh a bheith ag brath ar ola, i ndiaidh Mhuineacháin ag (78.4%), an Cabhán (72.5%) agus Port Láirge ansin ag (71%). B'ionann céatadán na líonta tí sa Stát a bhaineann úsáid as ola lena gcuid tithe a théamh agus 43.7%.

Áiríodh ar bhreoslaí eile ar baineadh úsáid astu le tithe a théamh i gContae Dhún na nGall, gual ag 11.8% (lena n-áirítear antraicít) agus bhí 11.4% ag baint úsáid as móin. Chomh maith leis sin bhí 2.3% ag baint úsáid as leictreachas, 1.5% ag baint úsáid as adhmad (lena n-áirítear millíní adhmaid), bhain 1% úsáid as gás nádúrtha. Chomh maith leis sin, dúirt 703 líon tí (1.2%) i gContae Dhún na nGall nach raibh córas téimh lárnaigh acu (**Féach Tábla 1 Aguisín 3**).

**Soláthar Uisce**

Bhí 77% de gach líon tí áitithe i gContae Dhún na nGall ceangailte leis an bpríomhlíonra uisce in 2011 (74.8% in 2006); 10.9% ceangailte le grúpscéim údaráis áitiúil (11.5% in 2006); 1.6% le grúpscéim uisce príobháideach (2.4% in 2006) agus 7.7% ceangailte le foinse príobháideach uisce eile (8.9% in 2006)

Tá 5,355 líon tí i gContae Dhún na nGall le foinse uisce príobháideach (m.sh grúpscéim uisce príobháideach nó foinse príobháideach eile) agus tógadh 1,368 nó 26% den na tithe sin go léir i gContae Dhún na nGall ó 2011. Ní raibh aon uisce reatha ag 89 líon tí i gContae Dhún na nGall sa bhliain 2011 i gcomparáid le 140 líon tí in 2006 (**Féach Tábla 2 Aguisín 3**).

**Saoráidí Séarachais**

Bhí 40% de na líonta tí áitithe go léir i gContae Dhún na nGall ceangailte le scéim séarachais phoiblí (38.3% in 2006), bhí dabhach shéarachais aonair ag 52% (56.4% in 2006), bhí cóireáil aonair nárbh dabhach shéarachais ag 3.4% (2.1%) agus bhí cineál eile saoráide séaraigh ag 0.6% (0.7% in 2006). Ní raibh aon saoráid séarachais ag 80 líon tí i gcomparáid le 163 in 2006.

Tá 30, 383 dabhach shéarachais aonair laistigh de Chontae Dhún na nGall faoi láthair. Tá laghdú tagtha ar líon na ndabhacha shéarachais i dtithe i gContae Dhún na nGall a tógadh idir na blianta 2001 – 2005 and 2006 – 2011, tráth ar thit a líon ó 4,276 go 3,072 (**Féach Fíor 1 (a & b) Aguisín 3**).

**Naisc Idirlín agus Leathanbhanda**


Lua 36,963 líon tí (65%) i gContae Dhún na nGall go raibh nasc idirlín acu, trí leathanbhanda nó trí chineálacha eile rochtain idirlín. Ní raibh aon nasc idirlín ag 19,662 líon tí agus is ionann é sin agus 34% de na líonta tí go léir i gContae Dhún na nGall agus atá sé níos mó ná meán an Stáit de 26%. As an 19,662 sin, tá 14,533 lonnaithe i gceantair thuaithe comhiomlán agus 5,129 lonnaithe i gceantair bailte comhiomlán. Dá bhrí sin, ní raibh rochtain ag 36% de na líonta tí go léir i gceantair thuaithe comhiomlán i gContae Dhún na nGall ar rochtain idirlín, i gcomparáid le 32% i gceantair thuaithe comhiomlán sa Stát. Agus ní raibh rochtain idirlín ag 31% de na líonta tí go léir i gceantair bailte comhiomlán i gContae Dhún na nGall i gcomparáid le 23% i gceantair bailte comhiomlán sa Stát (**Féach Tábla 3 (a, b & c) Aguisín 3).**

## 3.5 Cruthú Fostaíochta Inbhuanaithe

### 3.5.1 Deiseanna Fostaíochta

De réir an *Business Demography Dataset* ón CSO, bhí 5,166 fiontar[ix] gníomhach i gContae Dhún na nGall in 2012, laghdú bliain ar bhliain ó 2006, tráth ar sheas líon na bhfiontar gníomhach ag 7,153. B'ionann agus 25,460 líon na ndaoine a bhí rannpháirteach sna cuideachtaí seo in 2012 agus b'ionann líon na bhfostaithe agus 22,249.

**Fíor 6: Gníomhaíocht Eacnamaíoch i gContae Dhún na nGall, 2012**




(**Eochair Eolais** *Trádáil Mórdíol agus Miondíol; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothair; Tógáil; Gníomhaíochtaí Cóiríochta agus Seirbhíse Bia; Gníomhaíochta Gairmiúla, Eolaíocht agus Teicniúil; Déantúsaíocht; Iompar agus Stóráil; Oideachas)*

### 3.5.2 Treochtaí Fostaíochta

**Daoine ag Obair**

Bhí 53,277 duine i gContae Dhún na nGall ag obair in 2011, laghdú de 3,393 duine (nó -6%) ó 2006, atá ag teacht leis an treocht náisiúnta. Ar na príomhearnálacha fostaíochta i nDún na nGall bhí:

- Uimhir 1, 'trádáil mórdíola agus miondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothair' (a bhí rangaithe ag Uimhir 2 in 2006);
- Uimhir 2, 'Gníomhaíochtaí maidir le sláinte an duine agus obair shóisialta' (a bhí rangaithe ag Uimhir 3 in 2006);
- Uimhir 3, 'Oideachas' (a bhí rangaithe ag Uimhir 5 in 2006);
- Uimhir 4, 'Déantúsaíocht' (a bhí rangaithe ag uimhir 4 in 2006);
- Uimhir 5, 'Talmhaíocht Foraoiseacht agus Iascaireacht' (a bhí rangaithe ag Uimhir 7 in 2006)

B'ionann líon na bhfear a bhí ag obair in 2011 agus 27, 933, laghdú 14.9% thar an tréimhse 2006 – 2011[x]. B'ionann líon na mban a bhí ag obair in 2011 agus 25,344, áfach, ardú 6.3%[xi] thar an tréimhse 2006 – 2011.


**Dífhostaíocht**
Sa bhliain 2011 bhí 18,869 duine dífhostaithe nó ina gcuardaitheoirí poist den chéad uair, ardú de 10,447 duine ó 2006. Tháinig ardú ar ráta[xii] dífhostaíochta Dhún na nGall ó 12.9% in 2006 go 26.2% in 2011. I gcomparáid le contaetha eile sa Stát tá an ráta dífhostaíochta is airde i nDún na nGall, leis an Longfort ag 24.7% agus Loch Garman ag 24%. Tháinig ardú ó 8.5% in 2006 go 19.0% ar an ráta dífhostaíochta sa Stát freisin.
Ar cheann de phríomhthiománaithe ó thaobh droch-rátaí díothachta Dhún na nGall sa bhliain 2011 bhí na leibhéil arda dífhostaíochta i measc na bhfear.
Bhí dhá oiread dífhostaíochta i measc na bhfear i gContae Dhún na nGall in 2011, seachas mar a bhí i measc na mban nó bhí siad ina gcuardaitheoirí poist den chéad uair le 12,766 fear agus 6,103 bean dífhostaithe nó ina gcuardaitheoirí poist den chéad uair. D'ardaigh rátaí dífhostaíochta i measc na bhfear ó 14.4% in 2006 go 31.4% in 2011. Tháinig ardú ar an ráta dífhostaíochta i measc na mban ó 10.8% in 2006 go 19% in 2011. Tá an dá ráta dífhostaíochta níos airde i measc na bhfear seachas mar atá i measc na mban don Stát ag 22% agus 15% faoi seach.
Bhí dífhostaíocht i measc daoine óga ina saincheist i gContae Dhún na nGall in 2011, mar go raibh 32% den daonra san fhórsa saothair in aois idir 16 agus 35 dífhostaithe i gcomparáid le 23% don Stát. Taispeánann anailís bhreise, go bhfuil 39.4% d'fhir[xiii] agus 23% de mhná[xiv] a thagann faoin gcatagóir aoise sin dífhostaithe (**Féach Tábla 4 Aguisín 3**).

## 3.6 Forbairt Scileanna agus Acmhainní Daonna

### 3.6.1 Bonneagar Oideachais
Sa bhliain acadúil 2013-2014, bhí 175 scoil náisiúnta príomhshrutha i nDún na nGall le líon iomlán de 18,919 dalta cláraithe agus bhí 2 scoil speisialta ann agus tá an dá scoil sin lonnaithe i Leitir Ceanainn, le líon iomlán de 154 dalta cláraithe.

Is ionann an *Digital Schools of Distinction* agus clár suntasach a bhfuil sé mar aidhm le sármhaitheas in úsáid na teicneolaíochta i mbunscoileanna a aithint, a chur chun cinn agus a spreagadh. Léiríonn Fíor 7 go bhfuil 62 scoil den sórt sin ar tí a bheith ina scoileanna digiteacha i gContae Dhún na nGall faoi láthair. Bhí 27 iar-bhunscoil ann in 2014-2015, le líon iomlán de 12,854 dalta cláraithe.

**Fíor 7:** ***Digital Schools of Distinction***




**Bonneagar Tríú Leibhéal**

Tá deiseanna níos fearr i dtéarmaí oideachas tríú leibhéal i nDún na nGall le blianta beaga anuas. Tá dhá champas tríú leibhéal ag Instiitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i nDún na nGall faoi láthair; ceann i Leitir Ceanainn agus ceann sna Cealla Beaga. Cuireann na Scoileanna Gnó, Innealtóireachta, Eolaíochta agus Turasóireachta raon leathan cláir ar fáil, le dámhachtainí suas chomh fada le leibhéil Máistreachta agus Dochtúireachta. Tá réimse leathan cúrsaí lena bhfuil deimhniúchán ag gabháil á gcur ar fáil ag Bord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (BOO) agus ag an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS). Déantar seachadadh ar sheirbhísí an BOO ar fud an Chontae trí líonra ionaid oiliúna, lena n-áirítear, Srath an Urláir, Leifear, Gaoth Dobhair, Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall agus Baile na nGallóglach, mar shamplaí. Tá líonraí agus moil oideachais éifeachtacha sa Chontae, mar atá le feiceáil i mBealach Féich-Srath an Urláir agus Ráth Bhoth tríd an soláthar oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile, Breisoideachais agus Oiliúna, an Lárionad Oiliúna Réigiúnach agus comhpháirtíocht idir Ionad *Finn Valley* agus ITLC le cúrsaí creidiúnaithe breise a sheachadadh do chóitseálaithe spórt. Sa bhreis air sin, is oiliúint speisialaithe breise ar nós '*Effective Offshore'*, atá sa choláiste oiliúna amach ón gcósta atá san Fhál Carrach, láthair oiliúna suntasach.

### 3.6.2 Leibhéil Gnóthachtála Oideachais

Bhí an leibhéal gnóthachtála oideachais ar cheann de phríomhthiománaithe droch-rátaí díothachta laistigh de Dhún na nGall, agus léiríonn Daonáireamh 2011 as gach duine in aois 15 bliain agus os a chionn i gContae Dhún na nGall, a raibh a gcuid oideachais lánaimseartha tugtha chun críche acu:

- Gur chríochnaigh 24.9% acu gan 'aon oideachas foirmiúil nó bunscoile' i gcomparáid le 15.2% sa Stát.
- Gur chríochnaigh 18.5 % acu le 'iarbhunoideachas sóisearach' i gcomparáid le 16.6% sa Stát.

- Chríochnaigh 17.3% i gContae Dhún na nGall a gcuid oideachais le hiarbhunoideachas sinsearach i gcomparáid le 20% sa Stát.
- Bhain 16.6% amach cáilíocht theicniúil/gairmoideachais, sainteastas printíseachta agus ardteastais i gcomparáid le 18.8% sa Stát.
- Bhain 18.2% amach céim tríú leibhéil nó céim níos airde i gcomparáid le 24.6% sa Stát.

Cé gur tháinig feabhas ar chéatadán na daoine ar tháinig deireadh lena gcuid oideachais lánaimseartha gan aon oideachas foirmiúil ná bunoideachas a bheith bainte amach acu sa bhliain 2011 i gContae Dhún na nGall, tá feabhas tagtha ar chúrsaí ó 2006[xv] nuair a rangaítear iad i measc contaetha eile sa Stát, fós coinníonn an Contae a rangú mar an Contae leis an gcéatadán is airde daoine gan 'aon oideachas foirmiúil ná bunoideachas'. Is díol spéise a thabhairt ar aird go raibh Dún na nGall (24.9%), i measc na 10 gcontae is airde inar rangaíodh daoine 'gan aon oideachas foirmiúil ná bunoideachas sa bhliain 2011, bhí Muineachán (20.8%), Maigh Eo (20.5%), an Cabhán (19.4%), an Longfort (19.3%), Loch Garman (18.5%), Uíbh Fhailí (18%), Lú (17.9%), Liatroim (17.6%) agus Ros Comáin (17.3%), freisin ar na 10 gcontae céanna ab airde a rangaíodh maidir leis seo in 2006.

Is minic gurbh iad na mná a bhaineann amach cáilíocht oideachais tríú leibhéil nó cáilíocht níos airde i nDún na nGall, mar go bhfuil céim tríú leibhéal nó cáilíocht níos airde bainte amach ag 22.1 % de na mná go léir (11,710) a bhfuil a gcuid oideachais lánaimseartha tugtha chun críche acu, i gcomparáid le 14.4% de na fir go léir (7,580). Tá an dá chéatadán níos ísle ná mar atá sa Stát, tráth a bhfuil cáilíocht tríú leibhéil bainte amach ag 27% de na mná go léir agus ag 22% de na fir go léir a bhfuil a gcuid oideachais lánaimseartha tugtha chun críche acu.
Is dóichí le fir i nDún na nGall leibhéil oideachais níos ísle a bheith acu seachas mar a bhíonn ag na mná, mar gur fhág 27.7% de na fir go léir (nó 14,577) a raibh a gcuid oideachais lánaimseartha tugtha chun acu in 2011 gan aon oideachas foirmiúil nó bunoideachas i gcomparáid le 22% de na mná go léir (nó 11,784) a raibh a gcuid oideachais tugtha chun críche acu.

**Cáilíocht Tríú Leibhéil de réir Réimse Staidéir**
Bhí cáilíocht tríú leibhéal bainte amach ag 26,867 duine i gContae Dhún na nGall sa bhliain 2011 tar éis dhá bhliain staidéir nó níos mó a thabhairt chun críche agus bhí sé seo ar an naoú huimhir ab airde sa Stát in 2011. Ar an 10 príomhcháilíocht de réir réimse staidéir sa bhliain 2011 i nDún na nGall bhí:

| | |
|---|---|
| Rangú #1 | Bhain 6,510 duine cáilíochtaí eolaíochtaí sóisialta, gnó agus dlí amach; (1ú sa Stát) |
| Rangú #2 | Bhain 4,724 duine amach cáilíocht sláinte agus leasa; (2ú háit sa Stát) |
| Rangú #3 | Bhain 3979 duine amach cáilíocht oideachais agus cáilíocht oiliúna múinteora (5ú háit sa Stát) |
| Rangú #4 | Bhain 2,998 duine amach cáilíocht eolaíochta, matamaitice agus ríomhaireachta (4ú háit sa Stát) |
| Rangú #5 | Bhain 2,763 duine cáilíocht innealtóireachta, déantúsaíochta agus foirgníochta amach ; (3ú háit sa Stát) |
| Rangú #6 | Bhain 2,347 duine cáilíocht altranais agus cúraim amach; (7ú háit sa Stát) |
| Rangú #7 | Bhain 1,800 duine amach cáilíocht gnó agus riaracháin, cláir leathana (6ú háit sa Stát) |

Rangú #8 Bhain 1,459 duine amach cáilíocht sna daonnachtaí; (9ú háit sa Stát)
Rangú #9 Bhain 1,134 duine amach cáilíocht cuntasaíochta agus cánach; (8ú háit sa Stát)
Rangú #10 Bhain 1,116 duine amach cáilíocht sna hEalaíona (11ú háit sa Stát)

## 3.7 Anailís Riachtanais Ceantair: Ag Cur le hUilechuimsitheacht Shóisialta & le hInbhuanaitheacht i bPobail Tuaithe

Tá go leor daoine i nDún na nGall a dhéanann suas cuid dár bPobail a bhfuil sé Deacair Teagmháil a dhéanamh leo, cibé an bhfuil siad ina gcónaí sna ceantair thuaithe is mó atá scoite amach, sna pobail Ghaeltachta, inár bpobail cois cósta agus oileán. Tá uimhreacha againn ar fud an Chontae freisin atá dul i méid laistigh dár bpríomhghrúpaí leochaileacha, ar nós daoine óga agus daoine scothaosta.
Tá an iliomad bealach ann le feabhas a chur ar stádas na bpobal sin, trí chur le huilechuimsitheacht trí thionscnaimh agus trí dheiseanna sóisialta agus eacnamaíochta. Ní tharlóidh feabhsúcháin den sórt sin ach amháin trí rochtain ar sheirbhísí atá ar ardchaighdeán agus ar bhonneagar eacnamaíochta. Ní mór cur leis an rochtain ar an méid seo a leanas le feabhas a chur ar sheirbhísí den sórt seo:

- **Tithíocht ar ardchaighdeán**
  Tionscnaimh le feabhas a chur ar agus uasghrádú a dhéanamh ar thithíocht le freastal ar rialacháin fhoirgníochta agus cur lena n-inbhuanaitheacht comhshaoil
- **Cláir agus Tionscnaimh Oiliúna**
  Ní mór go mbeidh siad seo sonrach do dheiseanna eacnamaíochta agus bonneagair go háitiúil ar mhaithe le cur ar chumas rannpháirtithe úsáid a bhaint as na scileanna atá faighte acu trí chúrsaí den sórt sin.
- **Seirbhísí ar Líne**
  Trí chur ar chumas daoine aonair rochtain a bheith acu ach 'fios gnó' a bheith acu freisin agus cúnamh le húsáid a bhaint as seirbhísí ar líne, ar nós billí, baincéireacht, miondíol, seirbhísí eolais, cumarsáid, srl. trína n-ionad pobail áitiúil.
- **Seirbhísí iompair tuaithe feabhsaithe**
  Úsáid a bhaint as bealaí nuálacha le hiompar a chur ar fáil do dhaoine aonair ar nós córais uainchláir pobail, bealaí níos sábháilte den bhóthar ar nós rianta agus rotharbhealaí, roinnt feithiclí, ag obair i gcomhar le pobail agus seirbhísí eile atá á gcur ar fáil sa cheantar, m.sh. béilí ar rothaí, seirbhísí altranais pobail, srl.
- **Rochtain níos mó dóibh siúd atá faoi Mhíchumas**
  Tionscnaimh agus tionscadail le cur an méid is fearr is féidir le hinrochtaineacht ar mhaithe le cur ar a gcumas na ndaoine siúd atá faoi mhíchumas a bheith lánpháirteach agus idirghníomhach i seirbhísí laethúla trí sheirbhísí agus bonneagair ardrochtana agus ilchéadfach.
- **Ionaid Phobail mar Mhoil Deise**
  Tionscnaimh chun cur le hinmharthanacht (ag laghdú costais reáchtála agus ag cur le hacmhainneacht sruthanna ioncaim) agus gníomhaíochtaí in ionaid phobail a chuireann tuilleadh deiseanna ar fáil do ghrúpaí leochaileacha le bheith rannpháirteach i ranganna, cúrsaí agus go ginearálta i mbreis idirghníomhaíocht ar bhonn sóisialta.
- **Fostaíocht agus Fiontraíocht**
  Tionscnaimh chun cur ar chumas pobail a bhfuil sé deacair teagmháil a dhéanamh leo leas a bhaint as deiseanna eacnamaíochta méadaithe ón turasóireacht, ar nós cóiríocht, turais cultúrtha agus oidhreachta áitiúil, siopaí, caiféanna, fiontair caitheamh aimsire taobh amuigh srl., a chur ar fáil. D'fhéadfadh tionscadail den sórt

sin athúsáid foirgnimh d'úsáid den sórt sin, forbairt táirgí turasóireachta srl., a thabhairt san áireamh.

# Caibidil 4 Ár dTimpeallacht Tuaithe a Chosaint agus Leas a bhaint aisti

## 4.0 Bithsféar atá Fiáin agus Éagsúil


Cuireann timpeallacht Dhún na nGall deiseanna ollmhóra ar fáil maidir le fás agus forbairt i ndáil le cruthú fiontar agus forbairt táirgí turasóireachta agus, ag an am céanna, tá deiseanna ann chun feabhas a chur ar an rochtain ar áiseanna áineasa do dhaoine atá ina gcónaí i nDún na nGall. Tá cosaint na gnáthóige is tábhachtaí atá againn agus cur chun cinn na timpeallachta gan milleadh chomh maith lenár n-íomhá ghlas mar chuid dhílis d'fhorbairt Branda Dhún na nGall.

Cuireann an Contae rochtain ar fáil do chuairteoirí agus do na daoine atá ina gcónaí i nDún na nGall ar raon éiceachórais shaibhir agus uathúil ó fhaire an mhíl ghoirm agus na deilfe, liamháin ghréine, Iolar Fíréan agus an Traonach go coilíneachtaí rónta timpeall ár gcósta. Bhí ainmniúchán Eorpach agus Náisiúnta do líon láithreáin lena mbaineann tábhacht áitiúil ar fud an Chontae mar thoradh ar an timpeallacht seo atá saibhir agus éagsúil. Ba chóir próifíliú dá bhrí sin a dhéanamh ar láithreán, nádúr agus méid ainmniúcháin den sórt sin agus ba chóir scrúdú a dhéanamh orthu lena chinntiú go bhfuil straitéisí á gcur i bhfeidhm lena gcur chun cinn agus lena gcosaint.

Tá líon mór láithreáin éiceolaíochta agus speicis i nDún na nGall lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta atá faoi chosaint ag reachtaíocht Eorpach agus Éireannach.

## 4.1 Sócmhainní Comhshaoil

**Fíor 1: Ainmniúcháin Comhshaoil**



#### 4.1.1 Láithreáin Natura

Tá Láithreáin Natura 2000 comhdhéanta de líonra atá ar fud na hEorpa de cheantair lena mbaineann tábhacht ar leith agus atá ainmnithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga chun gnáthóga agus speiceas lena mbaineann tábhacht ar leith a chosaint agus a chaomhnú ar nós Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS-anna) (ar nós an fia rua, speiceas sciathán leathair) nó faoin Treoir maidir le hÉin le héin a chosaint, go háirithe speiceas atá gann agus leochaileach (an traonach, éigrit eallaigh).

| Láithreáin Natura 2000 | Líon Láithreán |
|---|---|
| Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS-anna) | 47 |
| Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LfCS): | 25 |
| Iomlán | 72 |

Comparáideach le cóimheas náisiúnta na láithreán Natura 2000, tá sciar suntasach de na láithreáin is tábhachtaí go hidirnáisiúnta againn anseo i nDún na nGall, clúdaíonn Dún na nGall 7% de chlúdach talún na Tíre, in iomláine, fós tá 12.3% de láithreáin ainmnithe iomlán LCS na tíre i nDún na nGall. Tá an daonra traonach is mór sa tír i gContae Dhún na nGall. Tá bogaigh cosanta faoin treoir freisin, go háirithe iad siúd lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta, a mheallann líon mór éin imirceach. Tá Loch Súilí ar an mbogach is tábhachtaí d'éin in Éirinn le 22 speiceas éan uisce, atá tábhachtach ó thaobh uimhreacha náisiúnta agus trí speiceas atá tábhachtach ó thaobh uimhreacha idirnáisiúnta. Tá 122,900 heicteár ann de thailte le hainmniúcháin LCS agus 26,650 heicteár de thailte le hainmniúchán LfCS, a thrasnaíonn a chéile i gcodanna agus atá comhdhéanta de 124,921 heicteár de láithreáin Natura 2000, nó 25.7% de chlúdach talún iomlán Dhún na nGall. Aithnítear go sonrach speiceas ar díol imní a stádas ó thaobh bearta speisialta caomhnaithe in Iarscríbhinn 1 den Treoir maidir le hÉin agus den Treoir maidir le Gnáthóga.  Tá 61 gnáthóg d'Iarscríbhinn 1 in Éirinn, 41 acu sin atá le fáil i gContae Dhún na nGall. Tá 9 gcinn de na 16 gnáthóg thosaíochta atá le fáil in Éirinn in LCS-anna Dhún na nGall.

#### 4.1.2 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Anaclann Fiadhúlra Eile

Bunaíodh Limistéir Oidhreachta Náisiúnta faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000 agus is ionann é agus an t-ainmniúchán bunúsach do chosaint fiadhúlra. Tháinig siad ó Limistéir Inspéise ó thaobh Eolaíochta (LIE) agus áiríonn roinnt de na limistéir gnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha is fearr atá fágtha sa Chontae. D'fhéadfadh sé gur roghnaíodh láithreán ar an mbonn go mba díol suntais speisialta eolaíochta bhí iontu do speiceas, pobail, gnáthóga, tírghné, gnéithe geolaíochta nó geomoirfeolaíochta amháin nó níos mó, nó tréithe éagsúla nádúrtha.

| Ainmniúchán | Líon Láithreán |
|---|---|
| Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON-anna) | 14 |
| Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (LON-anna beartaithe) | 74 |

Tá an iliomad limistéir cosanta fiadhúlra eile sa Chontae. Áirítear orthu sin, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, an iliomad Láithreáin Ramsar, Anaclann Dúlra, Tearmainn Éanlaithe Fiáine, Anaclann Éanlaithe Fiáine, Tearmann Bithghiniteach agus Tearmann Fauna.

Tá **Gleann Bheatha** ar cheann de 6 Pháirc Náisiúnta sa Stát. Tá sí ar an dara páirc is mó le 16,958 heicteár de shléibhte garbh, bratphortaigh agus lochanna nach bhfuil a sárú le feiceáil. Tá an pháirc ina sócmhainn shuntasach éiceolaíochta, caitheamh aimsire agus oideachais don Chontae. Ní féidir luach a chur ar tharraingteacht nó ar luach na páirce, agus is sampla de seo go bhfuil sí fós ar an díol spéise is mó do thurasóirí sa Chontae. Tá an pháirc faoi bhainistíocht ag foireann de mhaoir caomhantais ardoilte le taithí den scoth. Tá maoir fiadhúlra fostaithe freisin le 6 réigiún a chlúdach laistigh den Chontae i dtéarmaí monatóireachta, bainistíochta agus cosaint fiadhúlra.
Bunaíodh **Láithreáin Ramsar** mar thoradh ar Choinbhinsiún Ramsar, agus é mar mhisean leis na bogaigh go léir a chaomhnú agus a úsáid go stuama, trí ghníomhartha áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus comhoibriú idirnáisiúnta, mar chuidiú le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ar fud an domhain. Tá 45 láithreán den sórt sin in Éirinn le 4 láithreán i nDún na nGall.

Tá **Anaclann Dúlra** faoi chosaint faoi Alt 15 agus 16 den Acht um Fhiadhúlra, 1976. Tá na limistéir seo leagtha amach chun a gcuid fauna, flora agus gnáthóg a chaomhnú. Tá a bhformhór faoi úinéireacht Stát, ach tá roinnt acu faoi úinéireacht phríobháideach, áfach. Tá 9 nAnaclann Dúlra i gContae Dhún na nGall.
Tá **Tearmann Éanlaithe Fiáin** faoi chosaint ag an Acht um Fhiadhúlra, 1976 (Orduithe Séasúir Oscailte) agus tá cosc ar lámhach ionas go mbeidh ar chumas éanlaithe géim a gcuid a ithe gan cur as dóibh. Tá 6 Thearmann Éanlaithe Fiáin i nDún na nGall.

Tá **tearmann bithghiniteach** ainmnithe le feidhmiú mar 'shaotharlanna beo' agus is samplaí ionadaíoch iad de chineálacha éagsúla comhshaol nádúrtha san Eoraip. Sheol Comhairle na hEorpa an coincheap in 1973. Tá Tearmainn Bithghiniteach comhdhéanta de 344 tearmann atá bunaithe i 22 Contae. Tá 14 láithreán ainmnithe in Éirinn, agus is ceann acu sin Anaclann Bhithginiteach Plateau Phaiteagó atá lonnaithe i nDún na nGall.

Tá **Tearmainn le haghaidh Fauna** ainmnithe faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 le speiceas ainmnithe ainmhithe fiáin a chosaint (veirteabrach nó inveirteabrach). Tá 7 dtearmann den sórt sin in Éirinn le 22 speiceas ainmnithe a chosaint. Tá tearmainn den sórt sin i gCorrán Binne, Contae Dhún na nGall, atá ainmnithe le 16 speiceas éin ghoir a chosaint ar aillte agus ar oileáin bheaga, áit nach bhfuil aon bhagairt ó ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh mar gheall ar neamh-inrochtaineacht na láithreán.

### 4.1.3 Geolaíocht agus Tírdhreach

De réir geolaithe ar nós J.B. Whittow, tá Dún na nGall ar cheann de na láithreáin is casta in Éirinn ó thaobh na geolaíochta. Tá geolaíocht mar dhlúthchuid dár n-oidhreacht chultúrtha, tá caomhnú agus cur chun cinn na ngnéithe geolaíochta is tábhachtaí riachtanach. Cuireann an tAcht Oidhreachta agus reachtaíocht pleanála go háirithe, freagracht ar Údaráis Áitiúil ó thaobh a chinntiú go ndéantar cosaint ar an oidhreacht geolaíochta laistigh den bheartas pleanála. Cé go bhfuil go leor dár láithreáin lena mbaineann tábhacht geolaíochta agus geomoirfeolaíochta faoi chosaint mar chuid de Limistéir Oidhreachta Náisiúnta, tá láithreáin thábhachtacha eile ainmnithe mar Láithreáin Oidhreachta Geolaíochta na hÉireann (OGÉ).

Tá 145 láithreán den sórt sin sa Chontae, ó Éasc Ghaoth Beara go dtí na carraigeacha is sine in Éirinn atá le fáil ar Oileán Inis Trá Tholl amach ó Chionn Mhálanna.
Baineann áilleacht nádúrtha thar na bearta le Dún na nGall le himeallbhord fada, sléibhte, cnoic, aibhneacha, lochanna, gleannta atá go hálainn agus gnáthóga nádúrtha gan truailliú. Tá an 'Radharc Tíre Álainn' mar phríomhchúis go roghnaíonn turasóirí saoire i nDún na nGall/Sligeach de réir *Staidéar Fáilte Éireann ar Lucht Saoire 2013 – Dún na nGall/Sligeach.* Scóráil 'Timpeallacht Nádúrtha' sa staidéar céanna an scór is airde ina dtaithí foriomlán agus thug 80% de fhreagróirí 'Radharc Tíre/Taobh Tíre Álainn' mar chúis gur mhol siad an ceantar. Fónann na figiúirí seo le léiriú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann lenár dtírdhreach a chosaint agus a chur chun cinn ó thaobh forbairt inbhuanaithe na hearnála turasóireachta i nDún na nGall.
Tá Measúnacht ar Nádúr na Tírdhreacha **(MNT)**[10] lárnach ó thaobh straitéis bhainistíochta tírdhreach cuimsitheach a chur i bhfeidhm sa Chontae. Cé go ndéanann tionscadail iarracht leas a bhaint as buntáistí suntasach ár dtírdhreach trí fheasacht a chur chun cinn agus trí chur le rochtain ar a áilleacht, tá sé tábhachtach go gcinnteoidh tionscnaimh den sórt seo nach bhfuil sláine ár limistéir ardscéimhe á chur i gcontúirt. Tugann Plean Forbartha an Chontae 2012-2018 tiomantas tabhairt faoi MNT don Chontae. Beidh an mheasúnacht seo bunaithe ar 'acmhainn' an cineál tírdhreacha áirithe nó limistéar le freastal ar athrú gan éifeachtaí suntasach ar a shaintréith nó ar athrú foriomlán saintréith an cineál tírdhreacha.

## 4.2 Ár nAcmhainn Uisce

Tá uisce glan ar cheann de phríomhghnéithe na beatha. Tá sé seo ríthábhachtach ní amháin do shaol an duine, ach le cothabháil a dhéanamh freisin ar shaol plandaí agus ainmhithe. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go ndéanfaimid cothabháil agus go gcuirfimid feabhas ar cháilíocht ár screamhuisce agus ar cháilíocht ár gcuid aibhneacha, lochanna agus ar uiscí cósta. Tá sé tábhachtach freisin go n-aithnímid foinse truaillithe ar mhaithe le straitéisí a fhorbairt chun laghdú a dhéanamh ar tharluithe den sórt sin, lena n-áirítear bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ón talmhaíocht, dramhuisce, srl. Ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar thionchar daonna ar ár dtimpeallacht tuaithe ionas go mbeidh ar ár gcumas cur an méid is fearr is féidir le deiseanna le haghaidh fáis agus forbartha, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus éagsúlú faoin tuath i nDún na nGall. Tá cóireáil uisce agus soláthar uisce leordhóthanach agus bailiú agus cóireáil leordhóthanach dramhuisce mar chodanna lárnach den bhonneagar atá riachtanach d'fhorbairt eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta i nDún na nGall.

### 4.2.1 Cáilíocht Dobharlaigh

Tá rangú déanta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar dhobharlaigh faoi chúig ainmniúchán; Stádas Ard – Stádas Maith – Stádas Measartha – Stádas Lag – Droch-Stádas. Ar cheann de phríomhaidhmeanna na Creat-Treorach Uisce (Airteagal 4) tá stádas maith uisce dromchla a bhaint amach faoin mbliain 2015. Má tá dobharlach rangaithe cheana féin a bheith ar 'stádas maith' nó ar 'Stádas Ard', ansin ba chóir cothabháil a dhéanamh air sin; dá bhrí sin ní thiocfaidh aon titim ar cháilíocht.
Is mar a leanas atá stádas cáilíochta uisce na ndobharlach sa Chontae a bhfuil monatóireacht déanta orthu:

| Dobharlach | Droch | Lag | Measartha | Maith | Ard | U/A | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Codanna | 4 | 108 | 110 | 224 | 86 | 0 | 532 |

[10] Tugadh faoi Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha le leibhéil Íogaireachta Tírdhreacha sa Chontae a fháil amach ar mhaithe le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt sa Chontae amach anseo.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Abhann | | | | | | | |
| Lochanna | 0 | 1 | 14 | 47 | 56 | 0 | 118 |
| Uiscí Cósta | 0 | 0 | 7 | 6 | 3 | 8 | 24 |
| Uiscí Idirchriosacha | 0 | 0 | 8 | 2 | 5 | 6 | 21 |

Tá stádas 'maith' ag gach ceann de na 40 cúltaca screamhuisce sa Chontae.

**4.2.2 Soláthar Uisce Óil**

Tagann 97% d'uisce óil i nDún na nGall ó uisce dromchla, agus tagann 3% ó screamhuisce. Bí 73 scéim uisce sa Chontae in 2013 ag cur soláthar ar fáil do 178 taiscumar agus úsáid á bhaint as 4,366km príomhphíobán uisce via 175 stáisiún caidéalúcháin. Taispeánann figiúirí go bhfuil 84.5% den daonra sa Chontae ag fáil uisce ó scéimeanna uisce poiblí, agus 12% ag fáil seirbhíse ó thoibreacha príobháideach agus an 3.5% eile ó ghrúpscéimeanna agus ó scéimeanna beaga príobháideacha eile (Féach Tábla 2 Aguisín 4).

Faoi láthair tá 16,445 ceangal uisce tráchtála sa Chontae. As an bhfigiúr seo tá muirear seasta uisce ar 1,060 de na ceangail. Tá an figiúr seo déanta suas de 65% ó thaobh talmhaíochta, 20% ó thaobh na tráchtála agus 15% ar saoire agus caitheamh aimsire. As an líon iomlán ceangal a bhfuil méadar orthu; baineann 43% le talmhaíocht, 32% le tráchtáil, 13.6% le saoire agus caitheamh aimsire, 6.4% le tionscal agus 5.9% le hinstitiúidí.

**4.2.3 Cáilíocht Uisce Óil**

B'ionann ráta comhlíonta do pharaiméadair mhicribhitheolaíochta agus 100% i gContae Dhún na nGall sa bhliain 2013 (ar nós baictéar drólannach, e-coli, baictéar pataigineach) agus bhí an ráta comhlíonta do pharaiméadair ceimiceach (ar nós brómáit, luaidhe, fluairíd, tríhalaimeatáin) ag 99.1%.
Foilsíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) Liosta Gnímh Feabhais gach ráithe a dhíríonn aird ar an easpa is tromchúisí i soláthairtí uisce poiblí ar fud an Chontae a réiteach. Ón mbliain 2013, tá 10 soláthar uisce poiblí i nDún na nGall a fhreastalaíonn ar dhaonra iomlán de 39,508 duine fós ar an Liosta Gnímh Feabhais (Féach tábla 3 Aguisín 4). Tá infheistíocht shuntasach riachtanach do na soláthairtí seo ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh caighdeáin cáilíochta. Sa bhreis air sin, áirítear ar líon soláthairtí uisce poiblí eile, nach raibh caighdeáin á gcomhlíonadh acu in 2013: Bun Cranncha, Bun na hAbhann, Creamhghort, Fánaid Thoir, na Frosa-Inbhear, Inis Eoghain Thiar, na Cealla Beaga, Leitir Mhic an Bhaird, Loch Moirne, Damba an Pholláin, na Rosa, Ballymagroarty, Mín an Lábáin, Gleann Aola agus Meenreagh.

**Comment [n2]:** Baile Mhic Robhartaigh if in Co. Derry

Go ginearálta, leanann feabhas ag teacht ar ghrúpscéimeanna príobháideacha in Éirinn, ach fós tá na scéimeanna seo fós faoi bhun an chaighdeáin i gcomparáid le soláthairtí uisce poiblí. Léirigh soláthairtí beaga príobháideach ardú ar neamh-chomhlíonadh e-coli ó 7.7% de sholáthairtí in 2011 go 11.3% de sholáthairtí in 2012.
Tá bonneagar uisce riachtanach d'fhás agus d'fhorbairt eacnamaíochta. Tá sé beartaithe ag Uisce Éireann infheistíocht dhíreach faoi €10 milliún a dhéanamh i mbonneagar uisce Dhún na nGall sna blianta amach romhainn (Féach Tábla 4 Aguisín 4). Ní thagann gach scéim uisce faoi théarmaí tagartha Uisce Éireann, áfach, tá sé tábhachtach dá bhrí sin, spreagadh a dhéanamh ar aon deiseanna atá ann go háitiúil le saincheisteanna maidir le hacmhainn agus/nó cáilíocht soláthair trí chomhpháirtíochtaí poiblí, príobháideacha agus pobail. Baineann sé seo go háirithe le scéimeanna atá níos lú agus nach bhfuil aistrithe chuig Uisce

Éireann. Tá athbhreithniú ar scéimeanna den sórt sin riachtanach i dtéarmaí a n-acmhainneacht le deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann le huasghrádú nó feabhas a chur ar sheirbhísí den sórt sin a chumasú. Fáiltítear roimh mholtaí do thionscnaimh den sórt sin lena bplé.

**4.2.4 Úsáid Uisce agus Uisce gan Tásc[11]**

B'ionann leibhéal úsáid uisce sa Chontae agus 5,168,636m3 sa bhliain 2010. Tháinig laghdú de bheagán go dtí 5,149,697$m^3$ ar an bhfigiúr seo in 2012. D'ardaigh sé go dtí 480,927$m^3$ in 2013 agus tháinig laghdú air an bhliain dár gcionn in 2014 go 5,157,934$m^3$ (An Rannóg Saotharlainne, Comhairle Chontae Dhún na nGall 2015).
Tá cailliúint uisce óil cóireáilte trí sceitheadh, srl., ina saincheist suntasach in Éirinn. Tá leibhéal cailliúint uisce den sórt sin i bhfad níos airde ná mar atá sé i dTuaisceart Éireann, Albain, srl. Ríomhtar uisce gan tásc (UFW) mar chéatadán den mhéid iomlán uisce a chuirtear ar fáil. B'ionann ráta an chéatadáin 'Uisce gan Tásc' i nDún na nGall idir na blianta 2008-2013 agus 45%.

| 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| 43% | 46% | 53% | 45% | 40% | 42% |

**4.2.5 Líonra Dramhuisce**

Tá 97 scéim dramhuisce i gContae Dhún na nGall agus 105 fearas cóireála. Níor fhreastal 9 gceantar mhóra uirbeach in Éirinn ar riachtanas Threoir Aontas na hEorpa ó thaobh cóireáil thánaisteach a sholáthar, tá 3 cheantar acu sin i nDún na nGall: Na Cealla Beaga, Bun Dobhráin agus Conmhaigh.
Tá 16 ceantar uirbeach eile i nDún na nGall gan cóireáil thánaisteach. Áirítear orthu sin; Scéim Tithíochta an Fháil Charraigh, Chill Charthaigh, Bhun an Phobail, Ráth Mealtain, Baile Suingean, Ailt an Chorráin agus na Ceathrú Caoile agus na gCealla Beaga nár fhreastal ar an gcaighdeán ó thaobh cothaithigh i ndramhuisce a bhí scaoilte amach ó bhailte atá níos mó chuig ceantair atá goilliúnach (>10,000).

Bhí ceantar amháin i nDún na nGall sa bhliain 2013, Baile na nGallóglach, nár chomhlíon samplaí eisiltigh a thóg an GCC in 2013, caighdeáin cháilíochta eisiltigh an cheadúnais doirte sa dramhuisce.

Tá dramhuisce mar bhonneagar lárnach atá riachtanach d'fhás agus d'fhorbairt eacnamaíochta. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach déileáil le héilimh ar easpa i líonraí agus i gcóireáil le héascú a dhéanamh ar fhás i go leor ceantair i nDún na nGall. Tá sé mar aidhm le clár straitéiseach infheistíochta Uisce Éireann infheistíocht os cionn 46 milliún a dhéanamh suas go dtí an bhliain 2020 sa bhonneagar uisce agus dramhuisce i nDún na nGall (Féach Tábla 5 Aguisín 4).

Ní thagann gach scéim uisce faoi théarmaí tagartha Uisce Éireann, áfach, tá sé tábhachtach dá bhrí sin, spreagadh a dhéanamh ar aon deiseanna atá ann go háitiúil le saincheisteanna maidir le hacmhainn agus/nó cáilíocht soláthair trí chomhpháirtíochtaí poiblí, príobháideacha agus pobail. Baineann sé seo go háirithe le scéimeanna atá níos lú agus nach bhfuil aistrithe chuig Uisce Éireann.

[11] Táscairí Seirbhíse Údaráis Áitiúil, Tuarascálacha Bliantúla 2008-2012

## 4.3 Acmhainní Fuinnimh In-athnuaite

### Fuinneamh na Gaoithe

Tá cumhacht na gaoithe agus bithmhais ar na foirmeacha is coitianta teicneolaíochta in-athnuaite atá ina úsáid san Iarthuaisceart. Tá coinníollacha iontacha i nDún na nGall le forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí den sórt sin, go háirithe fuinneamh gaoithe ó thaobh luas na gaoithe. Tá feirmeacha gaoithe ar scála mór coitianta sa réigiún agus déantar fuinneamh gaoithe atá go maith os cionn an mheáin a tháirgeadh i gcomparáid leis an meán náisiúnta. Déanann Dún na nGall, Doire agus Tír Eoghain le chéile táirgeadh ar 25% d'fhuinneamh gaoithe na hÉireann. Tá Dún na nGall sa dara háit i ndiaidh Chorcaigh i dtéarmaí táirgthe. Rangaíodh Dún na nGall san 11ú háit in 2011 sa tábla ó thaobh Micrighiniúint ó PV agus Gaoithe a chuir an SEAI ar fáil. Níl foinsí gaoithe, áfach, mar fhachtóir ó thaobh Dhún na nGall a bheith san 11ú háit ar an tábla seo. (*Ren Net – Renewable Energy Business Network*; Tuarascáil Eatramhach Meastóireachta 2014).

Sa bhliain 2010, bhí Dún na nGall ag táirgeadh thart ar 15% de leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite. Tá sprioc uaillmhianach leagtha síos ag an Rialtas chun é seo a ardú chuig 40% ar bhonn náisiúnta faoin mbliain 2020, tráth a mbeidh fuinneamh gaoithe ag táirgeadh cion suntasach den sprioc sin (5,500MW) (Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (mar a athraíodh)). Den 1,803MW den chumhacht atá á ghiniúint ag feirmeacha gaoithe in Éirinn faoi láthair, tá 279.65MW á ghiniúint i nDún na nGall ó 28 feirm ghaoithe.

### Fuinneamh Toinne

Tá foinse tábhachtach fuinneamh toinne amach ó Chósta Dhún na nGall. Tá gá, ar mhaithe le leas agus buntáiste a bhaint as an fhoinse in-athnuaite suntasach seo, leis an mbonneagar tacaíochta eangaí atá riachtanach a shuiteáil.

Beidh tionscadail píolótacha riachtanach le pointí ceangailte líonra leis an acmhainn chuí agus leis an mbonneagar tarchurtha a aithint. Tá an acmhainn ag an tír seo le bheith ceannródaíoch i ndéanamh agus in úsáid chórais fuinnimh aigéin agus tá saineolas taighde 3ú leibhéal i réimsí deartha tuirbín in Ollscoil Luimnigh, tá tástáil samhail tonnumair ar siúl i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus samhaltú fuinnimh toinne ar siúl in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. I dtéarmaí forbartha fréamhshamhail, tá triúr forbróir fuinnimh toinne in Éirinn faoi láthair. Tá sé sonraithe ag an Rialtas gur chóir go mbeadh an tír seo ina ceannródaí domhanda ó thaobh fuinneamh in-athnuaite, mar go bhfuil acmhainní aigéin thar na bearta ann a thugann an seasamh don tír a bheith chun tosaigh i bhforbairt saoráidí giniúna fuinnimh toinne aigéin atá inmharthana go tráchtálach ar scála iomlán.

**Bithmhais agus Bithbharra**

Is ionann bithmhais agus ábhar bitheolaíochta a thagann ó orgánaigh atá beo nó orgánaigh nach bhfuil i bhfad básaithe. Bhí daoine i nDún na nGall ag brath ar ár n-acmhainní nádúrtha leis na céadta de bhlianta, lena n-áirítear móin mar fhoinse breosla agus feamainn le barraí a leasú. Agus saothrú móna ag fáil níos inbhuanaithe tá raon leathan roghanna ann atá níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne. Tá ceantair mhóra foraoiseachta tráchtála sa Chontae atá faoi bhainistíocht inbhuanaithe a d'fhéadfaí a úsáid mar bhreosla adhmaid do na margaí baile agus do na margaí tráchtála araon. Sa bhreis air sin, is díol spéise anois iad barraí fuinneamh ar nós, saileach, síol ráibe agus mioscantach, agus is ionann iad go léir agus deiseanna eile bithbhreosla atá inmharthana agus atá ag fás cheana féin sa Chontae. Is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil tacaíocht deontais á sholáthar ag an Roinn Talmhaíochta le saileach agus mioscantach a chur. Tá forbairt déanta ag *South West College* i gcomhar leis an *Answer Project* ar iarratas a chuireann sonraí ar fáil maidir le hoiriúnacht íseal, meánach agus ard le saileach a fhás ar fud Dhún na nGall. Tá deiseanna do phobail i nDún na nGall le leas a bhaint as Bithleasúchán trí Shaileach.

**Breosla Iontaise**

Tá sé mar phríomhbheartas ag an Rialtas infheistíocht a dhéanamh in iniúchadh ola agus gáis amach ón gcósta. Tá líon ceadúnais sirtheoireachta eisithe do chuideachtaí ó abhantrach *Slyne* agus *Rockall*, 150km amach ó chósta Dhún na nGall. Sa bhreis air sin, d'iarr an Rialtas iarratais sa bhliain 2010 do roghanna ceadúnaithe ar an gcladach d'Abhantrach Carbónmhar an Iarthuaiscirt (réimse de thart ar 8,000 ciliméadar cearnach, lena n-áirítear an ceantar ó dheas ón Éirne i mBéal Átha Seanaidh agus thart ar Bhun Dobhráin).

Tá deis ann le ról na gCealla Beaga agus Aerfort Dhún na nGall a leathnú agus a fhorbairt mar shaoráidí cothabhála seirbhíse straitéiseacha do ghníomhaíochtaí amach ón gcósta. Tá 96% dá soláthar gáis á allmhairiú ag an tír seo ón Eoraip faoi láthair trí idirnascaire ón Ríocht Aontaithe. Má fhaightear cúltaiscí hidreacarbóin atá inmharthana go tráchtálach, ansin ní mór go mbeidh taiscéalaíocht agus táirgeadh faoi réir ag measúnú dian agus ag nósanna imeachta atá sábháilte agus a bhfuil tástáil déanta orthu. Ar bhonn náisiúnta, cuirfear an soláthar gáis ar fáil go straitéiseach trí idirnascaire idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, a dhaingneoidh soláthairtí gáis atá leordhóthanach don am atá romhainn. Tá píblíne nua gáis tógtha ó Bhéal Feirste go Doire agus thacódh an Chomhairle le síneadh na seirbhísí atá ann cheana féin chun an Chontae.

## 4.4 Anailís Riachtanais Ceantair: Ár nOidhreacht Nádúrtha agus ár nAcmhainní Uisce a Chosaint agus ag Baint Leas a bhaint astu

**Rochtain Inbhuanaithe agus Cur Chun Cinn**

Tá oidhreacht chultúrtha an Chontae mar phríomhshócmhainn do thurasóireacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá rochtain inbhuanaithe chuig agus cur chun cinn na sócmhainní seo mar ghnéithe lárnach le tuilleadh forbartha a dhéanamh uirthi. I gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra go háitiúil tá go leor bealaí inar féidir rochtain a fháil chuig ár dtimpeallacht nádúrtha. Tá deiseanna ann le forbairt a dhéanamh ar na bealaí éagsúla sin agus iad a fheabhsú, ar nós, turais bus, pacáistí, fánaíocht agus rothaíocht treoraithe, bádóireacht, spórt uisce, forbairt rianta, rothair, *segway* ar cíos, rochtain chuig trá, faire míol mór agus deilf, léirmhíniúchán ar an láthair agus acmhainní cur chun cinn ar líne.

Is féidir turasóireacht na hoidhreachta nádúrtha a cheangal le hoidhreacht cultúrtha agus le hoidhreacht thógtha (Caibidil 6) ar nós, béaloideas, seandálaíocht, ginealas, ailtireacht agus stair ar mhaithe le níos mó a chur ar fáil ó thaobh an méid atá ar fáil sa turasóireacht.

**Mol a Fhorbairt do Bhithsféar Dhún na nGall**
Tá bithsféar atá uathúil ina iomláine cruthaithe ag an raon saibhir agus éagsúil geolaíochta, tírdhreach agus gnáthóg ar fud an Chontae ina iomláine. Is le blianta beag anuas a tugadh na gnéithe uathúla seo faoi deara i ndáiríre. Dá bhrí sin tá deis cheart ann le 'Líonra Nádúrtha' a fhorbairt do bhithsféar an Chontae.

- Bheadh líonra den sórt sin ag fónamh leis na hainmniúcháin uathúla agus leis na láithreáin éiceolaíochta ar fud an Chontae a 'cheangal le chéile' chun críocha cosanta agus cur chun cinn trí eolas agus rochtain.
- Cuireann forbairt uirlis den sórt sin deis ar fáil chun cur le buntáiste comparáideach uathúil Ghleann Bheatha ionas gur féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh uirthi mar 'mhol bithsféir' don réigiún.
- Tá an acmhainn ann leis na príomhbhailte sna réigiúin a fhorbairt mar phointí rochtana lárnach trínar féidir saibhreas láithreacha satailíte a bhlaiseadh.

Reáchtálann Ionad Oideachais Dúlra Ghleann Bheatha raon clár atá dírithe ar leanaí ar fud raon aoisghrúpaí le hoideachas agus forbairt a dhéanamh ar léirthuiscint daoine óga ar an domhan nádúrtha. Tá deiseanna ann le forbairt a dhéanamh ar chláir oideachais agus ar thionscnaimh eolais ar fud raon réimsí agus láithreáin éiceolaíochta. Beidh siad seo ag fónamh le cur le fógraíocht agus le caomhnú a dhéanamh ar fud líonra bithsféir an Chontae.

**Bonneagar Uisce agus Dramhuisce ar Scála Beag**
Deiseanna comhoibríocha a fhiosrú le huasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar uisce agus dramhuisce, go háirithe ar scéimeanna príobháideacha nó poiblí ar scála beag nach bhfuil faoi choimirce Uisce Éireann, áit a ndéanfadh infheistíochtaí nó bearta spriocdhírithe ar scála beag éascú le forbairt tráchtála agus turasóireachta a chumasú.

**Ár dTimpeallacht mar Théama Trasrannach**
Mar chuid de chur i bhfeidhm chlár LEADER, ní mór breithniú a dhéanamh ar chur chun cinn, ar chosaint agus ar fheabhsú gach ceantar dár dtimpeallacht ar fud gach cuspóir agus gach tionscadal atá ag teacht chun cinn.

Ní mór scagadh a dhéanamh ar Chuspóirí agus ar Thionscnaimh go léir LEADER le deiseanna a aithint trínar féidir bearta feabhsaithe timpeallachta a bheith ina gcuid den tionscadal. D'fhéadfadh feabhsuithe den sórt sin beart a thabhairt san áireamh mar shampla chun:

- cur le cosaint agus caomhnú uisce,
- truailliú a laghdú,
- modhanna íseal-thionchair d'fhorbairt,
- éascú speiceas dúchasach,
- bainistiú dramhaíola inbhuanaithe,
- éifeachtúlacht fuinnimh níos mó
- úsáid fuinneamh in-athnuaite

# Caibidil 5 Earnálacha Príomhúla Dhún na nGall

## 5.0 Geilleagar Bia Áitiúil atá Fuinniúil a Fhorbairt

Tá patrúin caiteachais tomhaltóra ríthábhachtach d'fheidhmiú an gheilleagair áitiúil. Tháinig taighde an *London Economics Foundation* ar an gconclúid gurbh fhiú €25 don gheilleagar áitiúil gach €10 a caitheadh ar ghnó bia áitiúil. Dá bhrí sin, tarlaíonn éifeacht iolraitheora suntasach nuair a scaiptear airgead go háitiúil.


De réir teilgin ón *TASTE Council*, tá sé d'acmhainn ag an mbonn Gnólachtaí Bia Ceardaí agus Sainbhianna a gcuid aschur a dhúbailt ó 3-6% faoin mbliain 2020, ag cur lena sciar den mhargadh ó 3-6%, a mbeadh cruthú poist nua do gheilleagar áitiúil mar thoradh air. Tá acmhainn mhór ag earnáil an bhia ó thaobh cuidiú le forbairt a dhéanamh ar gheilleagar bríomhar bia áitiúil i gContae Dhún na nGall.

Déanfaidh an chaibidil seo scrúdú ar ghnéithe difriúla d'Acmhainní Bia Dhún na nGall le léiriú a dhéanamh ar an acmhainn a chuireann siad ar fáil maidir le héagsúlú feirmeoireachta, cruthú fiontair tuaithe agus le hinbhuanaitheacht fadtéarmach pobail tuaithe.

## 5.1 Léargas ar an Talmhaíocht i nDún na nGall


Tá gníomhaíocht talmhaíochta mar phríomhearnáil lena mbaineann tábhacht eacnamaíochta agus sóisialta sa Chontae leis na céadta de bhlianta mar gheall ar mhéid na tuaithe i nDhún na nGall, agus tá a dhéine i dtéarmaí úsáid talún níos suntasaí mar earnáil eacnamaíoch phríomha in CB Shrath an Urláir. Tá sé seo le feiceáil go soiléir trína flúirse de na cineálacha talamh talmhaíochta in oirthear an Contae atá léirithe i ndath uaine i bhFíor 1 agus sa bhreis air sin trí fhás gnó talmhaíochta agus gnó agraibhia in CB Shrath an Urláir ar nós *Aurivo Cooperative Society Ltd* i gCúil na gCuirridín, *Green Pastures Creamery* i gConmhaigh, *Smyth Daleside Animal Feeds* i mBaile an Droichid agus Cluain Lao agus an *Co-Operative Agriculture Society Ltd* i gCaisleán na Finne. Tá athrú tagtha in imeacht na mblianta, áfach, ar ghníomhaíocht talmhaíochta i nDún na nGall. Ciallaíonn na hathruithe ar theicnící feirmeoireachta, athrú in éileamh an mhargaidh mar aon leis an daonra feirmeoirí tá ag dul in aois, go bhfuil gá le gluaiseacht struchtúrtha atá níos spriocdhírithe i dtreo éagsúlú feirme.

**Fíor 1: Suíomh na gcineálacha talamh talmhaíochta i gContae Dhún na nGall.**
(Fuarthas an t-eolas ó fhoinse an dréacht Mheasúnaithe ar Nádúr an Tírdhreacha i gContae Dhún na nGall, 2015 – a thaispeánann flúirse cineálacha talamh talmhaíocht in Oirthear an Chontae (léirithe i ndath uaine)).





**5.1.1 Treochtaí Talmhaíochta**
**Uimhreacha Feirme**
Bhí 9,240 feirm ar an iomlán i gContae Dhún na nGall in 2010, laghdú 4.9% (435 feirm) thar an tréimhse 2000-2010 agus 9.7% (988 feirm) thar an tréimhse 1991-2010. Tá laghdú faoi 1,667 feirm ar líon iomlán na bhfeirmeacha sa Stát thar an tréimhse 2000-2010. Tá fás ag teacht freisin ar mhéid na bhfeirmeacha i gContae Dhún na nGall, ó fheirm ar mheánmhéid de 26.2 heicteár in 2000 go 27.9 heicteár in 2010. Mar shampla, bhí 41.6% d'fheirmeacha ann in 1991 a bhí níos lú ná AAU (aonad den mhéid sannta) i gcomparáid le 26.5% in 2010. Sa bhreis air sin, tháinig ardú ar fheirmeacha idir 30 agus 100 AAU ó 17.8% in 1991 go 29.7% in 2010. B'ionann meánmhéid na feirme sa Stát in 2010 agus 32.7 heicteár. (Féach Fíor 1)

**Fíor 1: Líon na bhFeirmeacha i nDún na nGall de réir méid feirme agus bliain**




*(***Eochair Eolais*** Feirmeacha níos lú ná 10; Feirmeacha idir 10 agus níos lú ná 20; Feirmeacha idir 20 agus ní lú ná 30 ; Feirmeacha idir 30 agus níos lú ná 50 Feirmeacha idir 50 agus níos lú ná 100; Feirmeacha níos mó ná 100)*


**Fíor 2: Líon na bhfeirmeacha le hathrú daonra**





**Aois an tSealbhóra**

Bhí níos mó ná leath de na sealbhóirí feirme go léir, 54% i gContae Dhún na nGall in aois 55 bliain nó níos sine in 2010, i gcomparáid le 43% in 2000. In 2010, bhí 29% in aois 65 bliain agus os a chionn i gcomparáid le 23% in 2000, b’ionann an figiúr comparáideach don Stát agus 26% in 2010. Tá laghdú tagtha ar líon na sealbhóirí a bhí faoi 35 bliain ó 13.4% go 8.2% thar an tréimhse 10 mbliana i gContae Dhún na nGall; níl an laghdú seo, áfach, chomh dona leis an laghdú sa Stát, tráth nach bhfuil fágtha ach thart ar a leath (Féach Fíor 2, 3 & 4).

**Fíor 3: Líon na bhfeirmeacha teaghlaigh i gContae Dhún na nGall de réir aois an tsealbhóra**




**Fíor 4: Feirm theaghlaigh de réir aoise le hathrú daonra**




## Oibrithe Feirme

Tháinig ardú 10% ar líon na ndaoine a bhí ag obair ar fheirmeacha i gContae Dhún na nGall thar an tréimhse 2000-2010, ó 13,975 go 15,503 duine. B'ionann an t-ardú comhfhreagrach sa Stát agus 6%. Cé gur tháinig ardú ar líon iarbhír na sealbhóirí, céilí, daoine eile den teaghlach agus oibrithe rialta nach den teaghlach iad; ba mar gheall ar ardú faoi 665 duine ar dhaoine eile den teaghlach a tharla an t-athrú seo den chuid is mó. As na 15,503 duine a

bhí rannpháirteach san fheirmeoireacht i gContae Dhún na nGall, b'oibrithe teaghlaigh a bhí i 14,734, (95%) agus b'oibrithe rialta nach den teaghlach iad a bhí in 769 (5%). Cuireann an fórsa saothair seo 8,970 aonad oibre ar fáil ar bhonn bhliantúil agus iad curtha i dtoll a chéile. Aonad oibre bliantúil amháin = 1,800 uair nó níos mó d'ionchur saothair in aghaidh an duine in aghaidh na bliana (Féach Tábla 1).


**Tábla 1: Ionchur saothar feirme de réir líon na ndaoine agus Aonaid Oibre Bliantúil (AOB)**

| Daoine / AOB | 1991 | 2000 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Sealbhóir: Daoine | 10,214 | 8,804 | 9,222 |
| Sealbhóir: AOB | 7,944 | 6,189 | 6,177 |
| Céile: Daoine | 3,068 | 1,820 | 2,104 |
| Céile: AOB | 2,120 | 957 | 890 |
| Eile ón Teaghlach: Daoine | 2,693 | 2743 | 3,408 |
| Eile ón Teaghlach: AOB | 1,824 | 1,250 | 1,477 |
| Saothar nach ón Teaghlach: Daoine | 437 | 608 | 769 |
| Saothar nach ón Teaghlach: AOB | 337 | 277 | 427 |
| Iomlán Daoine | 16,412 | 13,975 | 15,503 |
| AOB Feirme Iomlán | 12,224 | 8,672 | 8,970 |

**Limistéar Talmhaíochta (Lena n-áirítear Talamh Coimíneachta)**

As an 330,770 de limistéar talmhaíocht atá á úsáid i gContae Dhún na nGall, baineadh úsáid as 52% le haghaidh talamh féaraigh (níos ísle ná an Stáit ag 76%); 23% le haghaidh féarach garbh (níos airde ná an Stáit ag 9%); 22% le haghaidh talamh coimíneacht (níos airde ná an Stáit ag 8%); 2% le haghaidh Gránach (níos ísle ná an Stáit ag 5%) agus 1% do Bharraí Eile (níos ísle ná an Stáit ag 2%) Féach Fíor 5.

**Fíor 5: An Limistéar Talmhaíochta a bhí á Úsáid i nDún na nGall 2010**




(**Eochair Eolais**: Talamh Coimíneachta; Féarach Garbh; Talamh Féaraigh (gan Féarach Garbh san áireamh); Gránach; Barraí Eile, Torthaí & Gairneoireacht

### 5.1.2 Táirgí & Margaí Talmhaíochta

**Príomhtháirge Talmhaíochta**

**Prátaí** – tá prátaí á dtáirgeadh ar 240 feirm i nDún na nGall; is ionann é sin agus níos mó feirmeacha ná aon Chontae eile sa Stát. Agus na feirmeacha sin curtha i dtoll a chéile, tá

1,201 heicteár de phrátaí á bhfás, a chiallaíonn go bhfuil Dún na nGall ar an cúigiú Contae is mó sa Stát ó thaobh táirgeadh prátaí.

Tá tábhacht stairiúil, tráchtála agus cultúrtha ag baint leis an bpráta. Is fíor beagán plandaí a raibh an tionchar céanna acu ar a raibh i ndán do náisiún agus a bhí ag an bpráta in Éirinn. Tá an Banc Géinte Náisiúnta Prátaí lonnaithe san Ionad Síolraithe Prátaí *Tops* i Ráth Bhoth. Déantar cothabháil anseo ar bhailiúchán leathan de os cionn 400 práta uathúil éagsúil, téann an ceann is sine acu sin siar níos faide ná an Gorta Mór, le sean-chineálacha agus cineálacha nua-aimseartha agus cineálacha ó thar lear ag cruthú oidhreacht bheo maidir leis an mbaint atá againn leis an bpráta. Tá an tIonad Síolraithe Prátaí mar chuid de Rannóg Dheimhnithe Síl na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Déanann sé 30,000 miontiúbar a tháirgeadh ó mhionphlandaí atá saor ó víreas, déanann tástáil ar mhionphlandaí, miontiúbair agus barraí síl ó thaobh raon víris agus tugann faoi thrialacha maidir le galar ar phrátaí. Cinntíonn obair an ionaid go mbíonn soláthar folláin prátaí sil ar fáil agus go mbíonn siad deimhnithe chomh maith le forbairt ar bhonn leanúnach le fáil réidh le víreas agus galar ar phrátaí.

Léiríonn Plean Straitéiseach Teagasc 2015-2020 go bhfuil curaíocht sa réigiún lonnaithe go príomha in oirthear Dhún na nGall agus bhí baint aige seo go stairiúil le táirgeadh prátaí síl. Sroich an limistéar a bhí faoi phrátaí síl buaicphointe de 1600 heicteár, ach tá laghdú tagtha ar seo go 295 heicteár mar gheall ar a laghad brabúis agus diúltú barraí mar gheall ar ghalair ar nós lorga dhubh srl. Le blianta beaga anuas freisin tá laghdú tagtha ar an limistéar faoi phrátaí margaidh mar gheall ar luaineacht praghas agus brabús íseal, tá ísliú tagtha ar úsáid an phráta freisin, agus tá rís agus pasta ag teacht ina n-áit.

**Eallach** – b'ionann meánmhéid tréada i gContae Dhún na nGall sa bhliain 2010 agus 36 in aghaidh na feirme i gcomparáid le 60 in aghaidh na feirme sa Stát. Coinníodh 34% d'eallaigh (34,474) ar fheirmeacha i gContae Dhún na nGall chun críocha síolrúcháin, agus ba 15,456 bó bhainne (24%) a bhí iontu sin. Tháinig 66% faoi chatagóir eallaigh eile. (5298 feirm)
**Caoirigh** – Tá ról suntasach ag feirmeoireacht caorach sa gheilleagar tuaithe i gContae Dhún na nGall. Tá níos mó i bhfad caoirigh i nDún na nGall agus líon tréad níos mó ná mar atá in aon Chontae eile sa tír, le díreach faoi 426,000 caora agus 5,280 tréad. 12 Bhí 12% (576,463) den tréad náisiúnta i gContae Dhún na nGall, le meánmhéid tréada de 114 caora in aghaidh na feirme (5,042 feirm).

**Muca, Éanlaith Chlóis & Fianna** – Bhí 38,525 muc ar 60 feirm i nDún na nGall, a thugann meán de 642 muc in aghaidh na feirme i gcomparáid le meán an Stáit de 1,254. Bhí 28,962 éanlaith chlóis ar 420 feirm i nDún na nGall, a thug meánlíon de 69 éanlaith chlóis in aghaidh na feirme. Sa bhreis air sin, bhí 85 fia feirme ar 10 bhfeirm i nDún na nGall.

**Eachaí –** Is éilimh le cúnamh a thabhairt ó thaobh capaill agus asail faoi chruatan i gContae Dhún na nGall agus bhí i níos mó ní aon trian de na glaonna chuig Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmnithe (ISPCA) sa bhliain 2014. Déileáil Comhairle Chontae Dhún na nGall le 13 capall eile a bhí tréigthe, ag tabhairt a líon chuig 56. Ba 147 líon na gcapall agus na n-asal ar theastaigh dídean uathu nó ar tugadh chun bealaigh iad ó áitribh sa Chontae in 2014, ardú 28% ar 2013. Rinne an ISPCA éileamh ar úinéirí capall sa Chontae staonadh de phórú ainmhithe mar chéad chéim chun dul i ngleic leis an ngéarchéim reatha. Tá na fadhbanna leasa ainmhithe ag eascairt as an iomarca capall a bheith á bpórú agus á dtabhairt isteach sa

[12] An Líon Náisiúnta Caorach & Gabhar 2013, DAFM

Chontae ó 2000-2007 agus titim as a chéile margadh na gcapall agus na gcapaillíní ar bhonn náisiúnta ina dhiaidh sin.

Tá capaill agus capaillíní feidhmíochta aitheanta ag Bord na gCapall mar an margadh is mó agus an margadh onmhairithe is tábhachtaí sa tír. Déanann Bord na gCapall éascú ar an margadh seo trí chúnamh a thabhairt do cheannaitheoirí idirnáisiúnta ó thaobh costais seachadta a bhaineann le honnmhairiú ainmhithe den sórt sin as Éirinn. Áirítear ar na réimsí a bhaineann le feidhmíocht, seóléimneach, fiaigh, póló agus seóchapaillíní, trastíre, imeachtaí, tiomáint, srl., ar fud raon pórtha ar nós, Capall Spórt na hÉireann, an Capall Tarraingthe Éireannach agus Capaillín Chonamara.

**Margaí Feirmeora**
Is gnó comharchumainn atá sna Margaí Contae le os cionn 60 bliain. Is eagraíocht náisiúnta atá i gceist le brainsí i bhformhór contaetha na tíre. Feidhmíonn na margaí laistigh seo, go ginearálta, ar feadh lá amháin sa tseachtain le táirgí úra agus lámhcheardaíocht feirme, gairdín agus baile na scairshealbhóirí a chur ar an margadh. Tá líon margaí feirmeora á reáchtáil ar fud Dhún na nGall gach aon seachtain.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ceann an Droichid | Bialann Harry's | Dé Sathairn | 10.30am - 2.30 |
| Bun Cranncha | Halla Eaglais na hÉireann | 2ú & 4ú Satharn | 2.00 - 3.00pm |
| An Charraig | An Seanscoil | Dé Sathairn | 11.00am |
| Dún Fionnachaidh | Ionad Ozanam | Dé Sathairn* | 11.00am – 12.00pm |
| *Kilclooney* | Ionad *Dolmen* | Dé Sathairn | 11.00am |
| *Leghowney* | Halla *Leghowney* | 2ú & 4ú Satharn den mhí | 11.00am |
| Ráth Mealtain | Halla an Bhaile | Dé Sathairn | 11.00am |
| Ráth Mealtain | Cearnóg an Mhargaidh | Gach 2ú hAoine | 10.00am |

**Foinse: http://www.bordbia.ie/consumer/aboutfood/farmersmarkets/Pages/CountryMarkets.aspx**

## 5.2 Foraoiseacht


Cuireann foraoiseacht agus coillte deiseanna[13] móra ar fáil i gContae Dhún na nGall le ceantair thuaithe i nDún na nGall agus i Réigiún an Iarthuaiscirt a fhorbairt.
Cuireann deis ar fáil le cur le hinmharthanacht feirme trí éagsúlú a dhéanamh chuig táirgeadh príomhúil adhmaid agus chuig táirgí breisluacha agus ag an am céanna trí chabhair a thabhairt maidir le freastal ar éileamh ar rochtain ar thaitneamhachtaí, gníomhaíochtaí tuaithe agus ar thurasóireacht eachtraíochta.

[13] **Buntáistí na Foraoiseachta**

- Buntáistí Comhshaoil: Ceapadh Carbóin: Iena mbaintear 4 – 6 thonna in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, baineann Foraoisí Dhún na nGall 59,177 ha = 355,062 tonna
- Buntáistí Sóisialta: Turasóireacht, Caitheamh Aimsire, Tírdhreach, Oidhreacht, Sláinte, Ealaín
- Buntáistí Eacnamaíochta: Tógáil – Nádúrtha, In-athnuaite, Ábhar Tógála, Fuinneamh Adhmaid – Adhmad Tine, Sliseanna Adhmaid, Millíní Adhmaid, Fostaíocht/Fiontar

Cabhraíonn forbairt foraoiseacht agus coillte i nDún na nGall freisin le dul i ngleic le dúshláin comhshaoil trí úsáid inbhuanaithe talún agus bainistíocht éiceachórais. Cuireann foraoiseacht deiseanna suntasacha ar fáil ó thaobh forbairt a dhéanamh ar an Earnáil Bithmhais[xvi]/Fuinneamh Adhmaid ina hiomláine agus ag an am céanna baineann foraoisí astuithe $CO^2$ as an atmaisféar, ag tráth nach mór do Dhún na nGall laghdú a dhéanamh ar an méid a bhfuilimid ag brath ar ola mar fhoinse fuinnimh.

**Fíor 6: Clúdach Foraoiseachta Poiblí agus Príobháideach 2011-2012**





### 5.2.1 Úinéireacht Foraoiseachta

Measadh, sa bhliain 2012, gurbh ionann achar faoi fhoraoiseacht in Éirinn agus 758,761 heicteár i gcomparáid le 752,109 heicteár in 2011. Sa bhliain 2012, ba é a bhí san achar iomlán faoi fhoraoiseacht ná 11% agus bhí 47% (nó 360,834 heicteár) faoi úinéireacht phríobháideach agus 53% (nó 397,927 heicteár ) faoi úinéireacht phoiblí. Tá na foraoisí seo faoi bhainistíocht Coillte. Tá fás san achar atá faoi fhoraoiseacht faoi threallús go príomha ag fás san earnáil fhoraoisiú príobháideach (Féach Fíor 6 thuas).

Sa bhliain 2012, ba é a bhí san achar measta iomlán faoi fhoraoiseacht i nDún na nGall ná 59,177 heicteár nó 12.25% den achar talún iomlán. Bhí 38% (22,770.67heicteár) faoi úinéireacht phríobháideach agus 62% (36,406 heicteár) faoi úinéireacht phoiblí.

**Fíor 7: Úinéireacht Foraoiseachta in Éirinn, 1980 – 2012**




(**Eochair Eolais**: PRÍOBHÁIDEACH (HEICTEÁR); POIBLÍ (HEICTEÁR))


*Foinse: http://www.teagasc.ie/forestry/advice/index_statistics.asp*

### 5.2.2 Comhdhéanamh Speiceas

B'ionann agus 83% d'fhoraoisí faoi chrainn i gContae Dhún na nGall sa bhliain 2012 agus foraois bhuaircíneach (41,220 heicteár) agus 17% d'fhoraois dhuillsilteach (8,230 heicteár) i gcomparáid le 74% agus 26% sa Stát. Is sprús sitceach an cineál speiceas is coitianta i nDún na nGall agus sa Stát araon, 334,560 heicteár agus 31,100 heicteár faoi seach.

Ba iad na grúpaí leathanduilleacha ba mhó sa dá chás na crainn 'Leathanduilleacha Eile a Mhaireann ar feadh Achar Gairid' EMAG ag 3,980 heicteár[xvii] i nDún na nGall agus 46,220 heicteár[xviii] sa Stát. Is mar gheall ar Saileach os ceann leath den EMAG sa Stát agus tá sé sin léirithe go láidir freisin i gcás Dhún na nGall, le hardú suntasach ar phlandaí sailí le blianta beaga anuas. Cuireann an réimse seo acmhainn shuntasach eacnamaíoch agus acmhainn ó thaobh an chomhshaoil ar fáil don am atá romhainn. Is iad na chéad speiceas eile leathanduilleach is tábhachtaí i nDún na nGall agus sa Stát araon ná, Beith, Dair agus ansin 'Leathanduilleach Eile a Mhaireann ar feadh Achar Gairid'. Féach Fíor 8.

**Fíor 8: An Cineál Clúdach Crainn i nDún na nGall agus sa Stát 2012**





*Foinse: An Fardal Náisiúnta Foraoiseachta, 2012*

(Eochair: Sprús Sitceach; Péine Eile; Leathduilleach EMAG; spp. Beithe; spp Learóige; Sprús Lochlannach; Fuinseog Ses & ped; Dair ses. & ped; Fearnóg; Giúis Dhúghlais; Leathanduilleach EMAF; Seiceamar; Feá; Péine Albanach; Buaircíneach Eile

### 5.2.3 Plandáil Foraoiseachta


Tugadh faoi phlandáil foraoiseachta ar an mórchóir i gContae Dhún na nGall i ndeireadh na 1980aidí agus tá thart ar 50% de na foraoisí sa Chontae níos lú na 25 bliain d'aois. Faoin mbliain 2012, bhí 6,600 heicteár faoi fhoraois ag 977 úinéir sa Stát agus bhí 96.40 heicteár de sin plandáilte ag 11 úinéir foraoiseachta i gContae Dhún na nGall. Tá thart ar 1,000 úinéir príobháideach foraoise (feirmeoirí den chuid is mó) i gContae Dhún na nGall. Tá an mheánmhéid foraoise i nDún na nGall níos lú ná 10 heicteár. Féach Fíor 9 agus 10.

**Fíor 9: Plandáil Foraoiseachta Príobháideach agus Poiblí i nDún na nGall 1982 – 2013 (heicteár)**



*Foinse:* *[http://www.teagasc.ie/forestry/advice/index_statistics.asp](http://www.teagasc.ie/forestry/advice/index_statistics.asp)*
(**Eochair Eolais**: Príobháideach; Poiblí)

**Fíor 10: Plandáil Foraoiseachta Príobháideach agus Poiblí sa Stát 1982 – 2013 (heicteár)**




*Foinse:* *[http://www.teagasc.ie/forestry/advice/index_statistics.asp](http://www.teagasc.ie/forestry/advice/index_statistics.asp)*
(Eochair: Príobháideach; Poiblí)

### 5.2.4 Grúpaí Úinéireachta Foraoiseachta

**Úinéirí Coillte Dhún na nGall**

Is comharchumann soláthar breosla adhmaid é an *Donegal Woodlands Owners Society Ltd* (DWOSL) a thugann tacaíocht agus a chuireann bainistíocht foraoiseachta inbhuanaithe agus margaíocht adhmaid chun cinn. Sa bhliain 2015 bhí an DWSOL gníomhach in os cionn 25 suíomh foraoise difriúil ar fud Dhún na nGall; leagan, baint, plandáil, próiseáil, bainistíocht cur le gnó díolacháin lomáin agus adhmad tine. Tá tionscnaimh nua á bhforbairt acu de shíor ar mhaithe le díriú ar an bpríomhghnó, sé sin cabhrú le húinéirí foraoiseachta a gcuid foraoisí féin a bhainistiú agus luach a chur lena gcuid adhmaid. **Úinéirí Foraoiseachta Inis Eoghain**

Tá comhaltas sa ghrúpa seo oscailte d'úinéirí foraoise agus do pháirtithe leasmhara eile chun cur an méid is fearr is féidir le hacmhainn foraoiseachta áitiúil. Tá an grúpa ina thús. Is grúpa neamhfhoirmiúil de chomharsana atá anseo, atá ag cabhrú lena chéile le tacaíocht ó Chomharchumann Inis Eoghain agus ón *Western Forestry co-op*.

**Tionchair agus Buntáistí Comhshaoil**

Ó thaobh an chomhshaoil, tá gá le crainn inár dtimpeallacht. Tá buntáistí fisiciúla, sóisialta agus síceolaíochta ag baint le crainns. Go fisiciúil, cuireann siad buntáistí sláinte ar fáil i dtéarmaí leithlisiú carbóin. Go sóisialta agus go síceolaíoch, is acmhainn chultúrtha tábhachtach atá iontu agus cuireann siad spás luachmhar caitheamh aimsire ar fáil do dhaoine óga trí fheabhas a chur ar an tsláinte agus ar fholláine.

Tá tábhacht thar na bearta ag baint le bainistíocht inbhuanaithe úsáid talún. Ní mór thabhairt faoi riachtanais fhoraoiseachta ar bhealach atá pleanáilte go maith, ar mhaithe lena chinntiú nach bhfuil tionchar diúltach amhairc ar an tírdhreach agus lena chinntiú nach bhfuil plandálacha nua ag cur as do radharc feadh éadanas bóthair.

An cumas le hastuithe $CO^2$ a fhritháireamh ó chineálacha eile feirmeoireachta trí fhoraoiseacht, mar shampla, Leithlisiú Carbóin de 3.4 tonna in aghaidh an heicteáir (36,407 +22,771) 59,178 = 201,205 tonna.

**Foraoisí Pobail i nDún na nGall**
Cuireann foraoisí pobail saoráid iontach caitheamh aimsire lasmuigh ar fáil i nDún na nGall do dhaoine scothaosta agus do dhaoine óga araon. Tá rochtain do dhaoine faoi mhíchumas i go leor acu. Cuireann foraoisí buntáistí suntasacha caitheamh aimsire ar fáil agus is féidir leo feidhmiú mar réimse oideachais freisin do dhaoine a bhfuil spéis acu san fhiadhúlra. Is ionann iad agus réimse díol spéise do thurasóirí freisin agus tá siad in ann gníomhaíocht lasmuigh ar bheagán costais a chur ar fáil don teaghlach.
Tá Páirc Fhoraoise na hArdadh suite ar an N56 idir an Craoslach agus Dún Fionnachaidh agus is sampla iontach atá inti de shaoráid den sórt seo. Is díol ollmhór spéise do thurasóirí atá inti agus áit ar a bhfuil tóir mhór ag teaghlaigh agus ag turais scoile uirthi le cuairt a thabhairt agus iad ar lá saoire.

## 5.3 An Earnáil Bia Mara

Mar náisiún oileánda, bhí an iascaireacht tábhachtach d'Éirinn i gcónaí, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta. Tá bia mara den scoth curtha ar fáil ag na huiscí glana mórthimpeall imeallbhoird 7,400km na hÉireann leis na mílte blianta. Is féidir le trálaeir thráchtála achar fada ar fud farraigí an domhain a thaisteal anois agus tá roinnt acu suiteáilte le crann tochrais atá cumhachtaithe go hiodrálach agus atá in ann roinnt tonnaí éisc a chrochadh isteach in aon eangach amháin. Le linn cuid mhaith den 20ú haois ciallaigh ró-iascaireacht agus truaillí na mara go bhfuil roinnt de na stoic éisc i mbaol ón díothú. Inniu, tacaíonn Comhbheartas Iascaireachta an AE le leasa iascairí na hÉireann, pobail iascaireacht agus úsáideoirí táirgí éisc. Déantar idirbheartaíocht agus comhaontaítear an Comhbheartas Iascaireachta (CI) idir na 28 Ballstát agus déantar spreagadh agus cómhaoiniú tríd an gCiste Eorpach Iascaigh (CEI) ar thionscnaimh a chuireann iascaireacht inbhuanaithe chun cinn. Rinneadh leasú suntasach sa bhliain 2014 ar an CI agus faigheann sé tacaíocht airgid anois tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) nua.

Is fiú thart ar €700 milliún don gheilleagar earnáil bia mara na hÉireann, agus tá thart ar 11,000 fostaithe san earnáil i gcontaetha cois cósta ó Dhún na nGall go Lú. Is iad gníomhaíochtaí na gceithre phríomhthionscal; Iascaireacht, Dobharshaothrú, Próiseáil agus Margaíocht.[14]

*"Ba trí Chalafoirt na gCealla Beaga agus an Caisleán Nua a tugadh i dtír 62% den iasc i gCalafoirt na hÉireann sa bhliain 2013 agus chuir sé sin €113m ar an iomlán leis an ngeilleagar áitiúil".*

Tá líon calafoirt eile, atá níos lú ach atá tábhachtach sa Chontae, níl sé chomh héasca sin, áfach, a luach a ríomh.

### 5.3.1 Calafoirt Iascaireachta

Is iad príomhchalafoirt iascaireachta na hÉireann, na Cealla Beaga, Baile Chaisleán Bhéarra, Ros a Mhíl, an Dún Mór Thoir, Cé na Cille Móire, Binn Éadair, An Caisleán Nua agus Bréantrá.

[14] Bord Iascaigh Mhara

Tá sciar suntasach ag an gContae de thionscal iascaireachta na hÉireann mar gheall go bhfuil péire de na calafoirt sin lonnaithe i nDún na nGall. Tháinig na Cealla Beaga sa chéad áit in Éirinn sa bhliain 2013, i dtéarmaí tonnáiste agus luach an méid éisc a tugadh i dtír in 2013, agus tháinig an Caisleán Nua sa 5ú háit i dtéarmaí tonnáiste agus san 8ú háit maidir le luach i gcomparáid le calafoirt eile na hÉireann. Caitheann Tábla X thíos súil ar sciar Dhún na nGall i dtéarmaí luach iarbhír airgid agus meáchan beo an méid éisc a thugtar i dtír sna Cealla Beaga agus sa Chaisleán Nua. Déanann sé scrúdú freisin ar an gcion a tugadh i dtír agus ar luachanna sa chomhthéacs náisiúnta, a thaispeánann go bhfuil 60.5% den iasc mara go léir a tugadh i dtír sa Stát ó 2009-2013, tugtha i dtír ag an dá chalafort i nDún na nGall agus iad curtha le chéile. Tá ardú suntasach tagtha ar luach an méid a tugadh i dtír sna Cealla Beaga agus sa Chaisleán Nua ó 2010. B'ionann luach an méid a tugadh i dtír agus meán de 35% de luach an méid a tugadh i dtír sa Stát le trí bliana anuas. Sa bhliain 2013, tugadh luach €105 milliún i dtír sna Cealla Beaga agus sa Chaisleán Nua, cion suntasach ó thaobh an geilleagar don Chontae.


**Tábla 2: Luach agus Tonnáiste an méid Iasc Mara a tugadh i dtír sna Cealla Beaga agus sa Chaisleán Nua 2009-2013**

| | Na Cealla Beaga | | | | An Caisleán Nua | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Luach ('000)** | **% Glan Luach** | **Meách an Beo** | **% den Mhéid a Tugadh i dTír** | **Luach ('000)** | **% Glan Luach** | **Meách an Beo** | **% den Mhéid a Tugadh i dTír** |
| 2013 | €105,133 | *34.8* | 170,14 | *60.8* | € 8,182 | *2.7* | 3,793 | *1.4* |
| 2012 | €117,983 | *35.3* | 197,65 | *60* | € 10,430 | *3.1* | 7,155 | *2.2* |
| 2011 | €104,312 | *35.3* | 100,62 | *50.6* | € 6,355 | *2.2* | 3,337 | *1.7* |
| 2010 | € 61,874 | *29.8* | 163,44 | *66.5* | € 7,479 | *3.6* | 4,039 | *1.6* |
| 2009 | € 55,273 | *27* | 144,15 | *64.8* | € 5,080 | *2.5* | 2,745 | *1.2* |

Foinse: An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, 2015[xix]

113,919 tonna éisc a tugadh i dtír i gCalafoirt Dhún na nGall sa bhliain 2014. B'ionann é sin agus 60% den mhéid iomlán a tugadh i dtír ar bhonn náisiúnta, rud a léirigh tábhacht Dhún na nGall agus go háirithe tábhacht na gCealla Beaga arbh ionann é agus 55% den tonnáiste go léir a tugadh i dtír sa Stát sa bhliain 2004. Léiríonn Tábla 2, an tonnáiste a tugadh i dtír sna Cealla Beaga i gcomparáid le calafoirt eile sa chontae, a dheimhnigh a thábhacht mar phríomhchalafort straitéiseach iascaireachta ní amháin i nDún na nGall ach ar oileán na hÉireann.

**Fíor 21: Tabhairt i dTír Iasc Mara (Tonna) i gCalafoirt Dhún na nGall, 2004**


92%
0%
0%
2%
2%
2%
2%
Killybegs
Greencastle
Downings
Rathmullan
Malin Head
Burtonport
Moville

### 5.3.2 Feirmeoireacht Éisc

Áirítear ar ghníomhaíocht dobharshaothraithe, fás iasc eite ar nós bradán agus bric agus feirmeoireacht sliogéisc, lena n-áirítear, saothrú diúilicíní, oisrí agus muiríní. Tá forbairt déanta i gContae Dhún na nGall freisin ar thionscal rathúil dobharshaothraithe ó thaobh réimsí iasc eite agus sliogéisc leis an iliomad feirmeacha timpeall an chósta. Is fiú tionchar an dobharshaothraithe ar ár gcomhshaol a bhreithniú go tábhachtach, ní mór breithniú a dhéanamh freisin, áfach, ar thionchar tionscal agus gníomhaíochtaí eile ar an dobharshaothrú. Dá bhrí sin, tá uiscí sliogéisc faoi réir ag monatóireacht leanúnach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Leagan **Tábla 3** amach limistéir táirgthe dhobharshaothraithe i gContae Dhún na nGall, an speiceas atá i gceist agus a ndréacht-rangú monatóireachta do 2014/2015.

**Tábla 3: Limistéir Táirgthe Dobharshaothraithe 2014-2015**

| Limistéar Táirgthe | Teorainneacha | Ainm na Leapa | Speiceas | Rang |
|---|---|---|---|---|
| **Loch Feabhail** | Aird Mhic Giollagáin go Srúibh Brain | Gach Leaba | Diúilicíní<br>Oisrí | B<br>B |
| **Trabreaga** | Cionn Mhálanna go Cionn Dhún Damh | Gach Leaba | Oisrí | B |
| **Loch Súilí** | Cionn Mhálanna go Cionn Dhún Damh | Gach Leaba | Diúilicíní<br>Oisrí | B<br>B |
| **An Mhaoil Rua** | An Meall Mór go Pointe Luch Bhaile Uí Fhuaruisce | Gach Leaba | Diúilicíní | A* |
| | | | Oisrí | B |
| **Sheephaven** | Pointe Rinn na Fachla go Corrán na Binne | Gach Leaba | Diúilicíní | B |
| **Gaoth Dobhair** | Pointe na Carraige go Carraig an Choischéim agus An Tor Glas go Pointe an Dhúin Mhóir | Gach Leaba | Oisrí | B |
| **An Clochán Liath** | Wyon Point go Cé Ailt an Chorráin | An Clochán Liath | Oisrí | B |
| | | Tearman | Oisrí | Catagóir A |
| | | *Inner* | Oisrí | C |
| **Traweenagh** | Gob na Dumhcha go Pointe na Cruaiche | Gach Leaba | Oisrí | Catagóir A |
| **Gaoth Bearra** | Gaoth Beara go Caiseal Gualann | Gach Leaba | Oisrí | A |
| **Loughras Beg** | Pointe Loughras go hOileán na bhFaoileog | Gach Leaba | Oisrí | B |
| **Bá McSwyne (An Bhroclais)** | Pointe Charn Tulach go Pointe Pound | An Bhroclais | Diúilicíní | A* |
| **Bá Inbhir** | Rinn Eoin go Pointe Doorin | Gach Leaba | Diúilicíní | B |
| **Cuan Dhún na nGall** | Doorin Point go Pointe Ros Neamhlach | Gach Leaba | Oisrí<br>Diúilicíní | B<br>B |

### 5.3.3 Próiseáil Iasc Mara

Rinneadh cuideachtaí bia mara táirgí ardluacha a tháirgeadh as bradán, iasc geal, sliogiasc agus speiceas iasc peiligeach (m.sh. scadán, ronnach agus bolmán) agus chruthaigh siad sin go léir tuillimh onnmhairithe suntasach don earnáil. Tá na táirgí bia mara agus an lucht próiseála seo a leanas aitheanta ag BIM i gContae Dhún na nGall. Féach Tábla 4.


**Tábla 4: Táirgí na gCuideachtaí Bia Mara**

| Ainm | Suíomh | Iasc Eite | Iasc Geal | Peiligeach | Sliogiasc | Deataithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Hannigan Fish Trading** | Anagaire | | | | ✓ | |
| **Sliogéisc na Rossan (T/A Irish Premium Oysters)** | Leitir Mhic an Bhaird | | | | ✓ | |
| **Atlantic Fish Ireland Ltd.** | An Bun Beag | | | | ✓ | |
| **Burtonport Fishermans Co-op** | Ailt an Chorráin | | | | ✓ | |
| **Byrne Seafoods** | Carn Domhnach | ✓ | ✓ | | | |
| **Atlanfish Ltd.** | Carn Domhnach | | | | ✓ | |
| **Starcrest Seafoods Ltd.** | Baile Dhún na nGall | ✓ | ✓ | | | |
| **Irish Fish Canners** | An Clochán Liath | | | ✓ | | |
| **Premier Fish Products** | An Clochán Liath | | | ✓ | | |
| **Marine Harvest Ireland** | Fánaid | ✓ | | | | |
| **Greencastle Fish Shop** | An Caisleán Nua | ✓ | ✓ | | | |
| **Eany Fish Products Ltd.** | Inbhear | ✓ | | | | |
| **Arctic Fish Processing Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | |
| **Donegal Fish Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | |
| **Fish Sales Killybegs Ltd.** | Na Cealla Beaga | ✓ | | ✓ | | |
| **Gallagher Bros. (Fish Merchants) Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | |
| **Island Seafoods Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | ✓ |
| **Killybegs Seafoods Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | |
| **Norfish Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | |
| **Sean Ward (Fish Exports) Ltd.** | Na Cealla Beaga | | | ✓ | | |
| **Albatross Seafoods Ltd** | Na Cealla Beaga | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| **Fish Sales Killybegs Ltd.** | Na Cealla Beaga | | ✓ | | | |
| **Murrin Fisheries Ltd.** | Na Cealla Beaga | ✓ | ✓ | | | |
| **Errigal Fish Co. Ltd.** | Mín an Aoire | | | | ✓ | |
| **Foyle Fishermen's Co-op Society** | Bun an Phobail | ✓ | ✓ | | | |

**Foinse: BIM, 2015**

### 5.3.4 Margaíocht

B'ionann margadh baile bia mara na hÉireann sa bhliain 2013 agus €326 milliún. In ainneoin laghdú sa bhliain 2013, tháinig ardú 29% ar onnmhairithe bia mara na hÉireann ó 2010 ó €378 milliún go €489 milliún.




Meastar go bhfuil 65% d'onnmhairithe bia mara na hÉireann á ndíol le margaí AE, is í an Fhrainc an príomhmhargadh agus an Ríocht Aontaithe agus an Spáinn ina dhiaidh sin. D'onnmhairigh an tír seo bia mara arbh fhiú €38 milliún é chuig margaí na hÁise sa bhliain 2013, ardú de os cionn 40% ar 2012. B'fhiú €12 milliún onnmhairithe chun na Síne aisti féin. Is í an Nigéir príomhmhargadh onnmhairithe na hÉireann lasmuigh den AE agus is b'fhiú onnmhairithe sa bhliain 2013 agus €40 milliún. Tá sé mar aidhm ag Éirinn ardú go €1 billiún a chur ar dhíolachán iomlán bia mara agus 1,200 post breise a chruthú faoi 2017 faoi straitéis Fhómhar Bia 2020 an Rialtais. Tá sé measta gur thug flíteanna iascaireachta ballstáit an AE 1.3 milliún tonna éisc i dtír sa bhliain 2010 ó fharraigí thimpeall na hÉireann[15]. Tugadh 259,500 tonna den iasc sin i dtír in Éirinn nó 23% de thabhairt i dtír idirnáisiúnta. Déantar saothrú ar os cionn 40 cineál difriúil iasc mara ar ardchaighdeán, lena n-áirítear, bradán, iasc geal, peiligeach agus speiceas sliogiasc. Bhí lucht saothraithe diúilicíní na hÉireann i measc an chéad lucht saothraithe san Eoraip a bhain deimhniú orgánach amach agus cuireann siad soláthairtí ar fáil inniu do scothlónadóirí agus do mhiondíoltóirí i roinnt mhaith cathracha sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, lena n-áirítear bialanna le réalta *Michelin* i bPáras.[16]


### 5.3.5 Pobail Iascaireachta Dhún na nGall - Próifíl

**Téama 1 – Daonra de réir Cohóirt Aoise**

Tá pobal iascaireachta i nDún na nGall atá ag dul in aois de réir a chéile. Taispeánann Fíor 12 thíos go bhfuil daonra níos airde san aoisghrúpa 0-19 i bpobail iascaireachta Dhún na nGall agus aoisghrúpa 65+ ná mar atá in aon áit eile sa Stát.

[15] Fo-Limistéir ICES VI & VII
[16] Foinse: An Coimisún Eorpach: http://ec.europa.eu/ireland/key-eu-policy-areas/common-fisheries-policy/index_en.htm


**Fíor 12: Daonra de réir cohóirt aoise in Ionaid Iascaireachta Dhún na nGall i gcomhréir le Contae Dhún na nGall agus leis an Stát**




**Téama 2 Gnóthachtáil Oideachais agus Luathfhágálaithe Scoile**

Féachtar i bhFíor 13 thíos ar ghnóthachtáil oideachais comhréireach le 7 n-ionad iascaireachta Dhún na nGall. Tá Ráth Maoláin i bhfad níos airde ná na 6 ionad eile i dtéarmaí a bheith Gan Aon Oideachas Foirmiúil. Is féidir le tionchar a bheith ag áit a bhfuil fostaíocht inrochtana agus ar fáil go héasca ar aois fágála scoile. D'fhéadfadh sé seo a bheith ábhartha, go háirithe áit a mbíonn fostaíocht ag imeacht ó ghlúin go glúin i bhfoirm oibríochtaí talmhaíochta, iascaireachta agus iascaireachta agus gnóthaí eile teaghlaigh.

**Fíor 13: Dáileadh Leibhéil Gnóthachtála Oideachais i measc Pobail Iascaireachta Dhún na nGall**




(**Eochair Eolais** Gan aon Oideachas Foirmiúil; Bunoideachas; Iarbhunoideachas Sóisearach; Iarbhunoideachas Sinsearach; Oideachas Teicniúil nó Gairmoideachas; Teastas / Printíseacht; Ardteastas; Gnáthchéim Bhaitsiléara nó Dioplóma Náisiúnta; Céim Bhaitsiléara Onóracha, Cáilíocht Ghairmiúil; Dioplóma Iarchéime nó; Dochtúireacht (Ph.D) nó níos aired)

**Na Cealla Beaga**

Mar thoradh ar gheografaíocht na gCealla Beaga ó thaobh a bheith cóngarach do mheánna ollmhóra iascaireachta, a shuíomh mar cheann de na calafoirt nádúrtha den scoth, a oidhreacht ársa muirí agus a aeráid mheasartha ar feadh na bliana, tá sé bunaithe mar an calafort iascaireachta is tábhachtaí in Éirinn agus é lárnach do gheilleagar an réigiúin seo de Dhún na nGall. Sa bhliain 2013, tugadh níos mó na 170,000 tonna éisc i dtír sna Cealla Beaga ar luach níos mó ná €105,133,000. Ba bháid a bhí cláraithe in Éirinn a thóg níos mó ná 100,000 tonna de seo arbh ionann é agus 45% den iasc iomlán a thug trálaeir na hÉireann i dtír i gCalafoirt na hÉireann. Tá an ghníomhaíocht iascaireacht seo bunaithe ar an fho-earnáil peiligeach; as flít iomlán na hÉireann de 23 soitheach Uisce Sáile Cuisnithe (USC), tá 19 lonnaithe sna Cealla Beaga. Chomh maith leis an fhlít mhór peiligeach seo, tá fo-earnáil bheag iasc geal ach earnáil atá nua-aimseartha agus fo-earnáil tiomanta sliogiasc ann. Tagann tionscail cúntach suntasach in éineacht leis na gníomhaíochtaí flít seo a bhfuil toradh dearfach acu ó thaobh tionscail ola agus gáis amach ón gcósta.

I gcodarsnacht le pobail eile iascaireachta a bhfuil meath ag teacht orthu, tá na Cealla Beaga bríomhar, rathúil agus faoi bhláth; in ainneoin go bhfuil beagán brú ó thaobh airgid ar an fho-earnáil peiligeach, leanann sí le leibhéil suntasach gníomhaíocht eacnamaíochta a

chruthú. Pé beagán éagsúlachta atá ann tá sé fós bunaithe go láidir ar an fharraige. Tá deireadh tagtha ar fad beagnach, le déantúsaíocht, ar nós déanamh cairpéad. Tá tionscal seirbhíse agus tacaíochta taiscéaladh ola agus gáis tagtha chun cinn le blianta beaga anuas. Tá tábhacht eacnamaíochta atá ag dul i méid ag gabháil le bainistíocht a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt d'árthaigh atá ar cuairt.

Sa bhliain 2009, bhí láimhdeachas iomlán sa réimse seo de thart ar €250 milliún agus cuireadh 82% de sin síos don earnáil iascaireachta. Tá gníomhaíochtaí tacaíochta ola agus gáis amach ón gcósta thart ar 2-3%. Is ionann an turasóireacht freisin agus 3% den láimhdeachas, agus do ghníomhaíocht eacnamaíochta le ról cúnta, tá freastal maith á fháil aige, le roinnt óstáin mhaithe, tithe aíochta, bialanna agus saoráidí caitheamh aimsire. Bhí toradh neamhghnách ag forbairt an chalafoirt freisin ó thaobh cuairteanna go minic, a bhfuil ardú ag teacht orthu, ó longa cúrsála agus táthar ag súil go dtiocfaidh fás air seo sna blianta atá romhainn.

Ní mórán úsáide atá á bhaint go fóill as an gcé nua sna Cealla Beaga agus ní mór fógraíocht a dhéanamh ina leith agus forbairt a dhéanamh uirthi, lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as an mbonneagar den scoth seo. Tá breisluach mar bhunriachtanas d'aon tionscal atá ag táirgeadh bia. Tá an coláiste lónadóireachta áitiúil, institiúid satailíte d'Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, mar fhócas loighciúil d'ionad nuálaíochta táirge. Tá tacaíocht CEI á shamhlú ag an tionscal do thionscnaimh trasnáisiúnta/ilstáit, dlús a chur le margaíocht agus saincheisteanna praghsála, chun cuidiú le hobair ionad den sórt seo. Sa chás gur fheidhmigh an tionscal cheana féin le cleachtais inbhuanaithe iascaireachta a chur i bhfeidhm, ar nós deimhniú MSC a bhaint amach d'iascaigh, ní mór seasamh lena chuid iarrachtaí agus iad a chosaint ag leibhéal idirnáisiúnta.

Tá seasamh ríthábhachtach ag na Cealla Beaga le héagsúlú a dhéanamh ar na hacmhainní nádúrtha iontach atá ar leic an dorais againn agus úsáid a bhaint astu. Bunaithe ar a shuíomh geografach den scoth agus tionscail iascaireachta, próiseála agus tionscail choimhdeacha atá faoi lán seoil cheana féin, tá seasamh iontach aige le cothabháil a dhéanamh ar phoist inbhuanaithe i mbia mara breisluacha, fosheirbhísí feabhsaithe, seirbhísí tacaíochta amach ón gcósta agus tionscail turasóireachta agus caitheamh aimsire mara agus tionscail fuinneamh in-athnuaite/glas.

Tá aistriú spiorad na fiontraíochta a rinne cothabháil chomh rathúil sin ar an tionscal iascaireachta, chuig earnálacha eacnamaíocha eile atá ullmhaithe agus réidh le haghaidh dúshaothrú ar nós turasóireacht, cúrsóireacht agus teicneolaíochtaí amach ón gcósta, mar dhúshlán tábhachtach do mhuintir na gCealla Beaga.

Tá an comhábhar ceart ag an limistéar seo de na Cealla Beaga le bheith mar cheannródaí domhanda sa teicneolaíocht atá bunaithe ar an fharraige, taiscéalaíocht amach ón gcósta, gníomhaíocht innealtóireachta, taighde agus forbairt sa réimse ilúsáide fo-tháirgí mara, próitéin, lipid d'ola, chomh maith le feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí éigeandála agus seirbhísí nuálaíochta.

**An Caisleán Nua**

Tagann calafort an Chaisleáin Nua sa dara háit tar éis calafort na gCealla Beaga agus tá sé i bhfad chun cinn sa chomhthéacs náisiúnta i dtéarmaí a chuid ábaltachta. Sa bhliain 2013, tugadh 3,793 tonna éisc i dtír sa Chaisleán Nua, ar luach níos mó na €8,100,000. Tá tábhacht

mhór ag gabháil leis sin go háitiúil, ní amháin ó thaobh dearcadh airgid ach ó thaobh saineolas agus bonneagar a thagann le calafort atá ar an scála seo.

Tá a acmhainn ollmhór aige ó thaobh na héagsúlachta, go háirithe leis an nglacadh le gairid le faire míol mór agus deilf atá ar siúl sa limistéar seo chomh maith le spéis atá ag dul i méid maidir le rochtain ar sheandálaíocht shuntasach faoi uisce.

### 5.3.6 Taighde, Forbairt & Oiliúint in Earnáil na Mara

Tá an coláiste oiliúna amach ón gcósta san Fhál Carrach, ***Effective Offshore*****,** ar an suíomh oiliúna is suntasaí atá sa tír. Tá sé rannpháirteach i sainoiliúint agus sainscileanna amach ón gcósta atá riachtanach le haghaidh taiscéalaíocht agus forbairt tionscal ola agus gáis agus tionscail in-athnuaite, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, rochtain rópa agus nósanna imeachta timpiste agus éigeandála. Tá an t-ionad barr feabhais seo mar chomhpháirtí lárnach do na Cealla Beaga, agus fás ag teacht ar an fhócas ar chúrsaí mara maidir le réimsí acmhainní amach ón gcósta, lena n-áirítear ionchais fuinneamh taoide agus gaoithe, taiscéalaíocht faoi uisce, srl. Tugann tabhairt le chéile caipiteal daonna, bonneagar straitéiseach agus imeallbhord nádúrtha buntáistí comparáideach láidre do Dhún na nGall ó thaobh an seasamh is fearr a thabhairt do phobail cois cósta le bheith ina gceannródaithe domhanda sa taiscéalaíocht amach ón gcósta agus i dtaighde agus i bhforbairt atá bunaithe ar an fharraige. Tá comhpháirtíocht bunaithe ag *Effective Offshore* le hÚdarás na Gaeltachta agus le SOLAS mar bhealach le hacmhainn eacnamaíoch forbairtí den sórt sin a stiúradh i dtreo na ndaoine siúd a bhfuil réimse leathan taithí acu ó thaobh na farraige ó thionscal na hiascaireachta agus atá ag iarraidh a gcuid scileanna a leathnú anois agus cur lena gcuid deiseanna fostaíochta.

Tá an iliomad cúrsaí a gcur ar fáil ag **Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn** (ITLC), agus ar cheann acu sin tá an Clár Náisiúnta Printíseachta sa Chócaireacht Ghairmiúil i gCampas na gCealla Beaga, sa Choláiste Turasóireachta. Tá forbairt déanta ar chúrsaí den sórt sin ag Fáilte Ireland, I*BEC, Irish Hotels Federation, The Restaurant Association of Ireland*, SIPTU, ITLC agus ionadaithe deimhniúcháin. Tá cúrsaí i réimse uile na turasóireachta agus an fháilteachais ar fáil ó leibhéal Teastais go leibhéal Máistreachta.

## 5.4 Anailís Riachtanais Ceantair: Earnálacha Príomhúla Dhún na nGall a Fhorbairt

Tá earnálacha príomhúla Dhún na nGall i gcroílár tuaithe Dhún na nGall, tá an acmhainn acu, áfach, a bheith chun tosaigh ar chuid mhaith de na hearnálacha is mó sa Chontae ina bhfuil fás. Tá ról tábhachtach ag an talmhaíocht, ag iascaireacht agus ag foraoiseacht ó thaobh treallús a chur faoinár dtionscail bia agus eolaíochta. Sa bhreis air sin, cuireann sraith scileanna agus taithí na ndaoine sin atá rannpháirteach sna hearnálacha príomhúla chomh maith leis an talamh, uisce agus foirgnimh atá á n-úsáid do na gníomhaíochtaí seo, deiseanna suntasacha ar fáil do phobail tuaithe le leas a bhaint as na hearnálacha turasóireachta, caitheamh agus na hearnálacha amach ón gcósta, earnálacha atá ag dul i méid. Le daonra feirmeoireachta atá ag dul in aois, tá riachtanas ann atá ag ardú de shíor le hathneartú a dhéanamh ar an daonra feirmeoireachta atá níos óige ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir le hioncam agus cur le hinbhuanaitheacht agus inmharthanacht gníomhaíochtaí na n-earnálacha príomhúla i gceantair thuaithe Dhún na nGall amach anseo, trí spreagadh a dhéanamh air:

- idirphlé ar na deiseanna atá ar fáil do na páirtithe go léir mar thoradh ar luath-aistriú feirme, léas nó comhpháirtíocht
- modhanna agus tuairimí nua le cothabháil a dhéanamh ar fheirmeoireacht traidisiúnta trí bhreisluach a chur leis an táirge
- ardú a chur ar an ngné chur chun cinn de ghníomhaíochtaí earnálacha príomhúla
- go dtabharfar gach táirgeoir sa Chontae faoi scrúdú i ndáiríre ar a ngabháltas agus le deiseanna indéanta a aithint maidir le héagsúlú

**Príomhréimsí Forbartha**
**Bia:** Éascú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar iontráil sa mhargadh do ghrúpaí táirgeora bia, lena n-áirítear sampla d'fhorbairt líon acadamh bia sa Chontae leis a táirgeoir a cheangal le líonraí úsáideoirí deiridh, treallús a chur faoi fhás sa turasóireacht bia le hionad den scoth den sórt sin a sholáthar.

**Uaineoil:** Tá cumas suntasach ann do tháirgeoirí sa Chontae le luach a chur leis an réimse seo de tháirgeadh uaineoil, ar a bhfuil clú domhanda atá ag dul i méid. Forbairt Bhranda Uaineoil *Donegal Hills* – tá an cumas atá ag an tréad Sléibhe/Cnoc le stoc crosphóraithe breisluacha a tháirgeadh le freastal ar an éileamh leathnaithe na bhfiontar caorach talamh íseal, aitheanta ag Teagasc.

**Prátaí/Síol:** Tá forbairt déanta ar shaineolas ardleibhéil sa chontae le blianta beaga anuas i dtéarmaí prátaí síl a fhás. Cuireann sé seo deis ar fáil le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an sainréimse seo lena chinntiú go bhfuiltear ag cur an méid is fearr is féidir leis an eolas agus leis an saineolas seo. Chabhródh tionscnaimh margaíochta le léiriú a dhéanamh ar bhuntáistí sláinte an phráta freisin sa réimse.

**Seónna, Féilte & Margaí:** Tá borradh tagtha ar sheónna talmhaíochta i nDún na nGall le blianta beaga anuas. Tá líon seónna talmhaíochta á reáchtáil ar bhonn bliantúil ar fud an Chontae, in áiteanna ar nós, Ard an Rátha, Cluain Maine, Carn Domhnach, Cúil na gCuirridín, Gleann Cholmcille. Tá acmhainn shuntasach ann ó thaobh margaíocht a dhéanamh ar imeachtaí den sórt sin. Tá deis anseo le himeachtaí talmhaíochta ar leibhéal náisiúnta a reáchtáil ar nós an Comórtas Náisiúnta Lomach Caorach, srl. Bheadh comhoibriú idir na príomhpháirtithe leasmhara agus comhlachtaí feirmeoireachta i gceist leis seo. Cuireann margaí feirmeora cumas iontach ar fáil do tháirgeoirí tuaithe lena gcuid táirgí a bhunú chomh maith leis an tionscal ealaíona agus ceardaíochta. Tá éileamh ann, áfach, ó thaobh cóid chleachtais caighdeánacha a fhorbairt timpeall ar oibríocht na margaí seo, agus le ról ceannaireachta soiléir a bhunú leis an fhócas bhreise a chur ar tháirgí áitiúla Dhún na nGall.

**Mil:** Tá éileamh ollmhór ar mhil agus tá líon líonraí tacaíochta ann do bheachairí i nDún na nGall Theas. Tugann Cúrsaí Rogha Teagasc líonraí den sórt seo le chéile le foghlaim a roinnt, tuairimí a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh maidir le cad a d’oibrigh agus cad nár oibrigh, tá bearna sna cúrsaí seo, áfach, ó thaobh gníomhú ar na tuairimí seo agus le fiontar gnó a chur i ngníomh.

**Feirmeoireacht Orgánach:** Is ionann é seo agus réimse gnó suntasach lena mbaineann acmhainn, ní mór cur le riachtanais táirgthe, áfach, ionas go mbeidh mais chriticiúil shuntasach ann chun cur lena inmharthanacht.

**Eachaí:** Tá an tionscal eachaí ag teacht chuige féin fós tar éis titim as a chéile sa bhliain 2008. De réir Bhord na gCapall, leanann éilimh ar chapaill agus ar chapaillíní atá traenáilte ag ardú, áirítear leis seo, capaill atá traenáilte go maith, lena n-áirítear in imeachtaí, chomh maith le traenáil ar leibhéal íseal ar nós capaill agus capaillíní marcaíochta. Trí chur le cumas feidhmíochta an stoic, tiocfaidh ardú ar dhíolachán agus leanfaidh éileamh ag ardú chuig leibhéil inbhuanaithe. Chuirfeadh tionscadail agus tionscnaimh ar nós traenáil eachaí nó cláir maidir le briseadh isteach an chapaill tuilleadh leis na leibhéil seo, go háirithe don stoc óg. Tá sé tábhachtach nach gcuirfidh aon cheann de na tionscadail nó na tionscnaimh sa réimse eachrach leis na fadhbanna atá ann cheana, trí mar shampla; spreagadh a dhéanamh filleadh ar na leibhéil arda póraithe stoc atá ar dhroch-chaighdeán.

**Dramhaíl na hEarnála Príomhúil:** Ar cheann de phríomhréimse an gheilleagair ciorclaigh tá an cumas athúsáid a bhaint as líon fo-tháirgí óna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta. Tá taighde riachtanach le fiosrú a dhéanamh ar na roghanna is éifeachtaí ó thaobh asbhaint agus forbairt táirgí nua atá úsáideach ó tháirgí dramhaíola den sórt sin agus asbhaint ábhair atá úsáideach ó dhramhaíl bia. D’fhéadfadh aithint na háite ina bhfuil méideanna dramhaíola ag tarlú freisin agus úsáidí nua a aithint do tháirgí den sórt sin, a bheith i gceist leis sin.

**Ábhair Leighis:** Is réimse eile atá anseo lena mbaineann acmhainn shuntasach. Tá táirgí den sórt sin a teacht chun cinn mar chodanna d'fheamainn éagsúil, srl. Arís tá tuilleadh taighde riachtanach sa réimse seo.

**Feamainn:** Tá táirgeadh feamainne i measc na bpobal cois cósta i nDún na nGall ar thionscal atá ag dul i méid. Tá *AlfAran Kilcar* ag teacht chun cinn mar phríomhtháirge sláinte ó thaobh cosmaidí agus bia, is leasúchán iontach atá ann atá á úsáid ar ghalfchúrsaí (K Club), páirceanna imeartha, do ghairneoireacht, srl. Tá acmhainn iontach ag an iliomad úsáid feamainne, úsáid a bhfuil eolas ar fáil maidir leo agus úsáidí nach bhfuil, mar réimse fáis tábhachtach. Is í an tSeapáin a úsáideann 90% den fheamainn go léir a úsáidtear ar bhonn domhanda, agus tugann sé seo margadh ollmhór onnmhairithe d’Éirinn agus go deimhin, do Dhún na nGall.

**Iascaireacht Bradán:** De réir an *Irish Salmon Growers’ Association*, cuireann feirmeoireacht bradán deis shuntasach ar fáil ó thaobh poist inbhuanaithe do phobail cois cósta Dhún na nGall. Le hardú ag teacht ar éilimh ar bhonn domhanda, tá deis ann le freastal air seo, tá éifeachtúlachtaí ó thaobh soláthar agus táirgeadh riachtanach, áfach, ar mhaithe le caighdeán agus onnmhairithe inbhuanaithe ar feadh na bliana a chinntiú. Ní mór go mbeidh an príomhfhócas bunaithe ar chleachtas feirmeoireachta bradán inbhuanaithe a chinntiú, le haon truailliú ar ár ngnáthóga idirchriosach agus cladaigh a bhaineann leis a chosc. Éilíonn sé seo ar lucht déanta beartais an dobharshaothraithe ceangail shonracha a bhunú leis an tionscal agus cumasóirí a thabhairt isteach sa réimse seo ina dhiaidh sin.

**Oiliúint agus Forbairt amach ón gCósta:** Cur le réimse saineolais i nDún na nGall, áit ar féidir scileanna ón tionscal iascaireachta agus ón earnáil in-athnuaite a aistriú chuig earnálacha ar nós taiscéalaíocht amach ón gcósta agus chuig oiliúint éigeandála.

**Grúpaí Úinéireachta Foraoiseachta:** Cuireann sé seo deis mhór ar fáil d'fhorbairt na foraoiseachta sa Chontae ar bhonn leanúnach trína bhféadfaí seilbh a fháil ar threalamh bainte, cumhacht margála níos láidre a choinneáil nuair atáthar i mbun idirbheartaíocht le

ceannaitheoir, agus tá siad níos tarraingtí do cheannaitheoirí mar go mbíonn ar a gcumas méideanna níos mó a rochtain trí phointe teagmhála aonair.

**Foraoisí Pobail:** Cuireann siad deis mhór ar fáil do phobail tuaithe le forbairt a dhéanamh ar thionscadail turasóireachta ar scála beag.

**Fiontair Foraoiseachta a Fhorbairt:** Tá tacaíocht riachtanach do staidéar féidearthachta, costais le tosú suas gnó agus costais trealamh, do bhaint ar scála beag, do bhailitheoirí síl, agus tá plandlanna riachtanach chun cur le luach.

**Foraoiseacht Inbhuanaithe:** Is féidir Deimhniú Adhmaid a úsáid mar uirlis mhargaíochta comhshaoil eile chun cur le luach an táirge foraoiseachta. Tá tionscnaimh ag teastáil leis an eisíocaíocht atá riachtanach a shocrú suas le deimhniú den sórt sin a bhaint amach i measc an lín táirgeoirí atá sa Chontae.

**Deiseanna Oiliúna:** Tá go leor riachtanais oiliúna ann a chuireadh le héifeachtúlachtaí agus le haschur sa réimse seo, ar nós scileanna maidir le sábh slabhrach; Tomhas; Tacaíocht Gnó agus trealamh; Margaíocht; Dáileadh.

**Bithmhais:** Réimse lena mbaineann fás agus acmhainn i nDún na nGall. Is féidir an t-éileamh ar bhithmhais a chainníochtú go héasca, eascraíonn deacrachtaí, áfach, ó thaobh soláthar agus rialú cáilíochta a chinntiú. Ní mór struchtúir a bhunú a dhéanfaidh monatóireacht ar cháilíocht agus a thabharfaidh ráthaíocht maidir le leibhéil soláthair.

**Bonneagar Mara:** Tá curtha ag ár suíomh straitéiseach, pobail oileán agus ár dtionscal iascaireachta le líonra leathan de bhonneagar mara ar fud an Chontae atá comhdhéanta de thart ar 154 cé, lamairne, agus fánán. Soláthraíonn na hacmhainní seo deis iontach ar fud raon earnálacha forbartha tuaithe ar nós seirbhís do na hoileáin, turasóireacht mhara, turais éiceolaíochta, forbairt iascaireachta, rochtain ar longa báite, spórt uisce, srl. Tá obair ag teastáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an líonra seo agus le straitéis bonneagar mara a fhorbairt don Chontae a thugann tús áite do rochtain ar oileáin agus rochtain straitéiseach, chomh maith leis an riachtanas lena chinntiú go ndéantar forbairt ar líonra bonneagair ardchaighdeáin caitheamh aimsire agus áineas ar fud an Chontae. Ní mór go ndéanfaidh tograí lánpháirtiú ar riachtanais inrochtaineachta dóibh siúd le mallachar ghluaiseachta. Dá bhrí sin, déantar spreagadh, sa chás sin, ar thograí agus ar thionscnaimh a thacaíonn leis an straitéis seo.

**Margaíocht Bia Mara:** Bhainfeadh Dún na nGall, leis an earnáil iascaireachta is mó sa tír, buntáiste suntasach as margaíocht éifeachtach sa réimse seo chun cur le feasacht, éileamh agus ionchais custaiméirí laistigh den tír, ó thaobh onnmhairithe de agus ó thaobh turasóireacht bia de.

## 5.5 Gníomhaíocht Eacnamaíochta

**Bonn Eacnamaíochta**

Tá an bonn eacnamaíochta atá ann éagsúil. Tá 3,175 gnó cláraithe chun críocha cánach. Seirbhísí is ea na príomhearnálacha (1,075), trádáil mórdíol & miondíol (456); tógáil (419); oideachas agus sláinte (237); NEC (308) óstáin agus bialanna (200), gás, uisce agus leictreachas (34), innealra, trealamh, troscán agus athchúrsáil (62) ; iompar (87), banc (22), talmhaíocht phríomha (112) ceimiceáin, rubar, plaisteach agus táirgí miotail ( 50), priontáil agus foilsitheoireacht (18), miotal agus táirgí miotail (21), bia, deochanna, tobac (41), post agus teileachumarsáid (10), Teicstíl, corpbheart, leathar( 13), riarachán poiblí agus cosaint ( 4) adhmad, corc, páipéar (6) Foinse: FAME 2013)

**Infheistíocht Isteach**

Tá ardú tagtha ar fhostaíocht i nDún na nGall *sna Agency Assisted Foreign Owned Companies.* Bhí 2,765 duine fostaithe sna *Agency Assisted Foreign Owned Companies*, i ngach earnáil, ardú de +36% ( 739 post) le linn na tréimhse ama 2006 – 2013. B'ionann an figiúr comhfhreagrach don Stát agus -0.91%.

**Bonn Láidir maidir le hInfheistíocht Isteach** – tá cuideachtaí lonnaithe i nDún na nGall a bhfuil cáil ar fud an domhain orthu agus iad ag feidhmiú raon earnálacha; Innealtóireacht, Teicneolaíocht Leighis, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí Gnó, Clean Tec. Áirítear ar na cuideachtaí, *A&M Belting Company Ltd., Kirchhoff Ireland Ltd., Readymix,; Abbott Ireland Diabetes , Care, Zeus Industrial Products ( Ireland) Ltd, Philips Medisize Ireland Ltd, Pramerica Systems Ireland Ltd., United health Group, Claddagh Resources , SITA PTS, Asset* InterTech, GES Ireland; Randox Teoranta; Marine Harvest,

**Cuideachtaí Dúchasach**

Bhí 5,089 duine fostaithe in *Agency Assisted Irish Owned Companies*, i ngach earnáil in 2013. Áirítear ar chuideachtaí Dúchasacha Éireannach *E & I Engineering; Donegal Meat processors; P Mulrine & Sons; Powerbar; Get Fresh (Vending) Ltd; Inishowen Engineering, Forward Emphasis; Frames Direct; Donal McMonagaile & a mhic teo; Robert Smyth & Sons Moll Industries, Mulrines, 3D Issue, Donegal Creameries, Ashley Martin Shopfitters, Nvolve Ltd, Aernav, SendMode* agus *Instinct Software.*

# Caibidil 6 Ár nAcmhainn Chultúrtha A chur ar fáil

## 6.0 Cion Uathúil Cultúrtha agus Oidhreachta

Tá timpeallacht[17] nádúrtha uathúil mar thoradh ar gheografaíocht fhisiciúil an Chontae. Tá na hidirghníomhaíochtaí[18] idir an gheografaíocht dhaonna agus an timpeallacht sin tar éis féiniúlacht an-sainiúil a chruthú do Dhún na nGall agus do mhuintir Dhún na nGall. Tá tionchar ar leith imeartha ag tréimhsí agus imeachtaí staire, ar nós Imeacht na nIarlaí, Plandáil Uladh, an Gorta Mór agus Críochdheighilt na hÉireann, ar Dhún na nGall, ar ár modh smaointeoireachta, ar ár dteanga, ar ár gcaidreamh, ar ár dtraidisiúin agus ar ár slí mhaireachtála.

Tá na tionchair sin le feiceáil inár dtírdhreach síor-athraitheach eacnamaíochta, reiligiúin, sóisialta agus polaitíochta. Tá oidhreacht chultúrtha atá saibhir agus sainiúil de thírdhreach, béaloideas agus miotaseolaíocht, litríocht, ailtireacht, bailiúcháin músaem agus cartlainne, le cultúr bríomhar comhaimseartha de na hamharcealaíona, scannáin, scríbhneoireacht chruthaitheach, ealaíona traidisiúnta agus féilte á roinnt againn.

## 6.1 Bonneagar Cultúrtha

Tá forbairt thar na bearta tagtha ar bhonneagar cultúrtha an Chontae le os cionn 35 bliain anuas. Oibríonn sár shaoráid atá faoi úinéireacht phoiblí ar nós Músaem Contae Dhún na nGall, an Lárleabharlann, Ionad Cartlainne, *Fort Dunree*, Teach agus Gailearaí *Glebe*, an *Abbey Arts Centre*, Amharclann an Grianán agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, i gcomhar le líonra ardghníomhaíochta de shaoráidí acmhainne atá forbartha go neamhspleách agus ag an bpobal ar nós an *Balor Arts Centre,* An Gailearaí, An tSean Bheairic, Teach na mBocht Dún Fionnachaidh, Músaem Muirí Inis Eoghain, An Chrannóg, Ionad Cois Locha, Aislann Chill Chartha, agus roinnt mhaith eile, le seachadadh a dhéanamh ar raon táirgí cultúrtha agus ar sheirbhísí don phobal áitiúil agus do chuairteoirí araon.

Agus iad curtha i dtoll a chéile, tá thart ar 429 saoráid, soláthróir agus cleachtóir a chuireann le bonneagar cultúrtha Dhún na nGall. Ar mhaithe le leanúint le cur lenár n-earnáil chultúrtha agus le cur le deiseanna chun an méid atá le tairiscint againn do na daoine atá ina gcónaí sa Chontae agus do na cuairteoirí ó thaobh an chultúir, tá sé thar a bheith tábhachtach an bonneagar atá againn cheana féin a chomhdhlúthú trí; chur le gníomhaíochtaí, cur le líon an lucht féachana/cuairteoirí trí, chur chun cinn, comhordú, srl.

## 6.2 Na hAmharcealaíona

Tá rannpháirtíocht fhada agus leathan ag Contae Dhún na nGall sna hamharcealaíona agus sa cheardaíocht comhaimseartha. Tá an Contae mórtasach as an líon gailearaithe poiblí, stiúideonna ealaíona agus ceardaíochta ceannródaíoch agus as an líon suntasach ealaíontóirí aonair agus lucht déanta. Bhí an Contae i gcónaí mar shuíomh tarraingteach d'ealaíontóirí agus do phríomhfhorbairtí stairiúla, lena n-áirítear teacht an ealaíontóra ón mBreatain, Derek Hill chun an Chontae sna 1950aidí agus forbairt Tory Painters ina dhiaidh sin agus Teach *Glebe* agus Gailearaí *Churchill* atá á bhfeidhmiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

[17] Chun críocha LEADER tá Oidhreacht Nádúrtha clúdaithe den chuid is mó i gCaibidil 4. Timpeallacht Tuaithe
[18] socheacnamaíocht & polaitiúil

Is é Ionad Cultúrtha Réigiúnach Leitir Ceanainn atá á reáchtáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall an gailearaí ealaíona comhaimseartha atá á mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon. Feidhmíonn an Chomhairle clár ealaín phoiblí freisin, atá thar a bheith rathúil le blianta anuas agus tá líon saothair bhuan ealaíne lasmuigh thart timpeall ar an gContae mar thoradh air. Áirítear ar ghailearaithe eile atá ag fáil maoiniú poiblí, an Gailearaí, Gaoth Dobhair, *Artlink Fort Dunree*, Inis Eoghain, Cló Ceardlann na gCnoc, Gort an Choirce agus reáchtálann ionaid ar nós Amharclann an Grianán, Músaem an Chontae, Leitir Ceanainn agus an *Abbey Arts Centre* Béal Átha Seanaidh taispeántais rialta. Tá líon leathan tionscnaimh ceardaíochta ar fud an Chontae freisin, lena n-áirítear Donegal *Craft Village, Local Hands*, Béal Átha Seanaidh agus líonra fíorghníomhach na *Donegal Designer Makers*.

## 6.3 Na Taibh-Ealaíona

Tá earnáil taibh-ealaíona i nDún na nGall ag a bhfuil aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an Contae láidir ó thaobh réimsí amharclainne, ceoil agus taibh-ealaíona, go háirithe.

**<u>Drámaíocht</u>**

I dtéarmaí drámaíochta, tá baint indíreach ag an gContae le drámaí Frank McGuinness agus Brian Friel, nach maireann, a bhfuil a gcuid saothair le feiceáil ar stáitsí ar fud an domhain. Tá Amharclann an Ghrianáin chun tosaigh sa Chontae mar phríomhionad taibh-ealaíona agus léiriúcháin drámaí. Cuirtear os cionn 140 léiriúchán i láthair ar bhonn bliantúil, do lucht féachana de níos mó ná 30,000 duine. Bhí baint mhór ag an amharclann le Brian Friel, nach maireann, agus tá go leor de na drámaí is fearr dá chuid curtha ar stáitse acu, lena n-áirítear Aistriúcháin, *Dancing at Lughnasa, Molly Sweeney, The Freedom of the City* agus *Artistocrats.*

Áirítear ar chomplachtaí eile atá lonnaithe i nDún na nGall agus a léiríonn seónna ar bhonn gairmiúil agus leathghairmiúil; *Balor Rep Theatre*, *Bread agus Roses Theatre*, *Workhouse Theatre* agus *Dark Daughter Productions.* Cuireann siad deiseanna fostaíochta luachmhar ar fáil i gcomhar le chéile do raon leathan lucht gairme na dtaibh-ealaíona – stiúrthóirí, léiritheoirí, aisteoirí, lucht deartha, criú stáitse, teicneoirí, agus pearsanra margaíocht, srl.

Tá traidisiún fada ag go leor de phríomhghrúpaí drámaí pobail an chontae, ar nós *Lifford Players Drama Group, Butt Drama Circle, Letterkenny Music* agus *Drama Group, Donegal Drama Circle, and Ballyshannon Drama Society*, ó thaobh léiriúcháin agus seónna amharclainne ar thuras, ar bhonn áitiúil agus réigiúnach, tá roinnt acu ar an mbóthar ó thús na 1950idí. Sa bhreis air sin, tá cuideachtaí ar nós Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus Aisteoirí Mhíobhaigh (Na Dúnaibh) i measc príomhghrúpaí drámaí Gaeilge na hÉireann, Aisteoirí Ghaoth Dobhair go háirithe, atá i mbun léiriúcháin ar dhrámaí Gaeilge ar ardchaighdeán ó 1932.

**<u>Ceol</u>**

Ag eascairt ag rathúlacht idirnáisiúnta Clannad, Enya, Daniel O'Donnell agus Altan, tá clú i bhfad agus i ngearr bainte amach ag an gContae mar áit agus mar phobal atá lán le ceol. Tá an chreidiúint maidir le rathúlacht tráchtála príomhcheoltóirí agus príomhamhránaithe an Chontae ag dul dá oidhreacht shaibhir maidir le ceol traidisiúnta agus amhráin Ghaeilge (féach thíos, na hEalaíona Traidisiúnta).

Tá pobal mór ceoltóirí agus amhránaithe ar fud gach genre – ceol pobail, tíre, traidisiúnta, clasaiceach agus snagcheol– a bhíonn ar stáitse ar bhonn rialta ag imeachtaí pobail, ócáidí, ceolchoirmeacha agus feilte, i suíomhanna éagsúla tráchtála agus pobail, do lucht féachana áitiúil agus do lucht féachana ar cuairt.

Tá ceol bunaidh nua ar chaighdeán idirnáisiúnta á chruthú sa Chontae ag croíghrúpa ealaíontóirí óga atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear, *The Henry Girls, In Their Thousands, Eve Bell, Chanele McGuinness, Slow Place Like Home, Reuben Keeney, Sarah Cullen, Clanns, Rosie Carney, Slow Skies*, agus roinnt mhaith eile. Tá tacaíocht á fáil ó theicneolaíocht taifeadta scannán agus fuaime a bhfuil fáil níos éasca anois air agus nach bhfuil mórán costais ag baint leis ag an earnáil ardchruthaitheach seo, chomh maith le líonra áitiúil stiúideonna taifeadta den scoth atá faoi bhainistíocht ghairmiúil, ar nós *Attica Audio, Full Tilt, Dry Arch, Valley Music* agus Stiúideo na Mara. Cuireann rochtain thapa ar láithreáin mheáin sóisialta agus ar ardáin ceoil agus dáileadh scannán ar nós Facebook, You Tube, Soundcloud, Breaking Tunes, Bandcamp, I Tunes srl., bealaí inmharthana ar fáil anois d'ealaíontóirí Dhún na nGall le lucht éisteachta a fháil dá gcuid ceoil, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ar an ngé is suntasaí a tharla maidir le forbairt ceoil sa chontae le blianta beaga anuas bhí teacht ar an bhfód Donegal Music Education Partnership (DMEP), a bhunaigh BOO Dhún na nGall (an Bord Oideachais agus Oiliúna) sa bhliain 2005. Cuireann DMEP teagasc ceol uirlise agus gutha tar éis scoile ar fáil do os cionn 850 leanbh agus duine óg ar fud an chontae. Fostaíonn siad 32 teagascóir a dhéanann seachadadh eatarthu ar 30 seachtain ranganna in aghaidh na bliana i gceol clasaiceach, traidisiúnta, snagcheol agus ceol pobail. Is é DEMP an baile do 15 ghrúpa bunaithe, lena n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, Cór Ógra Dhún na nGall agus do Cheolfhoireann Aireagail Dhún na nGall.

Réitigh bunú an DMEP an bealach freisin do líon suntasach forbairtí i gceol clasaiceach sa chontae, gan trácht ar bhunú an *North West Opera* sa bhliain 2009, a bhfuil ocht gceoldráma gairmiúil léirithe acu go dtí seo sa *Balor Arts Centre* i mBealach Féich agus in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn. Cabhraíonn an DMEP leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus le Cumann Ceol Aireagail Dhún na nGall le sraith rialta de léirithe le healaíontóirí ceol clasaiceach a chur i láthair sa Chontae.

**Taispeántais**

Tá Dún na nGall chun tosaigh ó thaobh forbairt a dhéanamh ar *Carnival Arts and Spectacle* (Ealaíona agus Taispeántas Carnabhail) in Éirinn le 20 bliain anuas. Bhí Grúpa Carnabhail Inis Eoghain, an chuideachta is faide bunaithe sa Chontae, rannpháirteach i bParáid mhór le rá na Féile Pádraig i mBaile Átha Cliath, gach aon bhliain ón mbliain 1995, agus tá seónna eile, atá samhlaíoch agus sainiúil cruthaithe ag cuideachta eile atá lonnaithe in Inis Eoghain freisin, an *LUXe Landscape Theatre*, agus curtha i láthair ar fud na hÉireann agus thar lear. Tá pointe fócais curtha ar fáil ag tionscadail Charnabhail Bhéal Átha Seanaidh do thaispeántais agus d'ealaíona carnabhail ar bhonn bliantúil in Iarthuaisceart na hÉireann ón mbliain 2001 i leith. Baineann an tionscadal buaicphointe amach le carnabhail ar mhórscála, paráid sráide lena mbíonn baint ag 400 rannpháirtí, lena n-áirítear stiúrthóirí ealaíne bunaidh *LUXe* agus *Dark Daughter Productions, Fidget Feet Aerial Dance Company* agus an

*Workhouse Studios*, Sligeach, chomh maith le *Streetwise* ó Bhéal Feirste agus Réalta as Gaillimh.

## 6.4 Ealaíona Traidisiúnta

Tá Dún na nGall sáite go smior, ag baile agus thar lear i gceol, in amhráin agus i ndamhsa bríomhar traidisiúnta bríomhar den scoth. Tá fócas curtha ag an gcáil idirnáisiúnta atá ar ealaíontóirí Dhún na nGall, ar nós, Clannad, Enya agus Altan, chomh maith le healaíontóirí eile a bhfuil ceangal láidir acu le Dún na nGall, Maighréad, Tríona agus Micheál ó Domhnaill, nach maireann, Donal Lunny, Paddy Glackin, Na Casadaigh – le tríocha (30) bliain anuas nó níos mó, ar cheol agus ar amhráin traidisiúnta an Chontae. Tá ómós thar na bearta cruthaithe aige seo do bhunú agus do na daoine sin atá ag coinneáil an traidisiúin beo, bríomhar agus admhaítear nach mór é a chaomhnú, é a chleachtadh agus cothabháil a dhéanamh air san am atá romhainn.

Is mar thoradh ar an amhrán traidisiúnta, go háirithe, amhráin traidisiúnta óna ceantair Ghaeltachta den Chontae, atá an cháil ar leith seo bainte amach ag Dún na nGall. Is ón stór amhrán, lena raibh baint ag daoine ar nós Róise 'na nAmhrán' Mhic Grianna, Neilí Ní Dhomhnaill, Éamonn Ghráinne Mhic Ruairí, Caitlín Ní Dhomhnaill, Aodh agus John ó Duibheannaigh, Nóra Ní Rodáin agus daoine eile, an tobar ar a raibh triail na nglún a tháinig i ndiaidh a chéile, a raibh agus a bhfuil aithne mhór ag an bpobal ar chuid mhaith acu. Leanann amhránaithe ar nós Mairéad Ní Mhaonaigh, Máire Ní Bhraonáin, Lillis Ó Laoire, Connie Ó Ghallchóir, Clann Mhic Ruairí, Doimnic MacGiolla Bhríde, Gearóidín Breathnach, Máire Ní Choilm, Patricia Nic Ruairí, Aoife Ní Fhearraigh, Claire Nic Ruairí, Noleen Ní Colla agus go leor eile, leis an stór sin a chur os comhair an domhain.

Leanann Raidió na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta le tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil do na hamhráin traidisiúnta Gaeltachta sa Chontae agus tá saoráidí acmhainne ar nós na Crannóige i nGaoth Dobhair agus an tSean Bheairic san Fhál Carrach mar phointí fócais do spreagadh agus do chur chun cinn leanúnach an traidisiúin.

Maidir leis sin, tá líonra láidir de chraobhacha Comhalta Cheoltóirí Éireann ar fud an Chontae, ag cur gach gné den amhránaíocht, den cheol agus den damhsa traidisiúnta chun cinn, trí chláir oideachais agus trí dheiseanna léiriúcháin a sholáthar trí chéilithe, fleánna agus seisiúin ar bhonn míosúil.

Tá ról ríthábhachtach ag Cairdeas na bhFidléirí, ó bunaíodh é go luath sna 1980idí, ó thaobh tacaíocht a thabhairt do cheird na fidléireachta agus an fhidléireacht a chur chun cinn i dtraidisiún Dhún na nGall. Tá go leor déanta acu le haitheantas a thabhairt do agus cothabháil a dhéanamh ar phróifíl na bhfidléirí bunaidh - John agus Mickey Doherty, Neilly Boyle, Con Cassidy, James Byrne, Francie Mooney agus go leor eile - agus tá go leor d'fhidléirí* an lae inniu gníomhach ó thaobh cur le agus rannpháirtíocht in imeachtaí, taifeadtaí, foilseacháin, tionscadail thaighde, máistir-ranganna agus scoileanna samhraidh.

Tá teacht chun cinn líon ensemble de cheoltóirí óga a bhfuil tallann de scoth acu, agus a bhfuil baint acu le tionscnaimh teagaisc ceoil traidisiúnta, ar nós an Chrainn Óg (Gaoth Dobhair) , Coirm (Ceol na Coille), Tionscadal Ceoil Traidisiúnta Inis Eoghain agus CCE Chloich Chionnaola mar ghné spreagúil de staid an ceol traidisiúnta comhaimseartha sa Chontae.

* Jimmy agus Vincent Campbell, Dinny McLaughlin, Danny Meehan, Tommy Peoples, chomh maith le Maighréad Ní Mhaonaigh, Liz Doherty, Martin McGinley, Ciaran Tourish, Dermot McLaughlin, Bríd Harper, Ciaran Ó Maonaigh, Aidan O'Donnell, Theresa Kavanagh, Róisín McGrory, Dermot Byrne, Tara Connaghan, Paula Hutton agus go leor eile. Áiríonn ceoltóirí traidisiúnta is fiú a lua, agus nach gá go mbeadh siad bainteach le stíl fidléireachta Dhún na nGall, Seamus McGuire, Dermot Byrne, John Lee, Martin Tourish, Paul Harrigan agus Manus Lunny.

## 6.5 An Diaspóra

Feidhmíonn tionscadal Diaspóra Dhún na nGall mar ardán chun cur le meas agus le feasacht ar an gContae. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal Dún na nGall a chur chun cinn agus infheistíocht isteach chun an Chontae a spreagadh. Is iad na príomhréimsí fócais; cultúr, oidhreacht, turasóireacht, gnó, oideachas agus fiontar. Tá acmhainn mhór ann le leas a bhaint as acmhainní ar fud an chontae, ag cruthú athrú suntasach in athghiniúint cultúrtha, eacnamaíochta, gnó agus turasóireachta ar fud Chontae Dhún na nGall.

Aithnítear gur príomhacmhainn don réigiún is ea an pobal leathan seo, Diaspóra Dhún na nGall, leis an acmhainneacht ceangail a chruthú a chuireann scileanna, taithí, líonraí agus acmhainní ar fáil.

Tá thart ar 57,000 duine i dteagmháil linn ó 132 contae.

Tá na príomh 5 cinn thíos:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Éire | 34,148 | 47.73% |
| 2. | An Ríocht Aontaithe | 15,837 | 22.14% |
| 3. | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 11,957 | 16.71% |
| 4. | An Astráil | 1,575 | 2.20% |
| 5. | Ceanada | 1,503 | 2.10% |

## 6.6 Féilte

Dea-theistiméireacht is ea féilte d'fhuinniúlacht agus féinmheas an phobail. Tá ceiliúradh ó thaobh oidhreacht chultúrtha, pearsanra stairiúla ceannródaíoch nó gnéithe den chultúr comhaimseartha, in ann cur le agus cothabháil a dhéanamh ar mhéin féiniúlachta agus folláine pobail. Cuireann féilte ardáin taispeántais agus léiriúcháin luachmhara ar fáil d'ealaíontóirí agus do lucht ceardaíochta; meallann siad cuairteoirí chun an cheantair, mar phríomhghné den mhéid atá le tairiscint ag an gContae don turasóireacht agus déanann spreagadh ollmhór ar an ngeilleagar áitiúil.

Reáchtáiltear éagsúlacht mhór féilte i nDún na nGall ar bhonn bliantúil, imeachtaí téamúla agus bailiúcháin chultúrtha, a bhfuil tóir mhór ag muintir na háite agus ag cuairteoirí chun an chontae araon orthu. Tá roinnt féilte ina measc sin a bhfuil próifíl mhór náisiúnta agus idirnáisiúnta acu, lena n-áirítear, Féile Ealaíne an Earagail, Scoil Shamhraidh Patrick MacGill, *Sea Sessions, Rory Gallagher International Tribute Festival*, Scoil Gheimhridh Ghaoth

Dobhair (Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy roimhe seo), *Ballyshannon Folk and Traditional Music Festival* agus *an International Folksong* agus *Ballad Seminar Inis Eoghain.*

Glacann Dún na nGall páirt go fonnmhar i raon imeachtaí maidir le ceiliúradh náisiúnta ar nós Seachtain na Gaeilge, Féile na Bealtaine do Dhaoine Scothaosta, an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta agus Oíche Chultúir. Sa bhreis air sin, tionóladh líon imeachtaí maidir le féilte réigiúnacha agus náisiúnta a bhfuil cáil mhór orthu i nDún na nGall, ar nós as Fleadh Ceoil na hÉireann, An tOireachtas agus *The Ulster Irish Dancing Championships.* Feidhmíonn Comhairle Chontae Dhún na nGall, mar chomhordaitheoir agus mar éascaitheoir, trína Seirbhísí Cultúrtha agus trína Rannóga Pobail agus Fiontair, do na himeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta seo, agus leanann an Chomhairle le seachadadh a dhéanamh ar shraith imeachtaí féilte atá tionscanta agus á mbainistiú intí, lena n-áirítear *Wainfest, Donegal Bay* agus an *Blue Stacks Festival, Distorted Perspectives* agus Seachtain Traidisiúnta Leitir Ceanainn. Tá liosta de na féilte agus de na himeachtaí a bhíonn ar siúl le fáil i dTábla 1, Aguisín 6.

Tá an deis ann le forbairt a dhéanamh ar fhéilte agus ar imeachtaí nua, nó ar fhéilte agus ar imeachtaí atá cheana maidir le táirgí agus le traidisiún atá dúchasach–nó lena mbaineann tábhacht ar leith don Chontae. Tá go leor féidearthachtaí ann ar nós móin, prátaí agus/nó feamainn. Reáchtálann an Ghaeltacht go leor féilte freisin.

## 6.7 Scannáin


Tá Dún na nGall suite go maith mar rogha iontach do bhainisteoirí suímh scannáin tar éis óstáil a dhéanamh ar shraith mhór léiriúcháin agus scannáin ar nós, *A Shine of Rainbows, 48 Angels and Grabbers* le blianta beaga anuas. Tá tírdhreach ar leith, solas glan, laethanta fada, flaithiúlacht na ndaoine agus fáil a bheith ar acmhainní léiriúcháin ar ardchaighdeán trí Oifig Scannáin Dhún na nGall i measc na ngnéithe a mheallann déantóirí scannán ó thart timpeall an domhain go Dún na nGall. Baineann an Chontae an iliomad buntáistí, go díreach agus go hindíreach, as cóiríocht, cibé beag nó mór, a chur ar fáil do léiriúcháin. Áirítear orthu sin, cruthú fostaíochta go háitiúil, níos mó gnó do sholáthróirí seirbhíse áitiúla, agus i go leor cásanna, feidhmíonn an léiriúchán deiridh mar thaispeántas domhanda maidir leis an méid atá le fáil i nDún na nGall.

Tá sé ríthábhachtach cothabháil a dhéanamh ar Dhún na nGall mar shuíomh scannáin cur leis trí chur chun cinn an Chontae mar Chontae atá éagsúil ach fós áisiúil ó thaobh suímh, tá sé ríthábhachtach leanúint leis an gcomhoibriú idir Oifig Scannáin Dhún na nGall agus an tionscal, agus cur le feasacht go háitiúil maidir leis an tionchar agus na torthaí dearfach a bhaineann le scannáin a léiriú sa Chontae.

## 6.8 Teanga

Tá cur chun cinn déanta ag Rialtais i ndiaidh a chéile ar chaomhnú na Gaeltachta mar phobal labhartha na Gaeilge ó bunaíodh an Stát. Cuireann an Ghaeltacht deis ar fáil le cothabháil a dhéanamh go nádúrtha ar leanúnachas traidisiún na Gaeilge ach cuireann sí sár-thimpeallacht ar fáil freisin dóibh siúd ar mian leo a bheith líofa sa Ghaeilge. Is ionann daonra na Gaeltachta agus 24,744 duine, ardú 4% idir 2006-2011. Nuair a chuirtear daonra na nGaeltachtaí le chéile, tá 33% ina gcónaí i gContae na Gaillimhe; 25% i gContae Dhún na nGall; 15% i gCathair na Gaillimhe; 11% i Maigh Eo ; 9% i gCiarraí; 4% i gCorcaigh 2 % i bPort Láirge agus i gContae na Mí faoi seach. (Féach Tábla 2, Aguisín 6 agus Fíor 1 thíos).

**Fíor 1: Daonra na Gaeltachta**



Tá 17,132 cainteoir Gaeilge, in aois 3 bliana agus os a chionn i nGaeltacht Dhún na nGall atá comhdhéanta de 69% de dhaonra iomlán na Gaeltachta[19]. Tá minicíocht úsáide mar tháscaire mhaith ó thaobh tomhais a dhéanamh ar chumas an duine an teanga a labhairt. Léiríonn daonáireamh 2011 go mbíonn 32% den na Cainteoirí Gaeilge go léir in aois 3 bliana agus os a chionn *'ag labhairt Gaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais'* i nGaeltacht Dhún na nGall agus bhí an líon is airde i nGaeltacht na Gaillimhe ag 33%. Tá sé seo os cionn an mheáin sa Stát, áfach, ag 27%.

Tá Gaeltacht Dhún na nGall roinnte in 8 réigiún sonrach teanga faoin Acht Teanga 2012, agus ní mór do gach ceann do na réigiúin sin plean teanga a fhorbairt thar an 2 bhliain atá amach romhainn agus an plean sin a chur i bhfeidhm laistigh de 7 mbliana trí raon leathan gníomhaíochtaí. Ní mór do na pleananna aonair tacaíocht a thabhairt don teanga agus don cheantar Gaeltachta agus saintréithe teanga difriúil gach aon réigiún a thabhairt san áireamh.

### 6.8.1 Comhdhéanamh Aoise na gCainteoirí Gaeilge

Déantar briseadh síos i dTábla 3, Aguisín 6, i gcatagóirí difriúla aoise ar an 17,132 cainteoir Gaeilge in aois 3 bliana agus os a chionn i gCeantair Ghaeltachta Dhún na nGall a labhraíonn Gaeilge. Léiríonn an tábla seo go bhfuil céatadán de leanaí atá ina gcainteoirí Gaeilge i nDún na nGall i gcatagóirí aoise 3-4 bliana agus 5-9 mbliana beagán níos airde ná mar atá sa Stát. Maidir le gach catagóir aoise ceithre bliana ó 10 go 59 bliain, tá céatadán níos ísle de Chainteoirí Gaeilge i nDún na nGall ná mar atá sa Stát. Maidir le gach catagóir aoise ceithre bliana os cion 60 bliain, tá an céatadán de Chainteoirí Gaeilge i nDún na nGall níos airde ná mar atá sa Stát. Tá bagairt fhadtéarmach á léiriú ag na figiúirí seo ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga bheo sa Ghaeltacht. Dá bhrí sin, tá tionscadail agus tionscnaimh riachtanach le léiriú a dhéanamh ar thábhacht na teanga laistigh den Chontae ionas go nglacfadh daoine ón gContae go léir an tsócmhainn chultúrtha uathúil seo chucu féin chun cabhrú leis an teanga a chur chun cinn agus a lánpháirtiú sa saol laethúil ar fud Dhún na nGall.

### 6.8.2 Cainteoirí Gaeilge i nDún na nGall

Bhí 58,998 duine i gContae Dhún na nGall (40%) a d'fhéach orthu féin mar chainteoirí *'Gaeilge'* in 2011, agus roghnaigh 92,471 duine an chatagóir do '*chainteoirí nár labhair Gaeilge'*. Déantar briseadh síos i dTábla 4, Aguisín 6, ar an daonra in aois 3 bliana agus os a chionn i gcainteoirí Gaeilge nó cainteoirí nach labhraíonn Gaeilge. Léirítear sa tábla seo go raibh Gaillimh rangaithe sa bhliain 2011 ag uimhir 1; Ciarraí ag uimhir 4; Maigh Eo ag Uimhir 5; Corcaigh ag Uimhir 6 agus níor tháinig aon athrú ag Port Láirge ag Uimhir 9 don tréimhse 2006 agus 2011. Chuaigh an rangú do Dhún na nGall in olcas ón 20ú go 22ú háit, tráth ar tháinig feabhas ar Chontae na Mí ón 18ú háit in 2006 go 17ú háit in 2011.

---

19 [1] gach tír gan Éire san áireamh [2] níor cuireadh 20 'tír eile' lenar bhain 742 duine san áireamh sa chás seo de bharr easpa figiúirí de réir áit bhreithe. Is ionann an t-iomlán agus 34250 ó 47 dtír.

Foinsí: Sonraí - CSO, Íomhánna 2011 - http://travel.nationalgeographic.com/tra

### 6.8.3 Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Léiríonn na figiúirí thuas go bhfuil acmhainn shuntasach ann chun cur leis an nGaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus is díol spéise go háirithe cruthú Bailte Seirbhíse Gaeltachta faoin Acht na Gaeltachta 2012, a sainmhínítear mar bhailte atá lonnaithe i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó cóngarach dóibh agus a bhfuil ról suntasach acu ó thaobh seirbhísí poiblí, saoráidí caitheamh aimsire, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na ceantair seo.

Mar theanga bheo, ní mór díriú de shíor ar dheiseanna leis an nGaeilge a lánpháirtiú i ngach gné den saol laethúil i nDún na nGall. Áirítear ar roinnt den iliomad réimse a bhfuil deiseanna lánpháirtithe ann, úsáid na teanga sa timpeallacht oibre, ó thaobh seachadadh seirbhíse, trí ainmneacha Gaeilge a thabhairt san áireamh i dtaispeántais siopaí, trína cineál cláir agus scannáin atá ar TG 4, 'Campaí Gaeilge' ag féilte ceoil, trí dheiseanna fostaíochta a chruthú sa turasóireacht chultúrtha, bunaithe ar úsáid na Gaeilge agus trína 'Cainteoirí Gaeilge' nua ar mian leo an teanga a labhairt a thabhairt san áireamh.

### 6.8.4 Teangacha Nua

In ainneoin na titime atá tagtha ar chúrsaí imirce ón mbliain 2007, tráth a raibh cúrsaí imirce go dona mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíochta, tá feabhas de bheagán tagtha ar líon na ndaoine atá ag teacht isteach ón mbliain 2010. De réir Daonáireamh 2011, dheimhnigh 34,992 duine a bhí ina gcónaí i gContae Dhún na nGall oíche an Daonáireamh, nár rugadh in Éirinn iad, agus b'ionann é sin a ardú iarbhír de 7784 ón mbliain 2006. I gcoibhneas leis an Stát ag 17%, bhí an cion den daonra a bhí ina gcónaí i gContae Dhún na nGall mar chéatadán den daonra iomlán ó lasmuigh den stát de réir áit bhreithe níos mó ag 22%. B'as 47 tír dhifriúil a tháinig an 34,992 duine a rugadh lasmuigh den tír agus a bhí ina gcónaí i nDún na nGall a chiallaigh raon leathan teangacha nua don Chontae.
Rugadh 22% de dhaonra an Chontae lasmuigh den tír, ag déanamh Contae atá éagsúil ó thaobh cultúir den Chontae agus cuid de phobal domhanda níos leithne. Cuireann sé seo raon leathan deiseanna ar fáil i dtéarmaí feabhas a chur ar scileann teanga an fhórsa saothair, srl., ach tugann sé dúshláin chun cinn i dtéarmaí lánpháirtithe i gcreatlach eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an Chontae.

## 6.9 An Earnáil Chruthaitheach

D'aithin na *Creative Edge Project* 429 ngrúpa cruthaitheacha/comhlachtaí laistigh den Chontae. Taispeánann an tábla thíos raon leathan gnóthaí sa Chontae.

| An Earnáil Chruthaitheach | Gnóthaí |
|---|---|
| Fógraíocht | 3 |
| Ailtirí | 76 |
| Ionaid Ealaíona/Amharclanna/Gailearaithe | 45 |
| Ealaíontóirí (lena n-áirítear beochan) | 31 |
| Criadóireacht/Obair Cloiche | 17 |
| Fiontraí Cruthaitheach | 7 |
| Innealtóireacht/Dearadh Tionsclaíoch | 12 |
| Scannáin/Teilifís | 44 |
| Bia/Táirgeadh | 7 |
| Gloine/Criostal | 6 |
| Dearadh Grafaic/Gréasáin/TFC | 28 |

| | |
|---|---|
| Dearadh Intí | 8 |
| Seodra | 14 |
| Margaíocht | 8 |
| Obair Mhiotalóireacht | 9 |
| Ceol | 9 |
| Grianghrafadóireacht | 49 |
| Clóphreas/Seirbhísí | 24 |
| Raidió lena n-áirítear foilsitheoireacht | 9 |
| Forbairt Bogearraí | 21 |
| Teicstílí, lena n-áirítear, Fíodóireacht, Caoladóireacht, Leathar srl | 64 |
| Ceardaíocht, lena n-áirítear Deileadh Adhmaid, Bréagáin agus Déanamh Ionstraimí Ceoil | 22 |
| Eile | 13 |
| **Iomlán** | **526** |

## 6.10 Ábhar Oidhreachta

Tá ár gcultúr múnlaithe ag stair. Tá oidhreacht chultúrtha na staire seo le feiceáil in ábhar oidhreachta agus in oidhreacht nach mbaineann le hábhar, (láimhsithe agus doláimhsithe). Cuireann cartlann agus déantáin go háirithe ar ár gcumas breathnú siar ar an am atá caite agus tuilleadh a fhoghlaim maidir lenár stair agus an scéal seo a roinnt leis na glúine atá ann faoi láthair agus na glúine a bheidh ann amach anseo. Is ionann cartlann agus doiciméid bhunaidh atá ar fáil in aon mheán ar leith lena mbaineann luach stairiúil nó luach fianaiseach agus nach mór a chaomhnú ar bhonn buan.

Tá go leor de na cartlanna agus de na déantáin seo caomhnaithe i músaeim éagsúla agus in ionaid chartlainne/oidhreachta ar fud Chontae Dhún na nGall. Tá os cionn 250 eagraíocht oidhreachta nó ghrúpa pobail i nDún na nGall ar a bhfuil freagracht ó thaobh na hoidhreachta. Tá thart ar 40 músaem, ionad oidhreachta agus tithe stairiúla oscailte don phobal. Tá ról ríthábhachtach ag údaráis áitiúil agus ag an earnáil pobail agus deonach ó thaobh caomhnú a dhéanamh ar ár n-ábhar oidhreachta. Ba chóir spreagadh a dhéanamh ar thionscadail agus ar thionscnaimh a dhéanann iarracht ár n-ábhair oidhreachta a chaomhnú agus a chur chun cinn agus a dhéanamh inrochtana, lena n-áirítear déantáin agus cartlanna.

## 6.11 Oidhreacht Thógtha atá Saibhir

Tá an oidhreacht chultúrtha a bhaineann leis an am a caitheadh neadaithe sa chreatlach thógtha shaibhir atá le fáil i dtimpeallacht thógtha Dhún na nGall. Tá sé seo le feiceáil i mbailte margaidh, sráidhbhailte clachain agus léibhinn Victeoiriach, ó stórtha, droichid agus droichid iarnróid go séipéil, muilte, dúnfoirt agus céanna, ó thithe mór le rá, teachíní dúchasacha agus tithe lasmuigh, go liagchiorcail, longa báite, cloch mhíle agus caidéil uisce. Tá na cáilíochtaí dúchasacha atá le fáil iontu seo chomh tábhachtach dár n-aitheantas cultúrtha agus atá an focal labhartha nó scríofa.

Tá tábhacht ár gcreatlach thógtha agus an bhaint atá aici leis an am a caitheadh chun tosaigh, ní amháin ó thaobh an bhealaigh ina mairimid ach tá sí tábhachtach freisin maidir

leis an mbealach ina mbeimid in ann cothabháil agus athghiniúint a dhéanamh ar ár dtimpeallacht don am atá romhainn. Tá an bealach ina gcoinnímid ár gcreatlach tógtha stairiúil agus an bealach ina n-áirímid forbairtí nua atá goilliúnach inár dtimpeallacht mar phríomhghnéithe i ndáil leis sin. Tá athúsáid agus athchruthú struchtúir atá ann cheana ionas go mbeadh siad ábhartha don lá atá inniu ann riachtanach dá gcothabháil struchtúrtha agus don achar a mhaireann siad amach anseo. Tá deis ann lenár n-oidhreacht thógtha a chaomhnú agus a chur chun cinn agus lenár spásanna agus lenár bpobail a athneartú agus ag an am céanna trí chásanna folúntais agus tréigean a laghdú trí athchóiriú a dhéanamh air agus athúsáid a bhaint as foirgnimh agus as struchtúir chun críocha cóiríochta, fiontar áitiúil agus seirbhísí miondíola agus turasóireachta. Tá tuiscint ar luach ár líonra seandálaíochta lárnach maidir lena chaomhnú agus taitneamh a bhaint as. Tá deiseanna ann le cur le feasacht agus le hinrochtaineacht na láithreán.

Tá an Scéim maidir le Bailte Oidhreachta bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil an acmhainn ag líon bailte le saintréithe láidir fisiciúil ionadaíocht a dhéanamh ar oidhreacht na hÉireann. Tá dé-éifeacht ag an bpróiseas seo ó thaobh cabhrú le timpeallacht thógtha na mbailte seo agus le huirlis mhargaíochta a sholáthar do thionscal na turasóireachta. Ainmníodh Ard an Rátha agus Ráth Mealtain laistigh de Dhún na nGall agus rinneadh margaíocht orthu faoin tionscnamh seo (Ard an Rátha – le téama fíodóireachta agus Ráth Mealtain – leis an téama calafort nó baile Seoirseach). Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall tar éis na mbailte seo a leanas a ainmniú; Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus Ráth Bhoth mar 'Bhailte Oidhreachta'.[20]

### 6.11.1 Ailtireacht

Cinneann an bealach ina ndéanaimid struchtúir a thógáil agus an áit ina dtógaimid iad, an bealach ina mairimid anois agus amach anseo. Tá dearadh agus leagan amach foirgnimh atá ar ardchaighdeán ceangailte go díreach le cé chomh héasca agus cé chomh sábháilte is atáimid in ann gluaiseacht thart, an bealach ina mbainimid úsáid as fuinneamh, luach taitneamhachta ár n-oidhreacht thógtha, agus ar deireadh ómós áite. Is gnéithe tábhachtach iad seo go léir, ní amháin ó thaobh ár gcaighdeán saoil féin ach ó thaobh ár gcuid ceantar a dhéanamh inbhuanaithe agus tarraingteach do dhaoine eile.

Tá go leo samplaí breátha i nDún na nGall ó thaobh struchtúir lena mbaineann tábhacht ailtireachta ar fud raon tréimhsí agus stíleanna ó Theach Solais Fhánada go Coláiste Naomh *Eunan* go teachíní ceannscláta Roisín, go séipéal Naomh *Aengus* na Birte, ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta agus a roghnaigh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) mar 'Fhoirgneamh den Fichiú hAois'. Cé go bhfuil ár dTaifead de Struchtúir Chosanta i nDún na nGall i measc na coda is lú sa tír agus atá comhdhéanta de 375 struchtúr, tá ár bhFardal Náisiúnta maidir le hOidhreacht Ailtireachta[21] i measc na coda is mó sa tír. Tá 1,669 struchtúr ann mar atá sé faoi láthair agus cuireann sampla ionadaíoch d'oidhreacht ailtireachta ar fáil ar fud Ceantar Bardasacha Inis Eoghain, Srath an Urláir, Dún na nGall agus Leitir Ceanainn. Réimsíonn na struchtúir thábhachtach seo ó dhroichid go tithe solais, go gairdíní le balla go boscaí poist go tornóg aoil. Tá grádú náisiúnta ag 12 agus tá grádú réigiúnach ag 1657.

Tá foirgnimh ina n-acmhainn luachmhar atá riachtanach ó thaobh na maireachtála, ó thaobh oibre agus ó thaobh shaol sóisialta. Tá beagnach 92,500 foirgneamh i nDún na nGall; baintear úsáid as 84% acu seo chun críocha cónaithe, 7% chun críocha neamhchónaithe (m.sh. siopaí, ionaid phobail, oifigí) agus is foirgnimh dhá-fheidhm iad an 9% eile atá comhdhéanta d'úsáidí cónaithe agus neamhchónaithe. Tá 8,205 de na foirgnimh seo tréigthe nó folamh, agus tá go leor acu sin mar chuid thábhachtach dár n-oidhreacht thógtha.

Tá tionchar diúltach ag foilmhe agus ag tréigean ar an tsochaí mar gheall ar go leor cúiseanna, lena n-áirítear cruthú foirgnimh atá gránna ó thaobh amhairc, meath eacnamaíochta, contúirt ó thaobh sláinte agus sábháilteachta, iompar frithshóisialta agus laghdú acmhainní agus éifeachtúlachtaí timpeallachta trí thalamh agus foirgnimh a chur amú arbh ionann iad agus acmhainní atá gann. Nuair a tharlaíonn cnuasach ó thaobh fhoilmhe agus tréigean, is féidir leis na saincheisteanna seo tionchar dochrach a bheith acu

[20] http://www.askaboutireland.ie/reading-room/history-heritage/heritage-towns/the-heritage-towns-of-don/

[21] Arna fhoilsiú ag an gComhairle Oidhreachta


ar oidhreacht thógtha ceantar iomlán, go háirithe ár mbailte agus ár sráidbhailte tuaithe, áit ar féidir sráid-dreach a chailliúint. Mar thoradh air sin, cailltear saintréith dúchasach agus ómós áit na lonnaíochta go léir, ag laghdú tarraingteach na lonnaíochta mar áit le maireachtáil, le hinfheistíocht a dhéanamh ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh ann.

**6.11.2 Seandálaíocht agus Seandálaíocht faoi uisce**

Is léargas díreach ar an am atá caite an fhianaise sheandálaíochta atá le feiceáil inniu. Ciallaíonn saibhreas na hoidhreachta i nDún na nGall go bhfuil go leor rudaí, struchtúir, gnéithe agus láithreáin againn lena mbaineann tábhacht seandálaíochta sa lá atá inniu ann. De réir Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí (TLS) Shuirbhé Sheandálaíochta na hÉireann (SSÉ), tá 3,129 séadchomhartha agus láithreán i nDún na nGall. Áirítear orthu sin, Crannóga go Balláin, láithreán Dramhchairn agus na hiarsmaí is sine atá ar fáil sa tír, go cromleac *Kilcooney*, atá os cionn 4000 bliain d'aois agus atá ar cheann de na samplaí séadchomhartha is fearr dá leithéid san Eoraip. Chomh maith le seandálaíocht atá bunaithe ar an talamh, tá oidhreacht shaibhir mhuirí againn freisin, lena n-áirítear seandálaíocht faoi uisce. Tá níos mó fomhuireáin Ghearmánacha agus línéir farraige móire báite amach ó chósta Chionn Mhálanna ná mar atá in áit ar bith eile ar domhan, agus a bhformhór mar gheall ar an gCéad Chogadh Domhanda agus an Dara Cogadh Domhanda. Tá longa báite lena mbaineann saibhreas uathúil, mar thoradh ar imeallbhord fairsing Dhún na nGall, mar aon le líon lochanna atá inseolta, a shuíomh straitéiseach i dtéarmaí ionsaí agus cosaint an oileáin, go léir ag cur le hoidhreacht mhuirí Dhún na nGall. Mar gheall ar a sheandálaíocht shaibhir faoi uisce – longa báite – baineann an *Infomar Project* úsáid as teicneolaíocht *lidar* le léarscáiliú a dhéanamh ar ghrinneall na farraige. Tá níos mó agus níos mó longa báite á mbrath acu amach ó Chósta Dhún na nGall. Tagann líon na longa báite go 252 faoi láthair.

Tá acmhainn shuntasach ann le cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar sheandálaíocht faoi uisce sa Chontae i dtéarmaí acmhainn tumadóireachta agus taighde ar shuímh longa báite ach tá acmhainn oideachais ann freisin atá bunaithe ar ghníomhaíocht, bealaí agus cuspóirí soithigh den sórt sin amach ón gcósta.

**Fíor 2: Sócmhainní na hOidhreachta Thógtha i gContae Dhún na nGall**




(Eochair Eolais: Struchtúr ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (FNOA); Lorg Foirgneamh FNOA; Láithreán nó Séadchomhartha Seandálaíochta; Long Bháite)

## 6.12 Anailís Riachtanais Ceantair: Caomhnú trí Rochtain agus Cur Chun Cinn

**Cur Chun Cinn:** Tá go leor gnéithe dár n-oidhreacht chultúrtha faoi chosaint ag reachtaíocht de chineál amháin nó de chineál eile. Dá bhrí sin, ní mór go n-aithneoidh gach tionscadal agus tionscnamh a bhfuil sé i gceist leo ár n-oidhreacht thógtha a chur chun cinn, í a fhorbairt agus cur le rochtain, tábhacht straitéiseach gnéithe den sórt sin a thabhairt ar aird, in aon chead atá riachtanach a lorg agus nuair is cuí bearta a thabhairt san áireamh le gnéithe den sórt sin den oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chaomhnú do na glúine amach anseo. Déantar spreagadh freisin ar thionscadail agus ar thionscnaimh a dhéanann iarracht gnéithe den oidhreacht chultúrtha a fhorbairt agus a chur chun cinn mar acmhainní oideachais.

**Geilleagar & Fiontar:** Cuireann cultúr agus oidhreacht shaibhir Dhún na nGall deis ollmhór ar fáil maidir le forbairt fiontar agus fás eacnamaíochta, agus cuireann feabhas ag an am céanna ar chosaint agus ar inbhuanaitheacht ár n-oidhreacht shaibhir. Chomh maith le cur le mealltacht Dhún na nGall do thurasóirí, cuireann na gnéithe seo go mór le hómós aite agus lenár n-aitheantas mar áititheoirí. Cuireann sé an fachtóir ard-tarraingteach sin ar fáil, atá á lorg anois ag cuideachtaí dúchasach agus ag cuideachtaí idirnáisiúnta araon, atá i mbun breithniú ar an gContae mar láthair infheistíochta mar go bhfuil ar a chumas ardchaighdeáin saoil a chur ar fáil don fhórsa saothair oilte atá riachtanach do chuideachtaí den sórt sin. Dá

bhrí sin, tá forbairt, caomhnú agus chur chun cinn go háirithe ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha mar príomhfhactóir eacnamaíochta don Chontae.

Fáiltítear roimh thionscadail agus roimh thionscnaimh a fhónann le cur le feasacht ar bhonn áitiúil agus réigiúnach maidir le tábhacht ár gcultúr agus ár n-oidhreacht ar mhaithe lena cothabháil agus lena gcur chun cinn mar fheithicil d'athnuachan eacnamaíoch ár bpobail tuaithe.

Is ionann réimse na hoidhreachta cultúrtha agus na hoidhreachta thógtha agus réimse lena mbaineann acmhainn shuntasach ó thaobh na turasóireachta. Fáiltítear roimh thionscadail a dhéanann iarracht gnéithe den sórt sin a rochtain agus a chur chun cinn.

# Caibidil 7: Leas a Bhaint as ár mBuntáiste maidir le Turasóireacht Tuaithe


## 7.0 Uimhreacha Turasóireachta atá ag ardú

Tá ardú seasta ag teacht ar líon na dturasóirí go Dún na nGall. Sa bhliain 2013, thug 199,000 cuairteoir ó thar lear cuairt ar Dhún na nGall, ardú 14.3% ó 2012. As líon na gcuairteoirí sa bhliain 2013, tháinig 78,000 ón mBreatain, 70,000 ó mhórthír na hEorpa, 37,000 Mheiriceá Thuaidh agus 14,000 ó thíortha eile. B'fhiú €48m na cuairteoirí ó thar lear don gheilleagar áitiúil. Tháinig ardú freisin ar líon na gcuairteoirí intíre chun an Chontae, ó 245,000 (2012) go 260,000 (2013). B'fhiú €64milliún an margadh turasóireachta intíre.

Tá líon fachtóirí ag cur treallús faoin líon cuairteoirí seo, lena n-áirítear bunú agus cur chun cinn Slí an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith le roinnt pointí sár-radhairc ar nós Sliabh Liag, Cionn Fhánada agus pointí eile sár-radhairc lena n-áirítear; oileáin lena mbaineann draíocht[xx] tránna sáráilleachta an bhrait ghoirm[xxi] , galfchúrsaí den scoth[xxii], foraoisí pobail agus láthair phicnicí[xxiii], agus láithreacha eile ar díol shuntais iad[xxiv] srl (Féach Fíor 1 thíos).

Tá infheistíochtaí dírithe ar tháirgí turasóireachta leis na blianta agus is teistiméireacht é sin ar chaighdeán an méid atá le tairiscint ó thaobh na turasóireachta. Tá tionscadail agus tionscnaimh infheistíochta riachtanach, áfach, do phobail tuaithe le leas a bhaint as lán-acmhainneachta Slí an Atlantaigh Fhiáin i dtéarmaí éagsúlú a dhéanamh ar chóiríocht turasóireachta, fiontair atá bunaithe ar fhiontair thurasóireachta a fhorbairt, srl. Chun é sin a bhaint amach tá sé riachtanach freisin na huirlisí riachtanacha a sholáthar do phobail tuaithe le héagsúlú den sórt sin a bheith inmharthana, bíodh uasghrádú tithe feirme le turasóirí a thógáil i gceist leis sin, nó, suiteáil taitneamhachtaí poiblí ar nós leithris, boscaí bruscair athchúrsála, limistéir picnice srl., fiontair bheaga tuaithe a fhorbairt bunaithe ar Bhranda Dhún na nGall srl. Tá sé tábhachtach freisin agus leibhéil na turasóireachta ag ardú i gceantair thuaithe go mbíonn cosaint agus feabhsú ár dtírdhreach agus ár n-oidhreacht chun tosaigh i ngach tionscadal den sórt seo.


**Fíor 1: An Méid atá le Tairiscint ó Thaobh na Turasóireachta feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin**




(Eochair Eolais: Limistéir Picnice; Galfchúrsaí; Pointí Fionnachtana SAF; Pointí Sár-Radhairc SAF; Tránna; Tránna Brataí Goirme; Bailte Móra; Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha; Slí an Atlantaigh Fhiáin Dún na nGall; Slí an Atlantaigh Fhiáin, an Cósta; An Ghaeltacht)

## 7.1 Ár Sócmhainní Turasóireachta Tuaithe

Tá ról suntasach ag an turasóireacht i ngeilleagar tuaithe Dhún na nGall. Tá bearta tacaíochta leanúnach ríthábhachtach do chur chuige éagsúil agus nuálachta i leith forbairt na turasóireachta tuaithe le cothabháil a dhéanamh ar phobail tuaithe amach anseo. Fuair *Staidéar Turasóireachta 2013 – Dún na nGall/Sligeach* de chuid Fáilte Éireann amach go raibh *'an Radharc Tíre/Taobh Tíre Álainn'* mar an chúis is minice a tugadh le Dún na nGall/Sligeach a mholadh (80% de na daoine a d'fhreagair). Cuireadh ceist ar dhaoine maidir le 'cad a bhí ar siúl acu i Sligeach/Dún na nGall?' Tá briseadh síos den 10 bhfreagra is mó a tugadh ar an tábla thall. Ní mór a thabhairt ar aird go raibh na 10 bhfreagra is mó a tugadh comhdhéanta de bhealaí éagsúla a bhfuair turasóirí rochtain agus taithí ar ár dtimpeallacht nádúrtha. Tá an bhéim shuntasach ar chaitheamh aimsire lasmuigh i 97% de na freagraí ar an iomlán, a chuireann bainistíocht inbhuanaithe ár n-oidhreacht




*Fíor 2: Staidéar Turasóireachta Fáilte Éireann 2013*

nádúrtha i gcroílár clár turasóireachta Dhún na nGall gan dabht ar bith.

Rinne an *Go Visit Donegal Brochure*, a d'ullmhaigh an Fóram d'Earnáil Turasóireachta Dhún na nGall sa bhliain 2015, próifíliú ar réimsí ar nós; áineas tuaithe agus turasóireacht eachtraíocht, turasóireacht bia, tionscnaimh cultúrtha agus oidhreachta agus tá siad curtha i láthair thíos.

**7.1.1 Gníomhaíocht agus Eachtraíocht Turasóireachta**

**Dún na nGall – An Príomhionad d'Eachtraíocht Lasmuigh**

Tá an líon is airde sa tír ag trí thrá dhéag (13) de Thránna Brataí Goirme i nDún na nGall agus cuireann siad raon leathan gníomhaíochtaí eachraíochta agus spórt uisce ar fáil ó Chadhcáil, Clársheoltóireacht nó Tumadóireacht Domhainfharraige do dhaoine ar mhaith leo a bheith amuigh faoin aer. Sa bhreis air sin, tá líon scoileanna tonnmharcaíochta ann a chuireann cóiríocht ar ardchaighdeán ar fáil, ceachtanna tonnmharcaíochta agus pacáistí báid ar cíos atá iomaíoch. Tá ar chumas an té ar ansa leo galf, galf a imirt ar ghalfcúrsaí den scoth ar nós, Galfchúrsa Bhaile Lifín, Galfchúrsa Dhún na nGall, Galfchúrsa na Fearthainne, agus Port Nua, Galfchúrsa Phort an tSalainn agus Galfchúrsa Mhachaire Loiscthe srl (*Féach Tábla 1 & 3 Aguisín 7).*

**Dún na nGall – Parthas do Shlatiascairí**

Tá aibhneacha atá glan, a bhfuil cáil orthu mar gheall ar thorthúlacht an bhradáin, an iliomad breac geal agus iascaireacht géime fiáine á mhaíomh ag an gContae, a mheallann slatiascairí ó gach cearn den domhan. Cuireann cósta an Atlantaigh slatiascaireacht cladaigh ar fáil agus tá domhainiascaireacht ar fáil freisin. Tá stoic éisc atá flúirseach, báid cairtfhostaithe ceadaithe slatiascaireachta farraige leis an trealamh iomlán á dtairiscint ag Dún na nGall, agus raon leathan láithreacha neamhghnácha atá go hálainn ar fud an Chontae. (*Féach 2 Aguisín 7)*

**Dún na nGall – Tírdhreach Slí-Mharcáilte**

I nDún na nGall tá ar chumas an té a bhfuil eachtraíocht á lorg aige/aici raon leathan cosán siúlóide a thriail amach ar nós, Slí Colmcille, an Mám Mór, Slí na Cruaiche Goirme, Droim Bó, Cnoc Fola, Páirc Fhoraoise an Ardaidh; is féidir leo dul i mbun na fánaíochta trí roinnt de na sléibhte is suntasaí agus is mó le rá sa tír, mar shampla; an Earagail, an Mhucais, Sliabh Sneachta, Cnoc Iorrais, Sliabh Liag srl; is féidir rothaíocht feadh 1000 km de bhealaí rothaíochta cois cósta agus intíre, nó marcaíocht capaill nó capaillín trí aon cheann de na 11 Ionad Eachtraíochta Eachaíochta sa Chontae (Féach Tábla 3 Aguisín 7).

Tá saoráidí spóirt agus caitheamh aimsire atá nua-aimseartha sa Chontae, mar shampla; Ionad Spóirt agus Caitheamh Aimsire Leitir Ceanainn; Cumann Lúthchleasa Finn Valley Sraith an Urláir; Ionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Ghartáin; Waterworld Bun Dobhráin, gan trácht ar go leor eile.

**Páirceanna agus Limistéir Súgartha**

Leagan Tábla 4 Aguisín 7 amach raon Páirceanna agus Gairdíní i gContae Dhún na nGall. Cuireann Gleann Bheatha páirc ar fáil ar díol spéise turasóireachta den scoth í don Chontae, a mheallann níos mó cuairteoirí chun an Chontae ar bhonn bliantúil ná aon ionad eile sa

Chontae. Sa bhreis air sin, tá líon páirceanna baile ann atá scaipthe ar fud lonnaíochtaí móra sa Chontae. Tá Áiteanna Súgartha agus Mionpháirceanna Imeartha ar na saoráidí is cothroime atá roinnte sa Chontae, le ceann amháin nó níos mó laistigh de 10 km do gach príomhlonnaíocht.

### 7.1.2 Turasóireacht Bia

D'aithin Fáilte Éireann, sa bhliain 2009, gur chaith 9.8 milliún turasóir ó thar lear €1.2 billiún ar bhia agus ar dheoch. Nuair a fheidhmítear na figiúirí sin i gcomhthéacs Dhún na nGall don bhliain 2013, léirítear gur chaith 199,000 turasóir ó thar lear €25 milliún ar an meán ar bhia agus ar dheoch sa Chontae. Nuair a thógtar acmhainn na hearnála san áireamh, tá sé tábhachtach láidriú a dhéanamh ar an mbonn táirgeora reatha lena chinntiú go bhfuil líon mór agus líon tréan de tháirgeoirí ar fud na n-earnálacha éagsúla.

Chuir Straitéis Bia Dhún na nGall fís shoiléir i láthair maidir leis an méid sin a bhaint amach 'trí oibriú i gcomhar le chéile le cáil a bhaint amach do Dhún na nGall ó thaobh bia agus aitheantas a bhaint amach dó mar réigiún ceannródaíoch maidir lena chur chuige i leith cothú a dhéanamh ar ghnóthaí bia atá ann cheana agus cur le gnóthaí nua bia a thosú suas'.

- Cur leis an méid gnóthaí nua tosú suas, bunaithe ar tháirgí bia ceardaí agus gnóthaí tosú suas breisluacha araon
- Cur le deiseanna do bhialanna, óstáin, miondíoltóirí le comhábhair atá á dtáirgeadh go háitiúil a fháil ar phraghsanna iomaíoch.
- Margaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar Dhún na nGall mar Réigiún Bia trí Bhranda an Chósta Bia
- Cur le comhordú na straitéise bia sa Chontae trí Chomhordaitheoir Bia.

Tá teicnící sonracha feirmeoireacht agus iascaireachta mar thoradh ar shuíomh uathúil agus ag timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall. Tá táirgeadh bia atá sonrach do Dhún na nGall mar thoradh air sin arís, go háirithe sna ceantair is iargúlta agus is deacra agus is lú lena mbaineann táirgeacht talmhaíochta. Leanann an earnáil agraibhia de bheith ag fás de réir mar atá níos mó brandaí dúchasach á bhforbairt agus á scaipeadh ar bhonn leathan tomhaltóra. Cuireann tograí táirgí den sórt sin deis ar fáil do phobail tuaithe le sruthanna eile ioncaim a aimsiú agus a bhunú trí chur le luach agus trí fhostaíocht a chruthú lasmuigh de tháirgeadh príomhúil talmhaíochta agus iascaireacht.

Tá deis ann freisin le táirgeoirí áitiúla den sórt sin a cheangal leis an líon turasóirí atá ag tabhairt cuairte ar Dhún na nGall agus atá ag dul i méid. Tá sé mar aidhm le Cósta an Bhia – Tionscnamh Bia Maith Dhún na nGall feidhmiú go foriomlán mar ardán lárnach le Dún na nGall a bhunú mar "Chontae Bia" – áit ina bhfuil cultúr geilleagar bia atá bríomhar. Cuireann Slí an Atlantaigh Fhiáin bealaí ar fáil atá éasca le rochtain don mhargadh domhanda atá ag dul i méid go leanúnach do tháirgeoirí áitiúla. Tá cur chuige comhordaithe riachtanach, áfach, lenár raon táirgí a chur ar taispeáint ag imeachtaí agus ag margaí, mar chuid de thurais, srl.

Cuireann Caibidil 5, Talmhaíocht, Iascaireacht agus Foraoiseachta tuilleadh mionsonraí ar fáil maidir le deiseanna le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár n-earnálacha bia atá ag dul i méid, ar nós uaineoil orgánach ó Shléibhte Dhún na nGall, mil Dhún na nGall, muca oileáin, feamainn srl.

### 7.1.3 Turasóireacht Chultúir

Rinneadh cuir síos i gCaibidil 6 ar earnáil láidir chultúrtha Dhún na nGall atá comhdhéanta de mheascán uathúil de chleachtóirí, saoráidí agus seirbhísí. Leanadh le hinfheistíocht a dhéanamh i maoiniú cultúrtha agus ealaíona i Leitir Ceanainn ó fhoinsí áitiúla go foinsí náisiúnta, lena n-áirítear Amharclann an Ghrianáin (310k in 2013), an tIonad Cultúir Réigiúnach (€135,000 – an Chomhairle Ealaíon in 2013), Iarsmalann Chontae Dhún na nGall (maoiniú deontais 2011-2013).

**Fíor 3:** Staidéar Turasóireachta Fáilte Éireann 2013

| Cúiseanna le Cuairt a Thabhairt ar Dhún na nGall/Sligeach? | |
|---|---|
| Radharc Tíre/Taobh Tíre Álainn | 80% |
| Daoine Deasa/Cairdiúla | 66% |
| Síochánta/Suaimhneach | 61% |
| Stair/Cultúr | 47% |
| Neart le déanamh agus le feiceáil | 46% |
| Cultúr Traidisiúnta | 41% |
| Neart rudaí is díol spéise | 41% |

Tá Oidhreacht Thógtha, Nádúrtha agus Chultúir atá saibhir i nDún na nGall. Fiosraítear na sócmhainní agus na gnéithe uathúla go mion i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 4, mar go gcuireann siad táirge uathúil turasóireachta ar fáil trínár n-ainmniúcháin maidir lenár n-oidhreacht nádúrtha. Déanann na hainmniúcháin Dúlra astu féin suas beagnach aon cheathrú cuid de chlúdach Talún Dhún na nGall (gan uiscí amach ón gcósta san áireamh). 46 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (333 CmC); 26 Limistéar faoi Chosaint Speisialta (306 CmC); 14 Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (21 CmC); tá 80 Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Beartaithe (314 CmC); 7 nAnaclann Náisiúnta Dúlra (11 CmC). Tagann oidhreacht seandálaíochta an Chontae i bhfoirm 3,129 Láithreán agus Séadchomhartha. I dtéarmaí oidhreacht ailtireachta an Chontae, aithníonn an Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta 1,782 foirgneamh i nDún na nGall agus tá 375 acu seo ar Thaifead Struchtúir Chosanta an Chontae.

## 7.2 Bonneagar agus Cóiríocht Turasóireachta

Tá an iliomad cáilíochtaí ag Dún na nGall le Contae atá thar a bheith rathúil a chruthú i dtéarmaí forbairt turasóireachta amach anseo. Cuireann imeallbhord garbh, tírdhreach atá tarraingteach, Contae atá saibhir ó thaobh na hoidhreachta agus an chultúir, nádúr uathúil agus flaithiúil na ndaoine agus forbairt Slí an Atlantaigh Fhiáin, i gcomhar le chéile, deiseanna gan teorainn ar fáil nach mór úsáid iomlán a bhaint astu, agus ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach cuiditheach agus éifeachtach le bonnsraitheanna a leagan síos atá dlúth agus láidir araon. Bonnsraitheanna ar féidir tógáil orthu le cur an méid is fearr is féidir le cumas eacnamaíochta an Chontae do na glúine amach anseo.

### 7.2.1 An Bonneagar Turasóireachta atá Riachtanach

Tá an saibhreas tarraingtí atá leagtha amach sa chuid roimhe seo scaipthe go líonmhar fud fad an Chontae. I dtéarmaí rochtain chuig an gceantar seo, taistealaíonn 74% de thurasóirí i gcarr príobháideach, 15% i gcóiste príobháideach, baineann 5% úsáid as iompar poiblí agus baineann an 6% eile úsáid as bealaí eile[22]. Is i gcarr, beagnach i gcónaí, nó ar thurais i gcóiste feadh an bhealaigh áilleachta ar nós Slí an Atlantaigh Fhiáin agus an *Atlantic Drive*, a

[22] Staidéar Turasóireachta Fáilte Éireann 2013 – Dún na nGall/Sligeach

bhaineann turasóirí rochtain amach. Éilíonn an taisteal bóthair seo raon seirbhísí riachtanacha, lena n-áirítear;

**Leithris Phoiblí**

Tá an easpa saoráidí leithris phoiblí léirithe i líon tuarascálacha de chuid na meáin le blianta beaga anuas ag láithreacha éagsúla ar fud an Chontae. Dhírigh tuarascálacha den sórt sin ar an easpa leithris phoiblí, ar fhadhbanna cothabhála chomh maith le dúnadh roinnt leithris phoiblí i líon bailte i nDún na nGall. Áirítear ar sholáthar reatha leithris phoiblí sa Chontae, 15 saoráid den sórt sin atá á soláthar ar fud an Chontae, agus tá 7 gcinn dúnta faoi láthair. Le soláthar níos leithne seirbhísí den sórt seo a chumasú, beidh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá ann i láthair na huaire, ag súil le saoráidí atá dúnta faoi láthair a oscailt arís nó saoráidí nua a chur ar fáil san áit nach bhfuil aon saoráidí faoi láthair. D'fhéadfadh siad seo a bheith úsáideach, go háirithe i lonnaíochtaí móra nó ag príomhláithreacha turasóireachta ar fud an Chontae.

**Limistéir Picnice & Láithreacha Amhairc**

De réir Suirbhéireacht Ordanáis Éireann tá an iliomad limistéir picnice agus láithreacha amhairc i nDún na nGall, tá siad sin suite in áiteanna ar nós; Mainistir an Ardaidh, Ludden Bun Cranncha, Grianán an Aileach, Bun Dobhráin, Baile Mhic Comhghaill, Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Leitir Ceanainn, Paiteagó srl. Cuireann siad sin deiseanna fánaíochta ar fáil do thurasóirí ó thaobh stopadh agus taitneamh a bhaint as timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall agus cuireann siad sár-láithreacha ar fáil freisin le haghaidh fiontair corr-thrádála do phobail tuaithe. Cuireann saoráidí a bhaineann le turasóirí ag na láithreacha seo deis ar fáil le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an turasóireacht sna ceantair seo. Ba chóir go mbeadh eolas maidir le taitneamhachtaí áitiúla, imeachtaí agus seirbhísí agus i ndáil le saoráidí dramhaíola agus athchúrsála srl., ar taispeáint ag saoráidí den sórt sin. Tá sé tábhachtach go mbeidh na saoráidí atá riachtanach sna láithreacha sin.

**Saoráidí Carbháin**

Léirigh taighde le gairid faoi stiúir mhic léinn an ITLC an easpa seirbhísí sonracha atá ann agus atá riachtanach do thurasóirí carbháin sa Chontae. Is sampla den scoth de shaoráid mar seo, ná an tsaoráid a osclaíodh i mBun Cranncha sa bhliain 2013, tá soláthar den sórt seo ag teastáil, áfach agus an iliomad láithreacha sa taobh tíre. Cuireann an bhearna seo sa tseirbhís deis ar fáil do phobal tuaithe le pointí seirbhíse a sholáthar do charbháin mar fhorlíonadh ioncaim as féin nó i gcomhar le seirbhísí atá ann cheana féin ar nós, tithe tábhairne, siopaí, tithe leaba & Bricfeasta, ionad gníomhaíochtaí, srl.


**Tionchar Timpeallachta - Bruscar & Athchúrsáil**

D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag ardú ar líon na gcuairteoirí ar ár dtimpeallacht. D'fhéadfadh sé sin tarlú i go leor bealaí, ar nós go gcuireann an iomarca daoine nó feithiclí as do dhromchla atá leochaileach, nó san áit a bhfuil dumpáil ar siúl. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu seo go léir ar ár dtimpeallacht nádúrtha, a chiallaíonn an pointe tosaigh taitneamhachta, i go leor cásanna, don líon mór turasóirí chun an Chontae. Tá sé tábhachtach go gcuirfear bearta agus cláir i bhfeidhm agus go bhforfheidhmítear iad lena chinntiú go bhfuil rialú á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin agus go bhfuiltear ag fáil réidh le tionchair den sórt sin. Ní mór scrúdú a dhéanamh arís ar leibhéil na saoráidí bruscair agus athchúrsála i bhfianaise an ardaithe shuntasaí ar líon na gcuairteoirí.

### 7.2.2 Cóiríocht


Cuireann Fáilte Éireann clár d'aonaid chóiríochta de réir contae ar fáil gach aon bhliain faoina scéim maidir le dearbhú cáilíochta. Tógadh amach iad seo do Dhún na nGall in 2015[xxv] agus tá siad cónasctha lena limistéar baile faoi seach. Tá siad seo curtha i láthair maidir le Slí an Atlantaigh Fhiáin, le fáil ar chóiríocht le freastal ar an eolas is deireanaí ar éileamh a léiriú, ag tabhairt na rathúlachta a ghabhann le Slí an Atlantaigh Fhiáin san áireamh. Léiríonn sé seo go bhfuil 3,750 aonad feadh 550cm den tslí i láthair na huaire. Aithníonn anailís gheografach tiúchan soláthar cóiríochta suite timpeall ar na príomhlonnaíochtaí. Ag glacadh leis gurbh aonaid bhreise iad seo feadh na slí nach bhfuil ceadaithe, mar sin féin, léirítear éileamh ar sholáthar cóiríochta atá ag dul i méid. An acmhainn le feirmeacha a aistriú ina soláthar cóiríochta.

**Fíor 4: Aonaid Chóiríochta Ceadaithe i nDún na nGall**




Léiríonn scrúdú ar dháileadh aonaid chóiríochta cheadaithe Fáilte Éireann go bhfuil Earnáil na nÓstán i gceannas, ag cur 69% den na haonaid go léir sa Chontae ar fáil. Cuireann na leibhéil íseal soláthar ar fud na n-earnálacha eile deis ar fáil do phobail tuaithe leis an easnamh seo a dhéanamh suas trí athruithe ar scála beag ar thithe feirme atá ann cheana, foirgnimh lasmuigh agus talamh a bheith ar fáil do champáil agus do pháirceáil carbhán. As na 248 aonad atá ar fáil trí champáil agus páirceáil carbhán, tá siad sin suite i 6 shuíomh (tá 3 cinn acu sin suite i gceantar na nDúnaibh/Ros Goill, 1 i mBéal Átha Seanaidh, 1 i bPort an tSalainn agus 1 i Rosbeg) a fhágann réimsí móra de Shlí an Atlantaigh Fhiáin gan aon chóiríocht cheadaithe den sórt sin.

**Fíor 5: Dáileadh Aonaid de réir Cineál Cóiríochta i nDún na nGall 2015**




*(Eochair Eolais: Carbhán & Campáil; Tithe Aíochta; Iostas Féinfhreastail; Brúnna; Óstáin; Leaba & Bricfeasta)*

## 7.3 Anailís Riachtanais Ceantair: Ag Cur lenár Turasóireachta atá Láidir

Tá na comhpháirteanna go léir ag Dún na nGall le bheith chun cinn i dtéarmaí turasóireachta. Tá bonn láidir turasóireachta ann cheana féin agus tá ardú ag teacht ar líon na dturasóirí ar bhonn bliantúil. Tá sé riachtanach anois go mbeidh seirbhísí turasóireachta atá ar ardchaighdeán ar fáil le freastal ar an ardú seo. Tá deis shoiléir ann anois do phobail tuaithe leas a bhaint as an tionscal seo atá ag dul i méid, agus má dhéantar é sin cuirfear tuilleadh le taithí an chuairteora, lena n-áirítear rochtain níos mó chuig réimse eolais a éilíonn cuairteoirí chun an Chontae. Chun é sin a bhaint amach, tá forbairt atá níos spriocdhírithe riachtanach sna réimsí seo a leanas:

**Margaíocht & Cur Chun Cinn:** Cé go bhfuil margaíocht straitéiseach ar siúl go rathúil i dtéarmaí an Chontae a chur chun cinn mar áit iontach le cuairt a thabhairt air, ní mór do ghníomhaireachtaí, pobail, gnóthaí agus daoine aonair níos mó chur chun cinn a dhéanamh go háitiúil, lena chinntiú go bhfuil turasóirí ar an eolas maidir leis na méideanna ollmhóra taitneamhachtaí ar fud an Chontae agus conas iad a rochtain. Tá sé tábhachtach feasacht a chruthú laistigh de phobail maidir le ról gach duine i gcur chun cinn na turasóireachta. Tá deiseanna suntasacha ann le forbairt a dhéanamh ar fheidhmchláir ar líne agus ar fheidhmchláir is féidir a íoslódáil chun cabhrú le turasóirí a mbealach a dhéanamh timpeall an iliomad slí agus leis an líon mór taitneamhachtaí agus seirbhísí atá le fáil sa Chontae a aimsiú. Ní mór go mbeidh tionscnaimh den sórt sin comhordaithe, inoiriúnaithe agus cuimsitheach.

**Éagsúlú Tuaithe:** De réir mar atá líon na gcuairteoirí ag ardú, ní mór go mbeidh pobail tuaithe, gnóthaí agus daoine aonair ullmhaithe le leas a bhaint as an acmhainn luachmhar seo trí fhiontair agus seirbhísí nua a bhaineann leis an turasóireacht a chruthú. Ní amháin go mbeidh feabhas ag teacht ar an méid atá ar fáil do thurasóirí, cuirfidh sé le hioncam do phobail tuaithe freisin. Tá sé seo tarraingteach go háirithe do na pobail seo feadh Slí an

Atlantaigh Fhiáin, áit a bhfuil deiseanna le húsáid a bhaint as tithe atá folamh agus as struchtúir eile le cóiríocht, caife, siopaí, srl., a sholáthar.

**Rochtain ar Chaitheamh Aimsire a Chruthú:** Tá acmhainn ollmhór i measc pobail tuaithe sa Chontae le forbairt a dhéanamh ar chosáin turasóireachta mar bhealach le hardú a chur ar líon na dturasóirí go háitiúil trí chur chun cinn na ngnéithe oidhreachta tógtha, cultúrtha agus nádúrtha uathúil atá ar scála níos lú nó nach bhfuil mórán eolais orthu, ar nós longa báite, suíomhanna geolaíochta, ár n-oileáin uathúil, bailte agus sráidbhailte stairiúla, seandálaíocht, éin agus ainmnithe neamhghnách agus ár n-ardtailte, srl.

**Comhordú a dhéanamh ar an méid atá le cur ar fáil againn ó thaobh na Turasóireachta:** Tá go leor deiseanna ann do chuideachtaí atá ann cheana féin agus do chuideachtaí nua in earnáil na turasóireachta lena gcuid seirbhísí a chur le chéile ar mhaithe le pacáiste saoire atá ullmhaithe ceana a chur ar fáil agus leas á bhaint as an iliomad ceann scríbe agus gníomhaíochtaí ar fud an Chontae.

**Bonneagar Turasóireachta:** Agus líon na gcuairteoirí ag ardú, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil saoráidí leordhóthanacha ar fáil ar fud an Chontae. Tá sé seo tábhachtach go háirithe mar gheall ar nádúr soghluaiste tionscal turasóireachta Dhún na nGall mar thoradh ar thionscnaimh ar nós Slí an Atlantaigh Fhiáin. Ní mór do ghnóthaí agus do phobail a gcuid a dhéanamh ó thaobh leithris phoiblí, páirceáil agus seirbhísí dramhaíola a sholáthar. Ní mór do thionscadail agus do thionscnaimh a chinntiú go gcuirtear na seirbhísí seo ar fáil.

**Forbairt Táirgí Turasóireachta:** Spreagtar forbairt táirgí turasóireachta nua agus leathnú táirgí turasóireachta atá ann cheana. Tá go leor deiseanna a chur ar fáil ag réimsí dár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus cultúrtha le taithí difriúil a thabhairt don turasóir, mar shampla, spórt uisce, marcaíocht capall, siúlóid, ailleadóireacht, imeacht ó oileán go hoileán, cúrsóireacht ar lochanna farraige agus ar uiscí intíre. Tá deiseanna ann le héascú a dhéanamh ar thurasóirí agus ar phobail áitiúil araon le roghanna iompair atá níos sábháilte agus níos glaise trí fhorbairt a dhéanamh ar ár gcuid bealaí uisce, cosáin nach bóithre iad agus bealaí rothaíochta.

**Diaspóra:** Trí thionscnaimh ar nós an Bhailiúcháin tá na láidreachtaí agus na buntáistí a bhaineann leis an Diaspóra soiléir. Spreagtar tionscnaimh eile le teagmháil a dhéanamh leis an Diaspóra, go háirithe ó thaobh dearcadh turasóireachta.

**Cóiríocht & Saoráidí Coimhdeach:** Taispeánann scrúdú tosaigh ar leibhéil chóiríochta ar fud an Chontae, riachtanais atá ann cheana agus riachtanais a bheidh amach anseo le cur le raon leathan láithreacha. Tá sé aitheanta ag suirbhéanna turasóireachta le déanaí go bhfuil cuairteoirí chun an réigiúin ag lorg taithí chóiríochta uathúil mar chuid dá saoire. Dá bhrí sin, fáiltítear roimh thionscadail a dhéanann iarracht cur leis an soláthar cóiríochta ar nós athúsáid fhoirgnimh stairiúla agus foirgnimh uathúla, struchtúir agus nithe. Áirítear mar mhalairt air sin, raon roghanna glampála, páirceáil agus seirbhísí do charbháin, bothaí, struchtúir thalmhaíochta agus tionsclaíoch nach bhfuil in úsáid níos mó, faighneoga srl.

[i] Mar gheall ar rúndacht sonraí níl sraith iomlán sonraí staitistiúla ar fáil do Bhaile Gleann Aola, dá brí sin, tá an anailís a leanas bunaithe ar 60 baile

[ii] An Ríocht Aontaithe, nó Polannach, Liotuánach, 27 Eile an AE, nó an Chuid Eile den Domhan

[iii] Is ionann an fórsa saothair iomlán agus an méid daoine atá ag obair, dífhostaithe agus ina gcuardaitheoirí post den chéad uair agus b'ionann é sin in 2011 agus 33,132 duine

[iv] 44,247 Duine

[v] Tá ardú de bheagán tagtha ar uirbiú i gContae Dhún na nGall ó 2006 áit a raibh 25% den daonra ina gcónaí i gceantair uirbeacha comhiomlána. Is iad an dá bhaile a thagann faoin gcatagóir uirbeach comhiomlán, An Bun Beag-Doirí Beaga agus Leifear. Sa bhreis air sin chaill Bun a Phobail agus Conmhaigh amach ar an rangú seo de bheagán in 2011

[vi] http://healthland.time.com/2013/07/29/were-living-longer-and-healthier/

[vii] *The All-Island Research Observatory (AIRO)*

[viii] D'fhéadfadh líon cúiseanna a bheith leis sin, sa mhéid nach raibh an líon tí ag iarraidh rochtain, d'fhéadfadh sé nach raibh ceangail ar fáil, srl

[ix] Ag fágáil gníomhaíochtaí cuideachtaí sealbhaíochta as an áireamh

[x] I gComparáid le -13.8% ar bhonn náisiúnta

[xi] I gComparáid le 3.7% ar bhonn náisiúnta

[xii] Atá á ríomh mar líon na ndaoine atá dífhostaithe nó cuardaitheoirí poist den chéad uair mar chéatadán den fhórsa saothair

[xiii] 28% sa Stát

[xiv] 18% sa Stát

[xv] 28.9% in 2006

[xvi] Is ionann bithmhais agus breosla a bhaintear as ábhair orgánach agus foinsí in-athnuaithe agus foinsí fuinneamh inbhuanaithe ó smionagar foraoiseachta, fuílleach ó chrainn leagtha, barraí áirithe, aoileach, srl

[xvii] 48% den leathanduilleach go léir i nDún na nGall.

[xviii] 28% den leathanduilleach go léir sa Stát

[xix] http://www.sfpa.ie/Sea-FisheriesConservation/FisheriesStatisticsandQuotaUptake/AnnualLandingStatistics.aspx

[xx] Mar shampla; Gabhla, Árainn Mhór, Toraigh, Inis, Inis Bó Finne srl

[xxi] Mar shampla; Tullan Strand, Ros Neamhlach, Fintra Bay, Marble Hill srl

[xxii] Lonnaithe i mBaile Lifín, Muragh, Srath an Urláir, Bun Cranncha srl

[xxiii] Páirc Foraoise an Ardaidh; Páirc Náisiúnta Ghleann Beatha; Páirc Swan, Páirc Baile Bhaile Mhic Comhghaill; Barrack Hill srl

[xxiv] Caisleán Dhún na nGall, Caisleán Inse, An Lios ag Grianán an Aileach, Liagchiorcal ag an Bhealtaine, Cromleac ag Kildonney, srl

[xxv] Clár Cóiríochta, 2015 Fáilte Éireann